www.gaelsceal.ie



**Tá an todhchaí feicthe agam!**
L. 18



**An Rogha Núicléach?**
L. 20



**Lámh in uachtar ag na Talabanaigh?**
L. 5

**An bhfuil leigheas sa nádúr?** L. 22





**An Cúinne Suaimhneach**
L. 16

ISSN 2009-3055

# Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

09.07.2010

€1.65 (£1.50)
Uimh. 16

# Urlabhraí Gaeltachta gan Ghaeilge ceaptha ag Enda Kenny

**Le Meadhbh Ní Eadhra**

IS é Frank Feighan urlabhraí nua Fhine Gael ar Ghnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta. Ceapadh ar bhinse tosaigh nua Enda Kenny an tseachtain seo caite é agus glacann sé áit Michael Ring, atá anois mar urlabhraí Coimirce Sóisialaí an pháirtí.

Níl urlabhraí Gaeltachta nua Fhine Gael cinnte faoi na "fadhbanna" atá ann sna ceantair Ghaeltachta agus deir sé go bhfuil aird tarraingthe ar fhormhór na gceisteanna móra cheana.

Mar cheann de phríomhpháirtithe freasúra an rialtais, tá Fine Gael ag súil go néireoidh leo a bheith i gcumhacht sula i bhfad.

Más é Frank Feighan a bheidh mar chéad Aire Gaeltachta eile, céard atá i ndán dúinn?

Deir Frank go bhfuil "Gaeilge an-teoranta" aige, agus go mbeidh sé ag déanamh iarrachta cúpla focal nó "b'fhéidir cúpla líne" a fhoghlaim amach anseo. Ní chreideann sé go bhfuil sé "róthábhachtach" go mbeadh Gaeilge ag an té a cheaptar sa phost seo.

Ag caint faoi leathnú na Gaeltachta agus faoi phobail Ghaeilge i gceantair uirbeacha, deir Feighan go bhfuil an obair ar fad atá á déanamh i mBéal Feirste agus i nDoire "go hiontach", agus gur "eiseamláir" iad na háiteanna seo den bhealach gur cheart don Ghaeltacht a bheith. Beidh an tUasal Feighan ag dul ar cuairt chuig formhór na gceantar Gaeltachta sna míonna amach romhainn agus é ag iarraidh "dul i dtaithí" ar a phost.

Tá an t-agallamh iomlán le Frank Feighan le léamh ar lch 4 den pháipéar.



Frank Feighan

## Ní Dhearna Mise Dada

GRIANGHRAF: LEON FARRELL PHOTOCALL IRELAND.




**Jeannie Gilmore ag an Dáil an tseachtain seo le linn máirseála ag cur i gcoinne phleananna an Rialtais gearradh siar a dhéanamh ar sheirbhísí do dhaoine le riachtanais speisialta fisiciúla agus intleachtacha.**

## Príomhfheidhmeananach nua do MFG

**Le Treasa Bhreathnach**

TAR éis 19 mbliana a chaitheamh mar phríomhfheidhmeannach ar Meitheal Forbartha na Gaeltachta tá Antaine Ó Sé chun éirí as a phost ag deireadh na míosa seo. Tuigtear dúinn go bhfuair bord MFG ríomhphost ar an Satharn seo ag cur in iúl dóibh go raibh sé i gceist ag Antaine Ó Sé éirí as a phost.

Ní raibh aon leid tugtha don bhord go raibh a leithéid i gceist aige roimhe seo. Deir Antaine faoin bhfáth go bhfuil sé ag éirí as, "tá mo chuid déanta agam ag na bpointe seo, táim gar do 70 bliain d'aois agus é in am agam sos a thógáil. Tá obair mhaith déanta ag MFG le linn mo thréimhse ann, thosaigh muid amach le duine amháin i 1991 agus ag an deireadh bhí 387 duine againn, cé go ndeachaigh 243 acu siúd go dtí an Údarás. Táim bródúil as an méid a bhain muid amach, tá ár rian féin fágtha againn ar an nGaeltacht agus tá muid tar éis éisteacht leis an bpobal agus freastal orthu," a deir Antaine. Bhí comhráití ar siúl anuraidh ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta ag féachaint le MFG a chomhnascadh le hÚdarás na Gaeltachta. Tá iniúchadh fós á dhéanamh ag an eagraíocht Pobal ar Mheitheal Forbartha na Gaeltachta faoi threoir a thug an t-iar-Aire Gaeltachta, Éamon Ó Cuív.

*Ar lean ar leathanach 2*

**IDIRNÁISIÚNTA**

### Buamaí Bhaghdad

MARAÍODH ar a laghad 60 duine agus gortaíodh níos mó ná 300 i mBaghdad le trí lá anuas, le buamaí dírithe ar oilithrigh Mhoslamacha Shíacha. Tá bearta sábháilteachta curtha i bhfeidhm, i bhfoirm baic bhóthair agus faireachais. Deir oifigí slándála go bhfuil 200,000 póilín agus saighdiúir ann chun na hoilithrigh a chosaint. In ainneoin na n-ionsaithe, d'fhán na mílte oilithreach don fhéile reiligiúnach ag an scrín Musa Kadhim.

### Díoltas an Tairbh

GORTAÍODH Éireannach agus é ag glacadh páirte i bhféile San Fermín i bPamplona sa Spáinn. Gortaíodh seachtar san iomlán. Tuairiscítear i bpáipéar laethúil na Spáinne El Pais gur sháigh an tarbh an fear ina chois chlé. Tuigtear nach bhfuil sé i mbaol bás a fháil. Ritheann na tairbh gach maidin trí shráideanna Pamplona le linn na féile go dtí an réileán tarbh, áit a maraítear iad níos deireanaí an oíche sin.

| | |
|---|---|
| RÉIGIÚNACH | 8 |
| TUAIRIMÍ | 12 |
| CÚRSAÍ SAOIL | 16 |
| GNÓ | 18 |
| COMHSHAOL | 20 |
| BEATHA | 22 |
| OIDEACHAS | 26 |
| I measc an phobail | 28 |
| SPÓRT | 29 |

# 1 NUACHT NÁISIÚNTA

## Cúnamh carr armúrtha curtha ar fáil ag an PSNI

**Le Treasa Bhreathnach**

TÁ an PSNI tar éis 20 carr armúrtha a chur go Sasana chun cabhrú leis an gcuardach ar Raoul Moat, an fear a líomhnaítear gur scaoil sé a iar-chailín, gur mharaigh sé a páirtí agus gur ghortaigh sé duine de na póilíní. Tá níos mó cairr armúrtha ag an PSNI i dTuaisceart Éireann ná mar atá ag aon fhórsa póilíní eile sa Ríocht Aontaithe. Cuireadh na carranna armúrtha ar bhád farantóireachta go Sasana ar an Mháirt seo caite le húsáid ar an gCéadaoin. Is in oirthuaisceart Shasana atá na póilíní ag díriú a gcuardaigh agus ar an gCéadaoin fuaireadar campa ina gcreideann siad go raibh Raoul Moat ag codladh agus is ann afuaireadar litir uaidh dá iar-chailín Samantha Stobbart. Tá na póilíní ag tairiscint £10,000 d'éinne a chuireann eolas ar fáil dóibh a mbeadh gabháil Raoul Moat mar thoradh air.



Diarmaid Mac an Adhastair, Mairéad Ní Chuaig, Joe Steve Ó Neachtain agus cuid den chliar as 'Éistigí... Caithfear Éisteacht!', bunaithe ar scéal le Máirtín Ó Cadhain. Beidh sé ar stáitse i Seanscoil Shailearna in Indreabhán 19-25 Iúil @ 8i.n.

## Saoire trí mhí ag an Dáil

**Le Meadhbh Ní Eadhra**

CUIREADH tús le sos samhraidh na Dála inné agus beidh sí ar ais arís ag deireadh mhí Mheán Fómhair. Saoire dhá sheachtain déag atá ann. Deir páirtithe fhreasúra an rialtais nár cheart go mbeadh saoire trí mhí iomlána ag an Dáil agus chuir ceannaire Pháirtí an Lucht Oibre, Eamon Gilmore, brú ar an Taoiseach inné maidir leis na trí fhothoghchán atá in ainm is a bheith á reáchtáil. Le deich mbliana anuas, tá sé de nós ag an Dáil filleadh ó shaoire an tsamhraidh ar an gCéadaoin dheireanach de mhí Mheán Fómhair. Bhí eisceacht ann anuraidh nuair a d'fhill an Dáil ar an 16ú mí Mheán Fómhair le bheith ag díospóireacht faoi NAMA. Sa bhliain 2000, níor fhill na Teachtaí Dála go dtí an 3ú Deireadh Fómhair.

## Ní bheidh ciorruithe á dhéanamh: Harney

**Le Meadhbh Ní Eadhra**

DEIR an tAire Sláinte Mary Harney nach mbeidh seirbhísí faoisimh do dhaoine faoi mhíchumas á n-aistarraingt. Deir an tAire Stáit le freagracht do mhíchumais, John Moloney, nach mbeidh buiséad Bhráithre na Carthanachta, a chuireann seirbhísí faoisimh ar fáil i nGaillimh, á ghearradh le €2 mhilliún. Bhuail toscaireacht ó Sheirbhísí Bhráithre na Carthanachta leis an Aire Sláinte Mary Harney agus leis an Uasal Moloney inné chun na ciorruithe a phlé. Dheimhnigh Moloney i ndiaidh na gcruinnithe nach mbeadh ciorruithe ag tarlú agus nach raibh sé i gceist ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) ciorruithe a dhéanamh ar sheirbhísí cosúil le cúram faoisimh. D'aontaigh Bráithre na Carthanachta agus an HSE freisin gur cheart ath-iniúchadh a dhéanamh ar an deireadh atá curtha le seirbhísí faoisimh i Luimneach. Deir an Taoiseach Brian Cowen go gcosnófar na daoine is soghonta sa tsochaí. Bhí os cionn 1,800 duine ar shráideanna Bhaile Átha Cliath Dé Céadaoin agus iad ag glacadh páirte i léirsiú in aghaidh na gciorruithe. Bhí os cionn míle duine ag léirsiú i nGaillimh Dé Céadaoin freisin.

## Athruithe ar bhinse tosaigh Pháirtí an Lucht Oibre

TÁ Joe Costello tagtha in áit Tommy Broughan mar urlabhraí iompair ag Páirtí an Lucht Oibre. Chaill Tommy Broughan a aoireacht an tseachtain seo caite nuair a dhiúltaigh sé tacaíocht a thabhairt don pháirtí agus iad ag vótáil in aghaidh na leasuithe ar an Bhille Fiadhúlra. Tá Brendan Howlin tagtha in áit Joe Costello mar urlabhraí ar chúrsaí na hEorpa agus beidh sé fós freagrach as cúramaí bunreachta agus athchóiriú dlí. Ceapadh Pat Rabbitte go dtí an Coiste um Chuntais Phoiblí.

## Príomhfheidhmeananch nua do MFG

*ar lean ó leathanach a haon*

Tuigtear dúinn gur cuireadh cuid de thorthaí an iniúchta sin i láthair ag an gcruinniú boird deireanach a bhí ag Meitheal Forbartha na Gaeltachta agus cé go ndúradh nach raibh aon chur amú airgid i gceist bhí ceisteanna fós le freagairt acu maidir le bainistíocht maoinithe agus airgeadais. Deir Antaine Ó Sé, "Tá na hiniúchtaí ar fad déanta, agus níl aon fhadhb againn."

Tá cruinniú le bheith ag Bord Mheitheal Forbartha na Gaeltachta, áit a bpléifear impleachtaí dheireadh ré Antaine Uí Shé. Dhiúltaigh Meitheal Forbartha na Gaeltachta urlabhraí a chur ar fáil chun labhairt le Gaelscéal maidir le héirí as Antaine Uí Shé agus na himpleachtaí atá aige seo don eagraíocht. Beidh ar Mheitheal Forbartha na Gaeltachta an ceapachán d'oifig an 'Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin' a dhéanamh de réir gnáthnósanna a bhíonn i bhfeidhm maidir le poist den sórt sin san earnáil phoiblí agus phríobháideach, rud a chiallaíonn go mbeidh an post seo á fhógairt go poiblí.

## O'Leary dulta le Sinn Féin

**Le Caitríona Ní Chadhain**

D'FHÓGAIR iar-chomhairleoir an Pháirtí Ghlais, Chris O'Leary, inné go bhfuil sé le dul isteach i Sinn Féin. Beidh sé mar ionadaí don pháirtí ar Chomhairle Contae Chorcaí.

D'fhág O'Leary an Páirtí Glas in Eanáir 2009, mar agóid i gcoinne an treo a bhí an páirtí sin ag dul.

"Mheas mé gur trí dhul isteach i Sinn Féin is fearr a d'fhéadfainn cuidiúleis an rogha ailtéarnach pholaitiúil atá ag teastáil ón gcathair", a dúirt O'Leary.

Tháinig dúbailt ar ionadaíocht Shinn Féin ar Chomhairle Contae Chorcaí idtoghchán 2009.

"Tá mé cinnte go mbreathnóidh ionadaithe eile, atá ag lorg páirtí forásach a sheasann suas dá phobal, agus a thairgeann rogha éagsúil pholaitiúil, ar chinneadh Chris agus a gcás féin a mheas," a dúirt Leas-Úachtarán Shinn Féin, Mary Lou McDonald.

## Poist á gcailleadh ag Ryanair

**Le Treasa Bhreathnach**

TÁ sé beartaithe ag Ryanair 100 post a aistriú ó Bhaile Átha Cliath go tíortha eile Eorpacha. Beidh siad ag gearradh an méid aerárthaí lonnaithe i mBaile Átha Cliath ó 14 go dtí 12 le linn an Gheimhridh agus beidh gearradh de 150 ar eitiltí seachtainiúla. Tá sé beartaithe acu 6 aerbhealach a ghearradh, chomh maith le hacmhainní a laghdú ar 17 eile. Measann príomhfheidhmeannach Ryanair, Michael O'Leary, go bhfuil seans ann go gcaillfear 400 post.

Cruthaíonn gach milliún paisinéir 1,000 post agus, de bharr ghearradh siar na hairline, beidh laghdú de leathmhilliún paisinéir ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, mar sin beidh timpeall 500 post níos lú de dhíth ná mar a bhí.

**Gaelscéal**

**Trevor Ó Clochartaigh**
Bainisteoir Tionscadail
00353-91-536201
trevor.oclochartaigh@gaelsceal.ie

**Patricia Ní Chonghaile**
*Comhordaitheoir Táirgíochta*
00353-91-536201
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

**Ciarán Dunbar**
*Eagarthóir*
00353-91-536201
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

**Treasa Bhreathnach**
*Soláthróir Ábhair*
00353-91-536201
treasa.bhreathnach@gaelsceal.ie

**Gráinne McElwain**
*Soláthróir Ábhair*
00353-91-536201
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

**Meadhbh Ní Eadhra**
*Soláthróir Ábhair*
00353-91-536201
meadhbh.nieadhra@gaelsceal.ie

Le cabhair ó:
Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

# Cur i gcoinne reachtaíocht úr ar pharáideanna

le hAnton Mac Cába

TÁ idir ghrúpaí áitritheoirí náisiúnacha, ceardchumainn, shóisialaigh agus an tOrd Buí in éadan reachtaíocht nua atá dá moladh ar pharáideanna agus agóidí ó thuaidh. Molann an dréacht-reachtaíocht go mbeadh fógra 37 lá oibre riachtanach ag paráid nó agóid ar bith. Foilsíodh dréacht den bhille mar pháipéar comhairliúcháin ó Oifig an Chéad Aire agus an Leas-Chéad Aire.

Tháinig na moltaí seo ó ghrúpa oibre mar a raibh triúr ionadaí ó Shinn Féin agus triúr ón bPáirtí Daonlathach Aontachtach. Bhí Gerry Kelly, Aire Sóisearach in Oifig an Chéad agus an Leas-Chéad Aire, agus Michelle Gildernew, an tAire Talmhaíochta, ar an ghrúpa ó Shinn Féin.

Bunaíodh an grúpa de bharr fadhbanna atá le paráidí de chuid Oird na nDílseoirí i gceantair Chaitliceacha. Moltar deireadh a chur le Coimisiún na bParáidí, agus dhá eagraíocht nua a chur ina ionad. Tugann na moltaí daoine iontach difriúil lena chéile. Ar an suíomh idirlín Band Parades, tá píosa a scríobh an sóisialach Eamonn McCann ar an Derry Journal, mar a gcáineann sé an dréacht-reachtaíocht. Is do bhannaí buí, gur bannaí 'ciceáil an Pápa' cuid mhór acu, an suíomh idirlín Band Parades.

Má chloíonn an Feidhmeannas leis an reachtaíocht, dúirt McCann go mbeadh mórshiúil cearta sibhialta ina héadán i nDoire an 5ú Deireadh Fómhair, a leanfadh bealach mhórshiúl Cearta Sibhialta an 5ú Deireadh Fómhair 1968. "Thiocfadh le rudaí a mholtar ciall a dhéanamh faoi pharáid chonspóideach," ar seisean. "Ach faoi agóid in éadan dúnadh Aonaid Timpistí agus Éigeandála? Nó sléacht Gaza?"

Bhí grúpaí áitritheoirí náisiúnacha ar Bhóthar Garbhachadh i bPort an Dúnáin agus in Íochtar Ormeau i mBéal Feirste iontach gníomhach in éadan paráidí Buí le scór bliain anuas.

D'eisigh an dá ghrúpa comhráiteas mar a ndúirt siad nach raibh reachtaíocht chasta de dhíth, ach tabhairt faoi ar bhonn ciallmhar agus an beagán paráidí atá conspóideach a athródú ó cheantair Chaitliceacha: "In ionad déileáil leis an bheagán paráidí a chothaíonn fadhbanna, molann an reachtaíocht nua déileáil le gach paráid agus cruinniú amuigh faoin spéir ar an bhonn go bhfuil siad mar an gcéanna."

Dúirt urlabhraí thar ceann Shinn Féin gur próiseas comhairliúcháin atá ar siúl, agus gur féidir an reachtaíocht a athrú: "Tá fhios ag Sinn Féin na himpleachtaí a bhíonn ag agóid ar na sráideanna, níos fearr ná cuid de na daoine atá ag gearán faoi seo. Dúinne ag dul isteach ann, nílimid chun bac a chur ar dhuine ar bith agóid a dhéanamh, go háirithe ar cheardchumainn."

## Briseadh Croí ag ionchoisne faoi bhás ceathrar cailín

Le Treasa Bhreathnach

AG ionchoisne an tseachtain seo faoi bhás ceathrar scoláire óg d'inis an cróinéir do mhuintir an ceathrar ban nár fhulaing siad in aon chor sa timpiste thragóideach a tharla ar oíche an 17ú Samhain anuraidh. Labhair tiománaí na trucaile a thuairteáil isteach i gcarr na gcailíní agus dúirt, dá mbeadh sé féin ar an láthair cúpla soicind roimh an timpiste nó tar éis na timpiste go mbeadh an carr imithe isteach sa díog. Is iad Marie Ní Chonghaile (19) ó Bhaile na hAbhann, Conamara; Teresa Molloy (19) ó Leitir Móir; Sarah Byrne (20) ó Áth Cinn, Gaillimh agus Sorcha Rose McLaughlin (19) ó Mulgannon, Loch Garman a básaigh an oíche úd sin. Ba í Michelle O'Donnell ó Inis Mór a bhí ag tiomáint an chairr agus tá sí fós criticiúil san ospidéal.

Bhí beagnach 50 duine de mhuintir agus cairde na gcailíní i láthair ag an ionchoisne agus iad croíbhriste ag éisteacht le sonraí na timpiste agus gortuithe na gcailíní. Chuala an t-ionchoisne go bhfuarthas Marie Ní Chonghaile, Sarah Byrne agus Sorcha Rose McLaughlin marbh ag an láthair. Bhí Teresa Molloy agus Michelle O'Donnell criticiúil agus tugadh iad go hOspidéal Ginearálta Mhaigh Eo. Fuair Teresa Molloy bás agus iad ar an mbealach ann.

Dúirt tiománaí na trucaile, Patrick Kelly ó Bhaile an Daighin, Maigh Eo, go raibh duartan báistí níos luaithe sa lá agus go raibh sé ag cur báistí fós agus é ag tiomáint i dtreo láthair na timpiste. Dúirt sé go bhfaca sé soilse cairr os a chomhair agus gur tháinig siad i dtreo a thaoibhse den bhóthar. Dúirt sé chomh maith nach raibh aon am aige aon rud a dhéanamh.

D'iarr athair Sorcha Rose McLaughlin ar na húdaráis áitiúla agus ar an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta oibreacha forbartha a dhéanamh ag láthair na timpiste chun an píosa bóthair sin a dhéanamh níos sábháilte amach anseo.

Is é an breithiúnas a tugadh, de réir na fianaise liachta, gur básanna tionóisceacha a bhí ann. Ar dheis Dé go raibh a n-anamacha.

**Comhairle Chontae Dhún na nGall**
Donegal County Council

**Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2009**
**Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001-2009**
**Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta) 2004**

**Athbhreithniú ar Phlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2006-2012 agus ullmhú Plean Forbartha Contae nua**

Tugtar fógra leis seo, de bhun Chuid II, Alt 11 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 agus Airteagal 13B de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta) 2004, go bhfuil sé i gceist ag Comhairle Chontae Dhún na nGall athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Chontae Dhún na nGall 2006-2012, agus Plean Forbartha Contae nua a ullmhú dá limistéar feidhmeach.

Déanfaidh an tÚdarás Pleanála Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) mar chuid de phróiseas an athbhreithnithe agus, chun na críche sin, beidh feidhm le Tuarascáil Timpeallachta ar na héifeachtaí suntasacha is dócha a bheadh ag feidhmiú an phlean ar an timpeallacht agus beidh feidhm freisin le forálacha Airteagal 13C go 13J de na Rialacháin MST ó 2004.

Caithfidh tuarascáil scóipe don MST a bheith ar fáil ag céim an chomhairliúcháin tosaigh agus is féidir breathnú uirthi ar líne ag **www.donegalcoco.ie**

Le cabhrú le próiseas an athbhreithnithe ar an bplean tá cáipéis 'Páipéar Saincheisteanna' á ullmhú, cáipéis a shainaithníonn príomhshaincheisteanna beartais a bhféadfadh an Plean Forbartha nua aghaidh a thabhairt orthu. Cé nach gcuimsíonn sé gach rud, tá sé i gceist go gcothóidh an Páipéar Saincheisteanna díospóireacht ar shraith réimsí a bhaineann leis an ábhar, agus go gcuirfidh sé eolas ar fáil le haghaidh na díospóireachta sin. Beidh leagan amach dátheangach ar an bPáipéar Saincheisteanna.

Beidh an Páipéar Saincheisteanna ar fáil ó lár mhí Iúil agus, le breathnú air ar líne, cliceáil ar **www.donegalcoco.ie**. Beidh cóipeanna crua den cháipéis ar fáil freisin san Oifig Pleanála, Comhairle Chontae Dhún na nGall, Áras an Chontae, Leifear, sna Lárionaid Seirbhísí Poiblí i Leitir Ceanainn, i gCarn Domhnach, i mBaile Dhún na nGall agus sa Chlochán Liath, agus sna leabharlanna ar fud an Chontae.

Ag an gcéim tosaigh seo den Phlean, leanfaidh an tréimhse chomhairliúcháin **ó Dé hAoine an 9 Iúil 2010 go dtí Dé hAoine an 24 Meán Fómhair 2010**. Cuirtear fáilte roimh thuairimí, uiríll agus tráchtaí ón bpobal agus ó chomhlachtaí leasmhara. Ba chóir iad sin a dhéanamh i scríbhinn, 'Athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae' a bheith marcáilte orthu, agus iad a sheoladh chuig an duine a bhfuil a ainm leis seo thíos, nó tríd an ríomhphost chuig: **cdp.review@donegalcoco.ie, i gcaitheamh na tréimhse atá luaite thuas. Ná bíodh d'aighneacht ach in aon mheán amháin le do thoil, i.e. cóip chrua nó ríomhphost. Is é an dáta deiridh a nglacfar le haighneachtaí ná 4.30i.n. Dé hAoine an 24 Meán Fómhair 2010.**

Reáchtálfar sraith imeachtaí faisnéise i gcaitheamh na tréimhse comhairliúcháin. Cuirtear fáilte roimh an bpobal agus roimh ghrúpaí leasmhara freastal ar na himeachtaí sin. Fógrófar sonraí beachtaí de na dátaí, na hamanna agus na hionaid in am trátha sa phreas agus ar **www.donegalcoco.ie.**

Gerry Richards, Pleanálaí Sinsearach, An Lár-Aonad Pleanála, An Stiúrthóireacht Phobail, Chultúir agus Phleanála, Áras an Chontae, Leifear, Co. Dhún na nGall.

# Dúshlán Frank Feighan

Ar an gcéad lá den mhí seo, cheap ceannaire Fhine Gael, Enda Kenny, a bhinse tosaigh nua. Is é Frank Feighan a bheidh mar urlabhraí nua an pháirtí do ghnóthaí pobail, comhionannais agus Gaeltachta. Is as Mainistir na Búille i gContae Ros Comáin dó. Labhair sé, as Béarla, le **Meadhbh Ní Eadhra** faoina cheapachán nua.

"TÁ trí rud i gceist le mo phost nua - cúrsaí pobail, cúrsaí comhionannais agus gnóthaí na Gaeltachta. Sula raibh mé i mo pholaiteoir bhí anbhaint agam leis an gcomhlachas tráchtála agus le mo chomhlacht féin. Bhí suas le tríocha duine fostaithe agam. Bhí mé páirteach sna foirne peile áitiúla agus mar sin ó thaobh an phobail de bhí mé anghníomhach," ar sé. "Ó thaobh cúrsaí Gaeltachta de, tacaím go mór leis an nGaeilge mar theanga agus ba mhaith liom fíorathbheochan agus athéirí a fheiceáil ar an teanga."

Níl Gaeilge ag an Uasal Feighan. An gceapann sé go gcuirfidh sé seo bac air agus é ag déileáil le cúrsaí na Gaeltachta?

"Tá mo chuid Gaeilge féin an-teoranta, ach táim ag súil go mbeidh Dinny McGinley mar urlabhraí agam don Ghaeltacht agus do na hOileáin, ó thaobh na Gaeilge de," ar sé.

"Ní rud nua é go mbeadh urlabhraí Gaeltachta ann gan Gaeilge líofa. A fhad agus is eol dom, ní raibh Gaeilge ag an té a tháinig romham, Michael Ring, agus creidim nach raibh focal Gaeilge ag Síle de Valera agus chaith sí blianta sa rialtas mar Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán."

Deir Feighan nach bhfuil sé róthábhachtach go mbeadh Gaeilge aige chun an post seo a chomhlíonadh, ach gur mhaith leis dá mbeadh 'greim éigin agam ar an teanga' le 'comhbhá' a léiriú.

Tá Feighan den tuairim go bhfuil 'go leor le foghlaim againn' ón chaoi go bhfuil daoine ar nós é féin, a rinne staidéar ar an nGaeilge ar scoil, gan Ghaeilge ag an staid seo dá saol. "Tá na céadta míle duine eile cosúil liomsa amuigh ansin," ar sé.

Ní thacaíonn Fine Gael le Gaeilge éigeantach don Ardteist, agus dar le Feighan, tá 'ollchóiriú (overhaul) iomlán' ag teastáil ón gcuraclam. Ach nuair a ceistíodh é faoi athrú amháin a mholfadh sé don churaclam, ní raibh freagra díreach aige.

Cé go gceapann Feighan go raibh 'eagla' ar dhaoine roimh an nGaeilge nuair a bhí sé ag fás aníos, tá athrú tagtha air sin, dar leis.

"Le bliain anuas, bhuail mé le daoine ó Chonradh na Gaeilge i mBaile Átha Cliath, agus caithfidh mé a admháil go raibh siad anoscailte agus an-líobrálach. Tríocha bliain ó shin, b'fhéidir, bhí daoine i bpobal na Gaeilge gortaithe go raibh daoine ar nós mé féin i ndiaidh dul tríd an chóras oideachais agus nár thuig muid i gceart. Tá i bhfad níos mó oscailteachta ann anois. Níl aon deacracht agam a rá go bhfuil Gaeilge an-teoranta agam."

Agus an mbeidh Frank ag foghlaim na Gaeilge anois?

"Shiúil mé síos go Waterstones tráthnóna Dé Máirt agus cheannaigh mé Turas Teanga, leabhar RTÉ. Níor thuig mé i gceart é, áfach, agus mar sin thug mé ar ais go dtí an siopa é agus cheannaigh mé leabhar Gaeilge, Teach Yourself Irish, le Diarmuid Ó Sé agus Joseph Shiels. Tá foclóir Gaeilge ceannaithe agam freisin. Chuir cara maith liom, Michael O'Toole, nó Micheál Ó Tuathail, comhairle orm faoin leabhar ba cheart dom a cheannach.

Níl sé faighte agam fós ach Irish is Fun is ainm dó. Thaispeáin sé na cartúin dom agus rudaí mar sin. Sin an cineál rudaí ar gá dom tosú amach leo," ar sé.

Cad iad na tosaíochtaí atá aige anois agus é sa phost nua?

"Postanna," ar sé. "Postanna a mhealladh sa phobal. Tá gá leis an tacaíocht cheart, cosúil le leathanbhanda agus bealaí iompair. Ceapaim go bhfuil smaointeoireacht úr ag teastáil uainn maidir le gnóthaí beaga a choinneáil ag imeacht agus an Ghaeilge a spreagadh agus a ghríosú."

Luaigh Feighan fostaíocht agus bealaí iompair, ach cad faoi chúrsaí oideachais, sláinte agus araile i gceantair Ghaeltachta? Cad iad na rudaí is laige sna ceantair seo, dar leis?

"Creidimid gur tosaíocht é cúram pobail. Tá tábhacht ar leith ag baint le hionaid leighis bheaga, ionas nach gcaithfidh daoine dul isteach sna hospidéil i gcónaí, agus ionas nach mbeidh an oiread sin ganntanas leapacha ann."

Creideann sé go bhfuil deacracht ann an t-imeallachas a shárú. Deir sé nach bhfuil ceantair Ghaeltachta ach chomh himeallach is a 'ligeann muid dóibh a bheith'.

"Tá níos mó leathanbhanda de dhíth," ar sé. "Tá obair mhaith á déanamh ag 3G faoi láthair. Ach thar na blianta bhí comhlachtaí éagsúla a dúirt go raibh siad chun leathanbhanda a chur ar fáil. Táimid seacht nó ocht mbliana taobh thiar den 'loop'. Tacóidh mé le rud ar bith a chuidíonn leis seo a fheabhsú agus tabharfaidh mé spreagadh do na daoine a bheidh á dhéanamh."

Cad a cheapann sé faoi theorainneacha na Gaeltachta? Dá mbeadh an rogha aige iad a athrú nó a leasú cad a dhéanfadh sé?



**Deir Feighan nach bhfuil sé ró-thábhachtach go mbeadh Gaeilge aige chun an post seo a chomhlíonadh, ach gur mhaith leis dá mbeadh 'greim éigin agam ar an teanga' le 'comhbhá' a léiriú.**

"Nílim eolach ar na fadhbanna sin faoi láthair," ar sé, cúis imní mar go bhfuil an oiread sin cainte déanta ar an gceist seo le blianta anuas. Deir sé go mbeidh sé ag dul ar cuairt chuig formhór de na ceantair Ghaeltachta i gcaitheamh an tsamhraidh, le fiosrú a dhéanamh ar na fadhbanna iontu. Mar urlabhraí Fhine Gael ar ghnóthaí Gaeltachta, is cúis iontais é b'fhéidir, gur ceapadh duine nach bhfuil eolas níos leithne aige ar na fadhbanna agus na dúshláin atá amach roimhe.

"Tarraingíodh aird ar fhormhór de na fadhbanna cheana," ar sé. "Is é Dinny Mc Ginley ár TD i nDún na nGall agus coinníonn sé ar an eolas muid faoi na fadhbanna i nGaeltacht Dhún na nGall. Tá an rud céanna amhlaidh le Michael Ring, agus le Pádraig McCormack thíos i nGaillimh. Níl sé i gceist agam mórán athruithe a dhéanamh."

Cén ról a bheidh aige, mar sin?

"Táim ag súil le bualadh le Conradh na Gaeilge i gcaitheamh na míonna atá le teacht, agus dul i dtaithí ar an rud ar fad. Ní bheidh mé ag cur dallamullóige ar éinne. Táim chun obair a dhéanamh leis na daoine ar an talamh," ar sé.

"Táimid ag iarraidh go mbeidh athbheochan ann ar an nGaeilge. Creidimid gur rud eile é Straitéis 20 bliain an rialtais a fhágfar ar an tseilf. Níl tuairiscí uainn, tá gníomhaíocht uainn, agus iarracht cheart chun grá don teanga a chothú agus a athnuachan."

Dá mbeadh Fine Gael sa rialtas, agus dá mbeadh Frank Feighan ina Aire Gaeltachta, céard é an chéad rud a dhéanfadh sé?

"Shuífinn síos leis na grúpaí go léir sna Gaeltachtaí a chuireann an Ghaeilge chun cinn agus rachainn i mbun cainteanna leo. Freisin, chinnteoinn go mbeadh daoine cosúil liomsa i láthair, daoine gur gá dóibh na struchtúir seo a úsáid, ionas go mbeadh muid in ann plé a dhéanamh ar céard a chuideodh linne chun an Ghaeilge a athfhoghlaim."

Faoi láthair, ar ndóigh, ní hiad Fine Gael atá sa rialtas. Cad is féidir le Feighan a dhéanamh agus é mar urlabhraí Fhine Gael?

"Táim oscailte. 'Lámha in airde!' a deirim. Nílim ag ligean orm féin go bhfuil na freagraí go léir agam nó go bhfuil na fadhbanna ar eolas agam. Tá a fhios ag gach duine a bhfuil aithne acu orm gur oibrí mé. Níor tháinig mé ó chúlra polaitiúil. Tagaim isteach anseo mar ghníomhaí. Gach rud a dhéanaim, dírím air go hiomlán agus tagann mo charachtar trasna i gcónaí."

Tá sé dearfach i leith na Gaeilge, ach an leor sin leis an bpost seo a fháil? Beidh le feiceáil cé chomh gníomhach agus a bheidh Frank Feighan ó thaobh na Gaeilge de, ar bhonn pearsanta agus ar bhonn polaitiúil agus sóisialta freisin.

## Cumhachtaí 'stop agus cuardach' an PSNI le cur ar fionraí

**Le Meadhbh Ní Eadhra**


TÁ Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI) lena gcumhachtaí 'stop agus cuardach' a chur ar fionraí Déardaoin seo chugainn. Tagann an cinneadh seo i ndiaidh rialú ón Chúirt Eorpach go bhfuil alt 44 den Acht Sceimhlitheoireachta 2000, a cheadaíonn stop agus cuardach randamach, in aghaidh an dlí. Tá an grúpa polaitiúil Éirigí ag tabhairt rabhaidh go mbeidh cumhachtaí chomh dona céanna leis an stop agus cuardach á gcur i bhfeidhm ag na póilíní. Deir Breandán Mac Cionnaith, Ard-Rúnaí Éirigí, go mbeidh Alt 21 agus Alt 24 den Acht Ceartais agus Slándála 2007 ag glacadh áit Alt 44.

"Sa chéad trí mhí den bhliain seo, bhain an PSNI úsáid as cumhachtaí faoi Ailt 21 agus 24 den Acht sin chun daoine a stopadh, a cheistiú agus a chuardach ar 2,000 ócáid dhifriúil. Baineann an t-acht seo leis na sé chontae amháin. Go deimhin, tá na cumhachtaí a thugtar don PSNI faoin Acht seo i bhfad níos leithne ná na cinn a thugtar dóibh faoi Alt 44."

Dar le Mac Cionnaith, dúirt an té a bhí mar leas-ardchonstábla ar an PSNI i mí Mheán Fómhair seo caite, go bhfuil 'Alt 21 d'Acht 2007 iontach úsáideach, go háirithe mar nach bhfuil gá le cúiseanna réasúnta chun leas a bhaint as.'

Anuraidh, mhéadaigh an PSNI an úsáid a bhaineann siad as alt 44 faoi thrí agus mhaígh siad go raibh sé riachtanach mar gheall ar ardú ar ghníomhaíochtaí na n-easaontóirí Poblachtacha. Tá Sinn Féin ag fáiltiú roimh an gcinneadh atá déanta chun na cumhachtaí seo a chur ar fionraí. Deir urlabhraí ón PSNI gur uirlis riachtanach iad na cumhachtaí seo le troid in aghaidh bhagairt na sceimhlitheoireachta. Deir Alex Maskey, Comhalta den Tionól Reachtach agus ball den Bhord Póilíneachta, gur cúis imní a bhí in alt 44 do réimse leathan daoine. Deir sé freisin go gcreideann baill den phobal náisiúnach go n-úsáideann an PSNI a gcuid cumhachtaí ina n-aghaidh, níos mó ná mar a dhéanann siad le daoine eile. Sa bhliain 2008/2009, d'úsáid na póilíní an reachtaíocht beagnach 10,000 uair, i gcomparáid le beagáinín os cionn 3,000 in 2007/2008, dar le fíricí ón mBord Póilíneachta.

# Lámh in uachtar ag na Talabanaigh?



Ghlac an Ginearál David Petraeus ceannas ar chomhfhórsa ISAF / NATO, an Fórsa Cúnamh Slándála Idirnáisiúnta, san Afganastáin go hoifigiúil Dé Domhnaigh. "We are in this to win," dar leis ach tá an-obair roimhe.

**Le Ciarán Dunbar**

“TAR éis na mblianta de chogaíocht, tá an uair na cinniúna bainte amach againn,” a dúirt an Ginearál Petraeus agus é ag glacadh lena dhualgais.

“Táimid anseo chun buachan,” a dúirt sé agus mhaígh sé nach mbeadh an comhfhórsa ag cúlú ó na Talabanaigh. Tá an cogadh ag dul ar aghaidh ó bhí 2001 ann. Níl an tír ar fad faoi smacht ‘Rialtas na hAfganastáine’, níl an bóthar idir Kandahar agus Kabul - an dá chathair is tábhachtaí sa tír - sábháilte ó ionsaithe ón Talaban, níl an Talaban á scriosadh agus níl iomrá ar Osama Bin Laden.

Déanta na fírinne, ba í mí an Mheithimh an mhí ba mharfaí do thrúpaí eachtrannacha sa tír ó thosaigh an cogadh. Cailleadh 102.

Tá an Ginearál Petraeus i gceannas ar fhórsa idirnáisiúnta de 130,000 atá i mbun troda leis an Talaban agus le corr-mhionghrúpa eile.

Tuigtear nach bhfuil d’fhir throda ag na Talabanaigh ach tuairim is 25,000.

Tá tacaíocht na dTalabanach bunaithe, beagnach go huile is go hiomlán, ar mhuintir Páistiúnach (Pashtun). Cuireann roinnt tráchtairí síos orthu mar Náisiúntóirí Páistiúnacha fiú ach níl ach tuairim is 42% de dhaonra na tíre ina bPaistiúnaigh. Ní réitíonn an Talaban le grúpaí eitneacha eile ar nós mhuintir Hazara nach n-aithníonn siad mar Mhoslamaigh fiú. Ag an am céanna, áfach, tá láithreacht ag na Talaban i mbeagnach gach cúige sa tír.

Níl mórán traenála ag na Talabanaigh agus is beag trealamh míleata a bhíonn acu seachas a ngunnaí féin. Is féidir go mbaineann buntáistí leis sin, áfach. Is lúfaire cosa an Talabanaigh gan armúr coirp; níl le déanamh aige ach a ghunna a chur i bhfolach agus ní féidir é a idirdhealú ón phobal sibhialtach.




Léarscáil de chuid ISAF / NATO ag cur in iúl go bréagach go bhfuil Poblacht na hÉireann páirteach ann.

Dúirt an Ginearál David Petraeus leis an ‘Senate Armed Services Committee’ Dé Máirt na seachtaine seo go mbeadh sé ag scrúdú na rialacha comhaontaithe comhraic mar atá siad faoi láthair. Cé go ndearnadh gearradh siar ar an mhéad aerbhuillí (airstrikes) chun líon na dtaismeach sibhialtach a laghdú, tá na rialacha seo á gcáineadh de bhrí go ndéanann siad cúrsaí níos contúirtí do thrúpaí ar an talamh. Níl rialtais an chomhfhórsa sásta saighdiúirí a úsáid sa ról sin; níl siad sásta dul i mbun ‘cogaidh iomláin’ agus níl siad sásta glacadh leis an mhéad saighdiúirí marbha a bheadh riachtanach leis an bhua a fháil ar an Talaban sa chaoi sin. ‘Glantar’ an Talaban amach as dúiche éigin agus tagann siad ar ais go gairid ina dhiaidh sin.

Ach is polaiteoir Petraeus chomh maith lena bheith ina Ghinearál - muise, tá sé á lua leis an Teach Bán amach anseo.

Tuigtear go bhfuil sé i bhfách le cainteanna le heilimintí sa Talaban. “Má táthar ann a bheadh sásta athmhuintearas a dhéanamh, ba chéim dhearfach é seo i roinnt de na dúichí atá ag éirí níos measa,” ar seisean.

Tá seans ann mar sin gurbh fhéidir leis an pholaitíocht a úsáid leis na Talabanaigh a shárú. Tá sé cruthaithe acu sin thar beagnach deich mbliana nach mbeidh siad inbhuailte ar an bhlár chatha, go bhfuil an mhórchuid acu sásta bás a fháil ar son a gcúise - agus is é sin an t-arm is cumhachtaí arbh fhéidir le saighdiúir a bheith aige - agus go bhfuil fonn troda orthu go fóill. Is léir fosta go bhfuil go leor arm agus lón lámhaigh acu fosta.

Níl an lámh in uachtar ag an Talaban ná baol air. Níl siad ag buachan agus ní féidir leo buachan ach amháin má shocraíonn rialtas SAM éirí as. Níl siad á sárú ach an oiread, áfach, agus is léir faoin am seo nach féidir é sin a dhéanamh.

Beidh le feiceáil cén tseift a bheidh ag Petraeus chun ISAF / NATO a tharraingt amach as an fhaopach seo.

## Níos mó trúpaí NATO á gcailleadh mar gheall ar lámhach mionarm

LE tamall anuas tuigtear go bhfuil níos mó trúpaí ISAF / NATO á marú mar thoradh ar lámhach mionarm (small arms fire). Go fóill féin, is iad na buamaí seiftithe cois bóthair (IEDs) a mharaíonn an chuid is mó acu. Go dtí seo, ba bheag an chontúirt do shaighdiúir ISAF / NATO go bhfaigheadh sé / sí bás mar gheall ar lámhach.



Dar le foinsí míleata, is é easpa ábaltachta ó thaobh gunnadóireachta pearsanta ag na Talabanaigh a bhí ag sábháil na mílte trúpaí NATO go dtí seo, é sin agus drochchaighdeán a ngunnaí. Bíonn an raidhfil AK in úsáid acu. Níl raon éifeachtach fada go leor aige don tír-raon ina bhfuil siad ag feidhmiú agus ní bhíonn siad ag coinneáil bail cheart air.

Ní féidir a fhágáil as an áireamh ach an oiread go bhfuil mallachar radhairc ag roinnt mhaith Talabanach mar gheall ar chúinsí maireachtála agus easpa spéaclaí.

Tuigtear go raibh imní ar cheannairí NATO i gcónaí gurbh fhéidir feabhas teacht ar na Talabanaigh mar fhórsa troda dá gcuirfeadh tír nó dream báúil leo na hairm is an traenáil cheart ar fáil dóibh.

Mar sin de, is ábhar buairimh é dóibh gur maraíodh níos mó saighdiúirí le mionghunnaí le tamall anuas ná mar a maraíodh i mbliain ar bith roimhe sin. In 2009 maraíodh 13% de shaighdiúirí NATO a maraíodh le mionairm ach tá an figiúr sin tar éis dul suas go 40% le tamall anuas.

Tá leideanna ann go bhfuil na Talaban ag athrú a dtaicticí ó "spray and pray" leis an AK go ‘hionsaithe urchar aonair.’

Ar nós arm Mheiriceá ag luí siar, go pointe, ar a sheanraidhfil catha, an M14, seachas an raidhfil ionsaithe, an M16, tá sé á thuairisciú go bhfuil an Talaban ag luí ar raidhfil an Lee Enfield .303 atá in úsáid ó bhí 1907 ann ach atá níos cumhachtaí agus níos cruinne ná an AK. Creidtear gurb é sin an phríomhchúis leis an mhéadú ar líon na marbh ó lámhach na dTalabanach.

# Straitéis Úr Putin don réigiún Cugais



**Le Ciarán Dunbar**

LÉIRIGH príomh-aire na Rúise, Vladimir Putin, straitéis úr Dé Máirt na seachtaine seo chun dul i ngleic leis an ‘éirí amach Ioslamach’ i dtuaisceart an réigiúin Cugais.

Gheall Putin go ndéanfadh sé an bhochtaineacht dhochrach a laghdú agus an chaimiléireacht a chur faoi chois.

Tar éis an dá Chogadh sa tSeisnia agus an léirscrios a rinneadh ar an tír sin, sáruithe cearta daonna san áireamh, d’athraigh an ideolaíocht a bhfuil an tionchar is mó aige ón Náisiúnachas go dtí an tIoslamachas. Rud a chuidíonn leis an Rúis an chogaíocht sa réigiún a chur i láthair mar chath i gcoinne ‘sceimhlitheoireacht’ Ioslamach idirnáisiúnta.

Spréigh an foréigean as an tSeisnia go dtí an Dagastáin agus an Iongúiséit de réir a chéile.

Tuigtear go bhfuil sé i gceist ag na grúpaí áirithe atá ag troid sa réigiún Stát Pan-Cugaiseach a bhunú, bunaithe ar dhlí Sharia.

Is athrú é dearcadh úr Putin i leith an réigiúin; go dtí seo bhí clú air mar gheall ar a thuairimí i leith na reibiliúnach, gheall sé uair amháin “go gcuirfeadh sé deireadh leo amuigh sa chró.”

Dúirt sé an tráth seo áfach “gur beag nach bhfuil trua agam dóibh ag rith thart sna coillte ansin.” Mhaígh sé go raibh súil aige go bhfillfeadh siad “ar shaol normálta.”

Dhírigh Putin ar pholasaithe sóisialta agus eacnamaíochta agus d’iarr sé ar cheannairí áitiúla éisteacht le grúpa cearta daonna chomh maith. Dar le gníomhairí cearta daonna, ba iad na ceannairí áitiúla seo, lena gcuid taicticí ‘lámh láidir’, a chuir leis an éirí amach.

# 12 Marbh sa Chordastáin

Le Scott De Buitléir

Tá dáréag marbh i ndiaidh ionsaí idir saighdiúirí Turcacha agus trodaithe Cordacha ó Pháirtí na nOibrithe Cordastánacha (PKK). Rinneadh ionsaí ar ionad míleata i Hakkari, atá gar do theorainn na hIaráice sa cheantar Turcach den gCordastáin.

Maraíodh triúr saighdiúir agus naonúr trodaí san eachtra, agus gortaíodh triúr eile. Tá héileacaptair de chuid airm na Tuirce seolta chuig an gceantar chun na trodaithe atá fágtha a aimsiú, dar le foinsí slándála na Tuirce.

Tá brú sa bhreis á chur ag an PKK ar fhórsaí na Tuirce anois toisc gur theip ar chainteanna síochána eatarthu. Cuireadh tús nua le hionsaithe nuair a dúirt Abdullah Öcalan, ceannaire an PKK atá i bpríosún ó 1999 i leith, nach bhfuil sé chun leanúint ar aghaidh le cainteanna le rialtas na Tuirce in Ancara. Ba é aidhm na gcainteanna ná deireadh a chur leis an streachailt atá 26 bliain ar an bhfód.

Ní hé seo an chéad ionsaí ag an PKK ar an Tuirc i mbliana; maraíodh 12 shaighdiúir agus cúigear reibiliúnach in ionsaí gar do theorainn na hIaráice, agus pléascadh buama gluaisteáin in Iostanbúl i mí an Mheithimh, buama a mharaigh cúigear saighdiúir agus déagóir amháin. Deirtear go raibh baint acu le buamáil phíopa ola idir an Iaráic agus an Tuirc, ach níor ghlac siad freagracht as an mbuamáil sin.

Tá ionsaithe na reibiliúnach i ndiaidh damáiste a dhéanamh do phleananna de chuid rialtas na Tuirce chun tuilleadh “saoirse agus infheistíochta” a thabhairt don limistéar Turcach den gCordastáin.

Tá an cás ag déanamh dochair idir Ancara agus rialtas na hIaráice, nach bhfuil sásta le tuairimí laisser-faire na Tuirce maidir leis an PKK i gceantar Cordach na hIaráice. Chomh maith leis sin, tá ionsaithe aeir déanta ag aerfhorsaí na Tuirce ar cheantar Cordach na hIaráice chun dúin agus tacaíocht an PKK a scriosadh. “Tá an t-am tagtha dóibh siúd i dtuaisceart na hIaráice,” a dúirt Ginearáil Ilker Basbug na Tuirce, “chun an rud ceart a dhéanamh.”

“Beidh teannas ann,” a dúirt Sozdar Avesta, duine de chúigear ceannasaí sa PKK, agus í ag tabhairt plean cúig mhí le fios do na meáin; “tá fios curtha ar stáisiúin ghuairille ar fud na Tuirce, chun muid féin a chosaint ar thuilleadh aer-ionsaithe.” Dúirt ball eile den PKK go raibh an sos comhraic ag taispeáint laigeacht an ghrúpa i súile na Tuirce, agus go raibh an Tuirc ag ullmhú ‘cogadh iomlán’ i gcoinne na gCoirdíneach. Anois agus an sos thart go hoifigiúil, tá an grúpa ag cur fáilte roimh ghuairillí nua le cur leo. Tá thart ar chúig mhíle ball ag an PKK cheana féin, agus trian acu ina mná. Oibríonn an PKK lastigh den Tuirc agus den Iaráic den chuid is mó. Tá siad ar an bhfód ó bhí na 70í ann. Cuireann SAM, na NA, NATO agus an AE síos orthu mar “eagraíocht sceimhlitheoirí.”



## Cá bhfuil an Chordastáin?

**IS réigiún í an Chordastáin atá sa Tuirc, san Iaráic, san Iaráin agus i dtuaisceart na Siria. Tá teanga, cultúr agus féiniúlacht faoi leith ag Coirdínigh, agus is é seo an fáth go bhfuil sé i gceist ag roinnt Coirdíneach náisiún a bhunú dóibh féin a bheadh scartha ó na tíortha eile; tá a dtír dhúchais scartha ó am na nImpireachtaí Ottoman agus Safavid. Toisc nach bhfuil a leithéid de ‘thír’ neamhspleách ann dóibh féin, ghlac an PKK airm chucu féin ar son féin-rialú Cordach i 1984. Tá cáil orthu sa phobal idirnáisiúnta mar sceimhlitheoirí, a bhfuil thart ar 40,000 maraithe acu.**

# 52 príosúnach polaitiúil le ligean saor i gCúba

Le Meadhbh Ní Eadhra

TÁ Cúba i ndiaidh geallúint a thabhairt don Eaglais Chaitliceach go ligfidh siad 52 príosúnach polaitiúil saor. Má tharlaíonn sé seo, laghdófar an líon príosúnaigh pholaitiúla atá ag Cúba le haon tríú agus beidh an ghníomhaíocht seo ar an scaoileadh saor d’easaontóirí is mó atá déanta ag an oileán ó tháinig an Pápa Eoin Pól II ar cuairt i 1998.

Tá sé i gceist go scaoilfear cúigear saor ar dtús agus go ndíbreofar go dtí an Spáinn iad. Bheadh na príosúnaigh eile á saoradh thar thréimhse trí nó ceithre mhí, a deir Ardeaspag Havána, an Cairdinéal Jaime Ortega. Tagann an comhaontú seo i ndiaidh cruinnithe idir an tUachtarán Raul Castro, an Cairdinéal Ortega agus Aire Gnóthaí Eachtracha na Spáinne, Miguel Angel Moratinos. “Tá na haidhmeanna ar oibrigh muid ina dtreo bainte amach anois agus táimid in ann é sin a fhógairt le háthas,” a deir an tUasal Moratinos.

I ráiteas atá eisithe ag Ambasáid na Spáinne, deir siad go gcuirfidh sé seo tús le ré nua i gCúba.

Níl an tUasal Moratinos ná an Cairdinéal Ortega in ann a rá go cinnte cén fhad a ghlacfaidh sé ar an chúigear príosúnach bheith scaoilte saor.

Bhí ionadh ar ghníomhaithe cearta daonna agus freasúra mar gheall ar an gcomhaontú seo, agus deir siad go raibh siad ag súil go scaoilfí saor roinnt príosúnach, ach ní an oiread sin. Deir an Cairdinéal Ortega gur baill de ghrúpa75, ina measc gníomhaithe polaitiúla, eagraithe pobail agus iriseoirí, iad na príosúnaigh atá le ligean saor. Ní fios cé na príosúnaigh a ligfear saor ar dtús, ná conas a roghnófar iad.

# Pobal na Gaeilge – Gaeilgeoirí Cois Laoi

## Abair linn faoi do phobal Gaeilge féin! - Seol ríomhphost chugainn ag **nuacht@gaelsceal.ie**

Le Meadhbh Ní Eadhra

I MEASC na bpobal Gaeilge i gCorcaigh, tá grúpa darb ainm Gaeilgeoirí Cois Laoi. Bunaíodh an ciorcal nó an pobal seo anuraidh agus an aidhm atá acu ná deis a thabhairt do Ghaeilgeoirí teacht le chéile ar bhonn rialta in ionad atá lárnach agus áisiúil.

Nuair a bunaíodh an grúpa seo i Mí Mhárta na bliana seo caite, léiríodh an-spéis ann agus tugadh tacaíocht mhór dó. Bhí imreoir iománaíochta Chorcaí, Seán Óg Ó hAilpín, i láthair mar aoi speisialta ag an seoladh chomh maith le Brenda Ní Shúilleabháin ó TG4. Tá os cionn bliana curtha isteach ag an ngrúpa anois agus tá ag éirí go hiontach leis. Bíonn Gaeilgeoirí ag casadh lena chéile in Óstán an Clarion gach Luan ag a hocht a chlog san oíche agus iad ann ar mhaithe lena gcuid Gaeilge a chur chun cinn agus bualadh le Gaeilgeoirí eile.

Ar ndóigh, bíonn neart spraoi, ceoil, scéalaíochta agus cainte ar siúl gach oíche Dé Luain agus tá baill an ghrúpa thar a bheith sásta mar go bhfuil an oiread sin daoine ag teacht gach Luan. Ghlac an grúpa páirt i dTionól na Mumhan an deireadh seachtaine seo caite agus tá siad ag iarraidh a bheith páirteach in an-chuid imeachtaí Gaelacha. Tá ócáid shóisialta eagraithe ag Gaeilgeoirí Cois Laoi don Satharn 17ú Iúil, agus táthar ag tnúth go mór leis. Beidh tráthnóna Gaelach an tsamhraidh ag tosú in Óstán an Grand i Mainistir Fhear Maí ag a seacht a chlog an oíche sin. Oíche cheoil agus chaidrimh atá i gceist agus tá neart ceoltóirí i measc an phobail Ghaeilge seo. Tá fáilte roimh chách ag an ócáid seo ach dul i dteagmháil leis na heagraitheoirí inniu nó amárach, ar 087 1235203. Beidh aoi speisialta i láthair ar an oíche agus beidh crannchur ann freisin.

“Tá áthas orm go bhfuil an grúpa ag dul ó neart go neart de réir a chéile,” a deir Eilís Uí Bhriain, atá mar chroílár an ghrúpa agus an phobail seo. “Bíonn gach duine ag súil go mór leis an Oíche Chaidrimh gach coicís. Bíonn cúrsaí reatha á bplé againn agus cúrsaí spóirt - má tá scéal nó nuacht éigin ag éinne cuirtear fáilte roimhe/roimpi é a roinnt leis an ngrúpa agus baintear an-taitneamh as cúpla uair chaidrimh i dteannta a chéile. Bíonn cupán tae i lár na hoíche againn chun fonn cainte a mhealladh ach níl easpa ábhair ag goilliúint orainn riamh deirimse leat!”

Cuireann an pobal beag seo an-bhéim ar an nGaeilge labhartha. Mar gheall ar spiorad an ghrúpa agus an comhluadar atá ina cheartlár, tagann baill an ghrúpa, agus baill nua freisin, ar ais arís agus arís eile chun páirt a ghlacadh sa spraoi agus sa seanchas.

“Is é an chúis gur chuir daoine suim sa chiorcal seo ná gur theastaigh uathu cleachtadh a dhéanamh ar a gcuid Gaeilge, a d'fhoghlaim a lán acu ar scoil. Chomh maith leis sin tagann siad chuig an Óstán ar an Luan mar gur ócáid shóisialta é ina bhfuil an Ghaeilge lárnach. Níl cúthail ar éinne agus molaim dóibh a gcuid Gaeilge a úsáid gan imní a bheith orthu faoi chúrsaí gramadaí ná a leithéid sin - caithfidh mé a rá go bhfuil togha na teanga ag gach duine sa ghrúpa agus táid ag dul i bhfeabhas de réir a chéile,” a deir Eilís.

Maíonn Eilís go bhfuil tallann i measc an ghrúpa seo agus gur annamh a chríochnaíonn siad a gcruinniú Dé Luain sa Clarion gan scéal ón seanchaí, port ón gceoltóir agus níos mó ná amhrán amháin chun críoch rathúil, spórtúil a chur leis an oíche.

“Níor bhris dea-fhocal béal éinne riamh,” ar sí.

Cé go bhfuil an pobal Gaeilge seo ag neartú de réir a chéile, níl ionad nó áit ar leith acu go fóill agus deir Eilís go mbíonn siad ‘ag brath ar chneastacht an Clarion.’

Cá bhfios cá mbeidh siad lonnaithe amach anseo ach is léir nach bhfuil an oiread sin tábhachta ag baint le suíomh an ghrúpa. Tá spiorad an ghrúpa i bhfad Éireann níos tábhachtaí agus gach duine den ghrúpa ag iarraidh a bheith mar chuid de phobal Gaeilge ina gceantar áitiúil.

# Tionól na Gaeltachta i nGaoth Dobhair

Le Danny Brown



Éamonn Mac Niallais, Fearghal Ó Cuilinn, Neil Comer agus Pádraig Mac Fhearghusa ar ardán an Tionóil. (PIC. LE DANNY BROWN)

Bhí níos mó ná céad duine ar cuairt go Gaoth Dobhair ag deireadh na seachtaine seo a chuaigh thart nuair a tháinig Tionól na Gaeltachta de chuid Chonradh na Gaeilge chuig an cheantar.

Ag an fháilte oifigiúil in Óstán Ghaoth Dobhair Déardaoin 1 Iúil, chuir Dónall Ó Cnáimhsigh as Guth na Gaeltachta fáilte roimh na cuairteoirí uilig, ag rá go raibh lúcháir ar mhuintir na háite Gaeil as gach cearn den tír a fheiceáil ag teacht chun na Gaeltachta go bhfeicfeadh siad an saol a bhí acu ansin.

Dúirt Pádraig Mac Fhearghusa, Uachtarán Chonradh na Gaeilge, go raibh an nasc idir an Conradh agus an Ghaeltacht iontach tábhachtach don dá dhream agus go raibh gá anois leis an nasc sin a láidriú trí thionól mar an ceann seo.

Bhí deoch agus bia ar fáil i ndiaidh na gcainteanna agus bhí ceoltóirí ag bualadh go dtí go mall.

Dé hAoine chuaigh scaifte de na cuairteoirí isteach go Toraigh agus, cé go raibh an aimsir go dona agus an fharraige garbh, bhain na daoine cróga a chuaigh isteach sult as an chuairt agus gheall cuid acu, nach raibh ar an oileán roimhe sin, go rachadh siad ar ais.

Bhí oíche mhór cheoil i dTeach Hiúdaí Bhig ar an Bhun Beag níos moille do na daoine nach raibh chomh cróga sin.

Bhí buaicphointe dheireadh na seachtaine ann tráthnóna Dé Sathairn nuair a bhí seimineár ann dar teideal "Céard is Gaeltacht sa 21ú Aois?" i gcomhar le Guth na Gaeltachta.

Ba é Pádraig Mac Fhearghusa a d'oscail an díospóireacht agus labhair Éamonn Mac Niallais as Guth na Gaeltachta, Niall Comer as Comhaltas Uladh agus Feargal Ó Cuilinn as Comhluadar ón ardán.

Ba í caint Mhic Niallais ba mhó a dhírigh isteach ar an cheist a bhí rompu. Labhair sé faoi na deacrachtaí a bhí roimh thuismitheoirí sa cheantar a bhí ag iarraidh a bpáistí a thógáil le Gaeilge amháin agus an dóigh a ndeachaigh an Béarla i bhfeidhm ar na páistí sin nuair a chuaigh siad isteach sa chóras oideachais ag an leibhéal is ísle, sa Naíonra.

De réir taighde atá déanta ag teangeolaithe, tá an cleachtadh sin páistí gan Ghaeilge a mheascadh le Gaeilgeoirí óga ag déanamh dochair do pháistí atá á dtógáil mar chuid de theaghlaigh Ghaelacha.

D'admhaigh Mac Niallais fosta gur am cinniúnach a bhí ann don Ghaeltacht agus dúirt go gcaithfidh muintir na Gaeltachta freagracht a ghlacadh don teanga. Tá an t-am ann anois do dhaoine cinneadh a dhéanamh maidir leis an teanga.

Ach, leis an chinneadh sin a dhéanamh níos éasca, deir Mac Niallais go bhfuil uirlisí nua de dhíth ón stát. Mar shampla, ba chóir don stát aitheantas a thabhairt do theaghlaigh atá ag tógáil a bpáistí le Gaeilge.

Fá láthair tá scéim labhairt na Gaeilge ann agus déantar scrúdú ar an pháiste nuair atá sé/sí sé bliana d'aois.

Míníonn sé sin an difríocht sna staitisticí a deir go bhfuil 40% de theaghlaigh i gceantar Ghaoth Dobhair ag tógáil a gclann le Gaeilge ach tá 80% acu ag fáil deontais ó scéim labhairt na Gaeilge.

Dúirt sé fosta go raibh Údarás láidir de dhíth mar, gan Údarás na Gaeltachta, ní bheadh Gaeltacht ann. Mhol sé an obair a bhí idir lámha ag Coiste na Dála maidir le Straitéis na Gaeilge agus dúirt go mbeadh sé ina chuidiú iontach dá dtiocfadh linn Bord Oideachais Gaeltachta a bheith againn le polasaí oideachais don Ghaeltacht agus do Ghaelscoileanna a cheapadh.

Labhair an Teachta Dála Donncha Mac Fhionnghaile ón urlár ag deireadh an tseimineáir ar an obair a bhí ar bun ag an Choiste Dála.

# Lá Náisiúnta Oileán Mhanann

Le Meadhbh Ní Eadhra

LÁ Náisiúnta Oileán Mhanann a bhí ann Dé Luain agus bhí na mílte duine ag ceiliúradh dá bharr. Chuaigh na sluaite go St John's chun an pharlaimint Mhanannach a fheiceáil ag suí faoin aer, mar a dhéanann siad go bliantúil. Bronnadh an Gradam Tynwald den cheathrú huair, ar an Dr Brian Stowell an uair seo.

Deir Uachtarán Tynwald, Noel Cringe, gur cuireadh go leor gnéithe d'oidhreacht Mhanann in aithne do chuairteoirí ar an lá. Bhí cúpla duine mór le rá i láthair ar an lá agus fógraíodh deich n-acht ón gcnoc i mBéarla agus i nGaeilge Mhanann. Beidh dhá chúrsa deireadh seachtaine de Ghaeilge Mhanann ar siúl in Eary Cushlin i rith mhí Lúnasa, ón 7ú go dtí an 8ú agus ón 14ú go dtí an 15ú.

Is é an chéad deireadh seachtaine an ceann is oiriúnaí do dhaoine nach bhfuil ach ag tosú na foghlama. Tá an dá chúrsa saor in aisce agus díríonn siad ar labhairt na teanga.

COISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE
COUNTY GALWAY VOCATIONAL EDUCATION COMMITTEE

**SCÉIMEANNA DEONTAS / SCOLÁIREACHTAÍ 2010/2011**

(a) Scéim Scoláireachtaí Choistí Gairmoideachais
(b) Scéim Deontas Cothaithe Tríú Leibhéal d'Oiliúnaithe

Fáilteofar roimh iarratais ar Scoláireachtaí Choistí Gairmoideachais agus/nó Deontais Chothaithe Tríú Leibhéal d'Oiliúnaithe uathu seo a leanas:

1. Daoine a bhfuil sé ar intinn acu tabhairt faoi chúrsa lánaimseartha oideachais atá ceadaithe ag Institiúidí/Coláistí tríú leibhéal aitheanta i 2010/.

2. Daoine a bhfuil Teastas Náisiúnta, Dioplóma Náisiúnta nó Ard-Dioplóma Náisiúnta de chuid na Comhairle Oideachais Gnó agus Teicneolaíochta (BTEC HND) acu.

3. Mic léinn lánfhásta/aibí, sé sin, daoine atá 23 bliain d'aois ar 1 Eanáir na bliana iontrála nó athiontrála chuig Coláiste.

**SCÉIM DEONTAS COTHAITHE DO CHÚRSAÍ IAR-ARDTEISTIMÉIREACHTA (PLC) 2010/2011**

Fáilteofar roimh iarratais ar dheontais chothaithe do Chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta ó dhaoine a bhfuil sé ar intinn acu tabhairt faoi chúrsaí lánaimseartha oideachais atá ceadaithe ag scoileanna/coláistí dara leibhéal. Tabhair faoi deara go bhfuil na deontais ar fad thuasluaite faoi réir ag tástáil acmhainne. Is féidir foirmeacha iarratais agus mionsonraí uile maidir lena bhfuil luaite thuas a fháil ach clúdach litreach stampáilte a sheoladh chuig:

An Rannóg Deontas Mac Léinn
Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe
Coiléar Bán
Baile Átha an Rí
Co. na Gaillimhe
Uimhir Theileafóin: (091) 874536

Is é an dáta deiridh d'iarratais a bheith faighte 29 Lúnasa 2009.
Seosamh Mac Donncha Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

AN tOIREACHTAS
TÍR AGUS TEANGA

Oireachtas na Samhna
Cill Airne, Co. Chiarraí
Príomhionad: INEC
Dé Céadaoin - Dé Domhnaigh, 27-31 Deireadh Fómhair

Oifig an Oireachtais
6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.
01/4753857
eolas@antoireachtas.ie

# 2 NUACHT RÉIGIÚNACH

## Súil chun Cinn

GRIANGHRAF: REG GORDON



Na húinéirí, Ailbhe Ní Raighne agus Fergus Patten ón gCnoc in Indreabhán, agus iad ag oscailt a siopa nua, 'Athenry Opticians', ag Teach an Rí Eoin, An tSráid Trasna, Baile Átha an Rí.

## Macalla Ceoil


**Le Treasa Bhreathnach**

SEOLFAR taispeántas darb ainm 'Macalla Ceoil' de shaothar ealaíne Mheadhbh Ní Eidhin go hoifigiúil ar an gCéadaoin seo in Aonad Cartlainne an Oireachtais, Casla. Rithfidh an taispeántas seo ó Luan go hAoine ó 10r.n. go dtí an 4i.n. gach lá go dtí an Mháirt an 27ú Iúil. Is é Liam Ó Maolaodha, stiúrthóir Oireachtas na Gaeilge, a sheolfaidh an taispeántas go hoifigiúil. Is ealaíontóir agus ceoltóir í Meadhbh a bhfuil tionchar an cheoil thraidisiúnta láidir ina cuid píosaí ealaíne. Sa taispeántas seo meascann sí ceoltóirí traidisiúnta na hÉireann atá ar shlí na fírinne, iad gualainn ar ghualainn le ceoltóirí na linne seo. Ina ndiaidh an taispeántas a bheith in Eastát Tionsclaíochta Chasla beidh sé á thabhairt chuig Féile Idircheilteach Lorient idir an 6ú agus an 15ú Lúnasa. Is í Meadhbh a bheidh mar ionadaí na hÉireann ag an bhféile seo.




I gcóir do bhainis nó cóisir
Glaoigh ar 091 553159
www.parklodgehotel.ie

## CONNACHT NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

## Éist leis an gCadhnach!

**Le Caitríona Ní Chadhain**

BEIDH ceiliúradh á dhéanamh ar shaol agus ar shaothar an scríbhneora Máirtín Ó Cadhain, sa dráma nua 'Éistigí .. Caithfear Éisteacht', atá á léiriú mar chuid d'Fhéile Ealaíona na Gaillimhe.

Joe Steve Ó Neachtain a scríobh an dráma faoin gCadhnach ón gCnocán Glas, sa Spidéal.

Scríobh Ó Cadhain trí úrscéal agus neart gearrscéalta sula bhfuair sé bás sa bhliain 1970. Is é 'Cré na Cille' an saothar is cáiliúla uaidh.

Seó ilmheánach a bheidh ann, á léiriú ag Taibhdhearc na Gaillimhe, faoi stiúir Maidhc P. Ó Conaola, agus le neart aisteoirí aitheanta as Conamara.

Beidh an dráma ar siúl i Seanscoil Shailearna ón 19ú-25ú Iúil ag a hocht a chlog. Eolas agus áirithintí ag www.galwayartsfestival.ie.

## Scéalta Mhaigh Eo

**Le Piaras Ó Raghallaigh**

## Údarás á cháineadh ag Michael Ring TD

TÁ cáineadh láidir déanta ag an Teachta Dála Michael Ring ar Údarás na Gaeltachta toisc gur caitheadh suas le €7 milliún le gach aon phost a chruthú sa Ghaeltacht thar thréimhse 12 bhliain. Caitheadh €243 milliún ar cheantair sa Ghaeltacht ó 1997 go 2009, rud a dúirt an Teachta Ring atá scannalach amach is amach.

Dúirt an Teachta Ring nár chruthaigh an tÚdarás ach 13,763 post sa Ghaeltacht thar thréimhse 12 bhliain, sin caiteachas de €7 milliún do gach aon phost a dúirt sé. Cailleadh 13,730 post sa tréimhse chéanna rud, a chiallaíonn nár chruthaigh an tÚdarás ach 33 post breise.


"Tá sé thar am stop a chur leis an gcóras seo atá leagtha amach ag an Údarás le postanna a chruthú mar níl sé ag obair," a dúirt an Teachta Ring. Dúirt sé go bhfuil pleannanna nua-aimseartha ag Fine Gael chun ceantair Ghaeltachta na tíre a fhorbairt agus chun a chinntiú go bhfeadfaí comhlachtaí a lonnú iontu.

"Tá sé soiléir go bhfuil an Rialtas ag leanstan le córas seafóideach chun postanna a chruthú sa Ghaeltacht. Caithfear stop a chur leis seo agus tabhairt faoi threo nua-aimseartha mar atá i gceist ag Fine Gael" a dúirt an Teachta Ring. "Theip ar an Údarás agus theip ar an Rialtas an córas infreastruchtúir a fhorbairt mar is cuí sa Ghaeltacht chun deiseanna fostaíochta a chruthú," a dúirt sé.

## Banríon ag teacht go Maigh Eo?

TÁTHAR ag súil go mbeidh Banríon Shasana, Queen Elizabeth, ag teacht go Maigh Eo ar a céad chuairt oifigiúil ar Éirinn. Tá an Comhairleoir áitiúil Eugene Mac Cormaic ag

## An tÉireannach Fáin



An scannánaí clúiteach, Robert Flaherty, ar seoladh clár doiciméide faoina shaol agus a shaothar, 'An tÉireannach Fáin', léirithe ag MacDara Ó Curraidhín, ag Fleadh Scannán na Gaillimhe i rith na seachtaine.

# Seandálaithe ag "magadh faoi dhaoine" a deir feirmeoir

le Caitríona Ní Chadhain

'SEAFÓID', a ghlaoigh feirmeoir as Carna, Éamonn Ó Méalóid, ar an éileamh a rinne seandálaithe le seachtain anuas gur tháinig siad ar chrannóg ar a chuid talún ar Loch Dú Leitir.

Scríobhadh san 'Irish Times' Dé Máirt seo caite gur aimsigh seandálaí, Ruairí O'Neill, an chrannóg de bharr leibhéal íseal an uisce mar thoradh ar an aimsir thirim. "Ní raibh a leithéid de rud ann", a deir Ó Méalóid, úinéir na talún ar a bhfuil an loch suite. "Tá na marcanna sin ann ar feadh na gcéadta bliain, níl dada faighte acu", a dúirt sé.

Dúirt Ó Méalóid freisin nach bhfuil cead ag daoine dul isteach ar a chuid talún gan chead.

Tá an tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta freagrach as séadchomharthaí a aithint agus a ainmniú. Dar leosan, bíonn daoine buartha faoina gcearta sna cásanna seo.

moladh gur chóir don Bhanríon teacht go dtí príomhchathair an chontae, Caisleán an Bharraigh, mar go bhfuil Páirc Síochána Mhaigh Eo lonnaithe sa bhaile. Tá an Comhairleoir Mac Cormaic ag cur rúin os comhair Chomhairle Baile Chathair na Mart agus Chomhairle Contae Mhaigh Eo le cuireadh oifigiúil a thabhairt don Bhanríon go Maigh Eo. Thug Mac Cormaic le fios go bhfuil se dóchasach go bhfuil tacaíocht ann don mholadh seo agus go mbeidh an Bhanríon ag teacht go Maigh Eo.

Le gairid fuair Michael Feeney, an fear a bhunaigh an Pháirc Síochána, gradam ar leith ó Bhanríon Shasana nuair a bhronn sí MBE air. Tá an-tóir ar an Pháirc Síochána ar fud Mhaigh Eo agus tá Ionad Cuairteoirí beartaithe don suíomh amach anseo.

## Óró Sean-Duine!

BEIDH na céadta seantuismitheoirí ag teacht go Cathair na Mart le lá speisialta a chéiliúradh in onóir sheantuismitheoirí an Iarthair. 'Sí Eagraíocht na Sean-Tuismitheoirí atá ag eagrú an lae speisialta seo le haird a dhíriú ar an ról tábhachtach atá ag seantuismhitheoirí sa teaghlach sa lá atá inniú ann.

Dúirt Máire Printer ón eagraíocht go bhfuil fáilte roimh chách chuig an lá seo ina mbeidh ceol agus amhranaíocht den scoth agus onóir á tabhairt do dhaoine atá scothaosta.

Beidh an Sagart Francis Mitchell, sagart paróiste Chathair na Mart, i mbun na seirbhíse a bheas ar siúl ar an 26ú Iúil. Tá cuireadh tugtha do na paróistí agus seipéil uilig san Iarthar teacht chuig an ócáid speisialta seo.

Beidh Lá Náisiúnta na Sean-Tuismitheoirí i gCnoc Mhuire arís i mbliana ar an 12ú Meán Fómhair. Beidh Dana, Chloe Coyle agus Michael English i measc na n-aíonna a bheas i láthair i gCnoc Mhuire. Tá an t-eolas uilig le fáil ó www.catholicgrandparentsassociation.com.



An Stiúrthóir Ealaíon le Macnas, Noeleen Kavanagh, agus Shay Garry le linn réamhamhairc ar na hiontais atá á n-ullmhú do pharáid mhór Fhéile Ealaíon na Gaillimhe - 'An Fiach Fiáin' - a bheidh ar siúl ar an 18 Iúil ag a 2 a chlog.
GRIANGHRAF: JOE O'SHAUGHNESSY.

## LAIGHIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

### Imeachtaí sa Pháil

Le Kate Fennell

## Amhránaíocht agus rince ar an sean-nós i mBarra an Teampaill

ANOCHT, mar chuid den fhéile bhliantúil a eagraíonn Taisce Chultúrtha Bharra an Teampaill, 'The Summer Sensational' i mBÁC, beidh dhá cheardlann ar amhránaíocht agus rince ar an sean-nós á reáchtáil ag Gaelchultúr sa 'Culture Box'. Ceardlanna dhá uair an chloig a bheidh i gceist, agus beidh siad ar siúl ag a 5 agus ag 7.30i.n. Tá cead isteach saor in aisce ach is fearr áit a chur in áirithe roimh ré, más féidir, trí ghlaoch a chur ar Gaelchultúr ar 01 484 5220 nó rphost a sheoladh chuig eolas@gaelchultur.com. Tuilleadh eolais faoin bhféile ó www.templebar.ie

## Campa Ceoil in Áras Chrónáin

TIOCFAIDH críoch le Campa Samhraidh Gaeilge do ghasúir an Domhnach seo in Áras Chrónáin agus cuirfear tús le Campa Ceoil do ghasúir idir 7 - 18 bl. d'aois ar an lá céanna. Is campa ceoil é seo atá dírithe ar dhaoine atá cumasach cheana féin sa cheol agus bheadh súil go dtabharfadh daoine gur mian leo freastal air a n-uirlis féin leo.

Ní bheifear ag tabhairt ranganna san uirlis cheoil ach beifear ag múineadh conas tiúin nó scór a chumadh agus conas é a thaifeadadh sa stiúdeo. Is seans iontach é seo do dhaoine óga a bhfuil spéis acu a gcuid scileanna cumadóireachta ceoil a chothú. Beidh an cúrsa ar siúl ón 12 - 19 Iúil óna 10r.n. - 1.30i.n. in Áras Chrónáin, Cluain Dolcáin, BÁC 22.

Tá táille €75 ar an gcúrsa ach má tá beirt ón gclann chéanna ag freastal air ní chosnóidh sé ach €65 an duine. Iarrtar ar na daltaí a n-uirlis cheoil féin agus lón a thabhairt leo.

Tá an fhoirm iarratais ar fáil ar www.araschronain.ie. Teil 01 4030223

## Siúlóid leis na Cnocadóirí

TAPAIGH an deis n'fhad 's atá an aimsir fós go breá dul ar shúlóid éasca leis na Cnocadóirí an Domhnach beag seo i sléibhte Chill Mhantáin. Tosóidh an tsiúlóid ag Carrchlós na Coille Cróine (tagairt eangaí O 192 142) agus siúlfar ón Choill Chróin trí Shlí Chualann agus Cnoc Crí agus ar ais. Ba cheart bheith ag an gcarrchlós ag 11.45r.n. Gach eolas ó www.cnocadoiri.com

## Ionad Cúram Leanaí Ráth Chairn

TÁ tús curtha le hobair ar ionad nua cúram leanaí i Ráth Chairn. Tá maoiniú de €700,000 tugtha don togra ag Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Beidh an foirgneamh nua in ann glacadh le suas agus 50 leanbh ó thrí mhí d'aois go dtí 14 bliana.

Tá sé ráite go mbeidh an foirgneamh réidh le húsáid i mí na Samhna 2011.

Beidh an t-ionad á rith trí mheán na Gaeilge, agus fostóidh sé ceathrar ball foirne lánaimseartha agus cúigear ball foirne páirtaimseartha.




Lucht iarrtha tearmainn i Maigh Muirí gCo. na Mí ag léirsiú i gcoinne chinneadh na Roinne Dlí & Cirt iad a bhogadh go dtí ionaid eile ar mhaithe le hairgead a shábháil. Tá na dídeanaithe ag maíomh go bhfuiltear ag caitheamh leo ar bhealach mídhaonna. Sa phictiúr tá Jamal Adan ón tSomáil, atá sé bliana i Maigh Muirí ag fanacht le cinneadh faoina stádas. GRIANGHRAF: MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND

**An bhfuil scéilín agat?** Ba mhaith linn freastal ar gach Gaeltacht is Gaelphobal sa tír. Má tá scéilíní nó nótaí áitiúla agaibh, cuirigí iad chuig an seoladh rphoist seo le bhur dtoil, **nuacht@gaelsceal.ie**, agus déanfaidh muid ár ndícheall iad a chur i gcló.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 9 Iúil, 2010

## MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

### Scéalta Mhúscraí

# Éileamh ar Champaí Samhraidh Óige na Gaeltachta

**le Seán Ó Loingsigh**

CUIREADH tús ar Oileán Chléire an tseachtain seo leis an gcéad cheann de Champaí Samhraidh atá á reachtáil ag Óige na Gaeltachta i gCúige Mumhan. 26 leanbh san aoisghrúpa 6-14 atá ag freastal ar an gcampa, idir mhuintir na háite agus roinnt cuairteoirí atá tagtha ar an oileán. Tá spórt, ealaín, drámaíocht, snámh agus rince ar chlár imeachtaí an champa a leanfaidh ar aghaidh go dtí inniu (Aoine).

Reachtáiltear Campaí Samhraidh Óige na Gaeltachta trí Ghaeilge le haghaidh úsáid na teangan a chothú i measc an aosa óig. Bhí triúr cinnirí óige ó Mhúscraí - Sarah Hamilton, Holly Ní Ghráda agus Billy Ó hÉalaithe - ar Oileán Chléire chun an campa a reachtáil i dteannta Oifigeach Forbartha na Mumhan le hÓige na Gaeltachta, Ultan Ó hAodha.

Tá 20 leanbh san aoisghrúpa 6-10 cláraithe do Champa Samhraidh cúig lá a bheidh ag tosnú i mBéal Átha 'n Ghaorthaidh Dé Luain seo chugainn, agus reachtálfar ceann do leanaí idir 6 agus 14 bliana d'aois sna Déise an tseachtain dár gcionn (Iúil 19-23), le himeachtaí ansan bunaithe i Halla Pobail na Rinne.

Leis an éileamh atá ann, beidh dhá champa don aoisghrúpa 6-14 á reachtáil ag Óige na Gaeltachta i nGaeltacht Mhúscraí, agus tá an chéad cheann acu san lán, le 100 leanbh cláraithe do Champa Mhúscraí a a bheidh ar siúl i gCúil Aodha ón 26 go 30 Iúil. Tá áiteanna fós ar fáil do Champa Mhúscraí B a reachtálfar ansan ón 3 go 7 Lúnasa.

Is i gColáiste Íde a bheidh na himeachtaí bunaithe do Champa Samhraidh Chorca Dhuibhne a bheidh ar siúl ón 9 go 13 Lúnasa, agus beidh campa do dhéagóirí idir 13 agus 18 mbliana d'aois á reachtáil i gCúil Aodha ón 16 go 20 Lúnasa.

Tá táille €40 an duine ar na Campaí Samhraidh, nó €70 do bheirt agus €90 do thriúr ón gclann chéanna. Is féidir a thuilleadh eolais d'fháil ó ultan@onag.ie.

# Cúrsaí Gaeilge i Múscraí

TÁ 150 dalta ag freastal faoi láthair ar an dara ceann de thrí chúrsa Gaeilge atá á reáchtáil ag Coláiste na Mumhan i mBéal Átha 'n Ghaorthaidh. Daltaí cónaithe sa mhórchuid atá ar an gcúrsa trí seachtaine, iad ag fanacht ar lóistín i gColáiste na Mumhan. Bhí an chéad cúrsa lán, 170 dalta cónaithe go hiomlán ag freastal air. €700 an costas atá ar na cúrsaí do dhaltaí atá ag fanacht ar lóistín agus €300 an táille atá ar na daltaí lae.

Cuireadh tús an tseachtain seo caite chomh maith leis an gcéad cheann de thrí chúrsa Gaeilge atá á reachtáil ag Coláiste Samhraidh Gael-Linn i mBaile Bhúirne. Tá 72 dalta ag fanacht ar lóistín i gcúig cinn de thithe áitiúla, iad ag freastal ar ranganna agus imeachtaí eile i gColáiste Ghobnatan i dteannta 22 dalta lae.

Is cúrsa trí seachtaine é an chéad chúrsa i mBaile Bhúirne agus cúrsaí coicíse atá i gceist leis an dá cheann eile. €850 an costas atá ar na daltaí atá ag fanacht ar lóistín don chúrsa trí seachtaine, agus €680 an táille atá ar na cúrsaí coicíse. Is €225 an costas atá ar na daltaí lae atá ag freastail ar an gcéad chúrsa trí seachtaine, agus €175 an duine atá i gceist leis na cúrsaí coicíse.

Is do dhaltaí idir 11 agus 18 bliain d'aois an chéad dá chúrsa i mBaile Bhúirne, agus daltaí idir 11 agus 16 bliain d'aois a bheidh ag freastal ar an dtríú cúrsa ina mbeidh béim ar imeachtaí spóirt - peil, iománaíocht, cispheil agus liathróid láimhe.

### Cathair Chorcaí

# Gaeil Cois Laoi

BEIDH Ciorcal Gaeilge ag an ngrúpa seo in óstán an Clarion ar 12ú Iúil ar 8i.n. agus fáilte roimh chách. Tá Oíche Ghaelach á heagrú againn a bheidh ar siúl in óstán an Grand i Mainistir Fhear Maí ar an Satharn 17ú Iúil ag tosnú le dinnéar ar 7i.n. Beidh ceol, amhránaíocht, scéalaíocht agus crannchur ann chomh maith i rith na hoíche le duaiseanna áille Gaelacha.

Tá Gaeilgeoirí Cois Laoi ag ullmhú le haghaidh ceiliúrtha eile: Seachtain Oidhreachta i mí Lúnasa. Tugaimid cuireadh do gach éinne bheith linn agus fáilte (ach d'áit a chur in áirithe roimh 12ú Iúil). Gach eolas breise ó Eilís ar 087 1235203.

Sinne le chéile, sin é neart na Gaeilge.

## Corca Dhuibhne ag Caint!

GRIANGHRAF: ELAINE KENNEDY




**Marie O'Rourke, Tara Ní Mhoráin, agus Joan Ní Chíobháin do Chorca Dhuibhne ag caint.**

### Scéalta Chorca Dhuibhne

**Le Breandán Mac Gearailt**

# Feachtas

"NÍ codladh gaiscígh ná codladh an traonaigh atá orainn le cúpla bliain," a dúirt Cathaoirleach Chumann Chearta Sibhialta Ghaeltacht Chorca Dhuibhne, Seosamh Ó Conchúir, le Gaelscéal an tseachtain seo.

"Ní fiú a bheith i mbun feachtais mura bhfuil aon chall leis," ar sé. "Tá cúlú eacnamaíochta domhanda ann agus tá an bhróg ag luí orainn ar fad dá bharr, ach ní hionann sin agus a rá go mbeimid ar na sráideanna ar son aitheantais. Ach beimid ag cur ball ar an eolas a bheith ag réiteach do mhórfheachtas más amhlaidh go mbaineann an Rialtas an ról tionsclaíoch d'Údarás na Gaeltachta.

"Má bhaintear an chumhacht san den Údarás beimid scriosta. 25 post a chruthaigh an IDA i gCiarraí anuraidh agus chruthaigh an tÚdarás 35 i nGaeltacht Uíbh Ráthach. An gá a thuilleadh a rá?

"Is minic é cloiste agam ó dhaoine ar fud na hEorpa a thagann anseo ar saoire, gur an-bheartas é eagraíocht dhaonlathach mar an tÚdarás ina bhfuil ionadaithe an phobail agus bainistíocht ag obair le chéile. B'í an tuairim go mba cheart a leithéid a leathnú. Ach ní mar sin a mheasfadh cuid de lucht na bpeann," ar sé. "Bhíodar-san ardghlórach agus cad é pleananna acu, beartais na fuaire, sarar bunaíodh an tÚdarás, ach cuireadh ina dtost iad. Anois tá a gcosa bóracha á gcur fúthu ag cuid acu, idir státseirbhísigh, naimhde sna meáin agus eilimintí sa pholaitíocht."

Níl i gceist agam seanmóir a thabhairt mar nach bhfuil aon chinneadh mar seo déanta, ach má bhíonn sé den diabhal ar an Rialtas é sin a dhéanamh beimid go léir, ós na ceithre hairde sa tír, ag cur cos fhear gach uainn nach ngéillfidh.

"Ach tá súil agam nach dtarlóidh sé sin, mar ní cheannódh aon ní an suaimhneas," ar sé go leamhgháireach.

# Smugairlí Róin

CÉ a déarfadh é, ach nar bhuail ráth de smugairlí róin go leor de thránna Chorca Dhuibhne le déanaí. Smugairlí beaga is ea iad.

Bhí tráth ann agus dá bhfeicfeá smugairle ba chomhartha é go raibh farraigí teo chugat, ach is baolach gur a mhalairt atá i gceist leis na ráthanna miona seo.

Bheadh duine ag súil go mbeadh an t-uisce te de thoradh na haimsire brothallaí atá againn le beagnach dhá mhí, ach ní hamhlaidh atá fós.

Tá daoine ann agus bíonn siad scanraithe roimh na smugairlí róin mar go gcuirfeadh siad cealg ionat. Sa chás sin, moltar do dhaoine má ghoilleann sé go mór orthu, dul faoi dhéin an dochtúra, mar i gcásanna fánacha d'fhéadfadh duine bás a fháil. Sin é a deir lucht an eolais.

San idirlinn tá cuid de na smugairlí is déanaí ag tosnú ar bhogadh leo. Tá súil againn go n-ardóidh teocht an uisce, anois go bhfuil na smugairlí beaga gránna sin ar tí sinn a thréigint.

Dúirt bean eolach ar an ábhar seo linn go raibh uiscí Chorn na Breataine "tuilte leis na priongairí beaga seo," ní rófhada ó shin agus go mba dhíomá mhór é nuair a tuigeadh gur uisci fuara a thaithíonn siad. Cad as ar thánadar? Aduaidh ní foláir!

N'fheadar an cuimhin leat go raibh daoine á thuar go mbeadh ardú ar an teas ach go mbeadh formhór de na stoirmeacha ag teacht aduaidh seachas mar a bhíodh ón deisceart. Ach bheadh duine ag súil gur beag a thiocfadh as Murascaill Mheicsiceo na laethanta seo, fiú más uiscí teo a bheadh i gceist. An fearr smugairlí beaga gránna ná cnapáin d'ola smeartha BP? Rogha an dá dhíogha. San idirlinn fógraímid na smugairlí suaracha seo ar ais abhaile.

# Ag Caint

IS mó cor a chuireann an saol de. Bhí uair ann agus ba bheag ná go gcuirfí fios ar lucht na gcasóg bán dá labhrófá Gaolainn i siopaí áirithe sa Daingean. Tá beagán den áiféis sa mhéid sin, mar go raibh go leor daoine ar an mbaile sin i gcónaí nach raibh aon mheirg ar a dteanga Ghaelach.

Ach is an-tuar dóchais do lucht chur chun cinn na Gaolainne go mbeadh siopaí agus ollmhargaí sa Daingean, mar shampla, Mór-Shiopa na Trá, ina bhfuil gach ball foirne sásta Gaolainn a labhairt go fonnmhar.

Is dócha gur athrú meoin agus comhoibriú idir dhreamanna éagsúla atá ag cur misnigh ar scata.

Tá ceithre dhream tagtha le chéile agus socruithe déanta le siopaí móra agus le hollmhargaí cúpla uair a chloig a chur i leataobh le custaiméirí a ghríosú le Gaeilge a labhairt. Tugann siad seo 'Corca Dhuibhne ag Caint', orthu féin. Is iad na dreamanna atá i gceist ná Oidhreacht Chorca Dhuibhne, Cumann Lucht Gnó agus Trádála an Daingin, Údarás na Gaeltachta agus FÁS.

Tá beirt i mbun na socruithe, is iad sin Siobhán Ní Chíobháin agus Nollaig de Baróid.

Dar le Máire Uí Shíthigh ón Oidhreacht,tá ag éirí go seoigh leis an iarracht. Bronntar suaitheantais, cinn do dhaoine le cúpla focal, foghlaimeoirí agus daoine atá líofa. "Tá daoine ann," ar sí, "nach maith leo suaitheantais d'aon sórt agus an ceart sin acu. Má tá fonn ort cupán caife a ól i dtimpeallacht Ghaeilge, nó do ghnó a dhéanamh trí Ghaolainn, téir i dteagmháil le 'Corca Dhuibhne ag Caint'. Agus má tá aon duine go bhfuil moltaí acu i leith cur chun cinn na scéime, fáilteofar roimh a dtuairimí, arsa Máire.

**ULAIDH**
NUACHT

Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

# Aonach Meánaoiseach i Leitir Ceanainn

**Le Judy Ní Ógáin**

BEIDH aonach meánaoiseach a reáchtáil i Leitir Ceanainn an samhradh seo. Is ag fear áitiúil, atá ina ghabha dubh agus ina ghabha claimhte, a bhí an smaoineamh, Charlie Gallagher as ceantar Rúscaigh.

Tá sé féin agus a bhean céile, Katya, ina n-úinéirí ar an gcomhlacht 'Éireann Edge', comhlacht a chuireann siamsaíocht agus oideachas ar fáil don phobal ag imeachtaí ar fud na tíre. Déanann siad athachtú ar shochaí mheánaoiseach agus cuireann siad ar siúl taispeántais cheardaíochta agus taispeántais throdaireachta. Reáchtáil siad aonaigh roimhe seo i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh agus d'éirigh go geal leo. Beidh an tAonach i Leitir Ceanainn ar siúl i bpáirc taispeántais Bháinigh ar an Domhnach, 1 Lúnasa. Is é seo an chéad uair a bheidh a leithéid d'aonach san iarthuaisceart. Mhínigh Charlie Gallagher go mbíodh ar gach duine ón réigiún taisteal go contae éigin eile in Éirinn chun a leithéid d'aonach a fheiceáil.

"Bainfidh gach aoisghrúpa sult as an imeacht seo i mBáinigh. Creidimid go gcuirfidh sé gliondar ar dhaoine agus siamsaíocht den scoth ar fáil. Ceann de na príomhimeachtaí a bheas ar siúl le linn an lae ná cogadh le comhrac beo agus saighdeoireacht. Feicfidh an pobal crann tabhaill d'fhíormhéid mheánaoiseach in úsáid, an t-aon cheann dá leithéid atá le feiceáil sa tír.

"Tá go leor spéise á léiriú sa ceardaíocht agus san athachtú atá ceangailte le hoidhreacht láidir Albainis Uladh sa cheantar seo. Chonaic muid an tóir a bhí ar na hathachtuithe seo sna ceantair eile, agus táimid ríméadach go bhfuil muid á dtabhairt go dtí an t-iarthuaisceart don chéad uair riamh," a dúirt Charlie.

Tá Charlie mar ghabha dubh le deich mbliana anuas agus díríonn sé ar chlaimhte meánaoiseacha agus ar airm chiumhsacha den chuid is mó. Déanann sé geataí, insí maisithe agus cinn shaighde, chomh maith le rudaí eile ar nós píosaí faoi leith d'armúr meánaoiseach. Bíonn a chuid oibre uilig faoi thionchar na meánaoise.

Déanann sé na hairm ar fad a ghaibhniú de láimh ag úsáid teicnicí traidisiúnta agus déantar tástáil dhian orthu lena gcaighdeán a chinntiú.

I measc na n-imeachtaí a bheas ar siúl ar an lá, beidh ceardlann do pháistí agus do dhaoine fásta chun an chlaimhteoireacht a fhoghlaim, Beidh ceardlann drumaí, ceardlannn damhsa Albanaigh, ceardlann damhsa Ghaelaigh agus go leor eile ann chomh maith. Beidh Charlie ag taispeáint a cheirde féin, déanamh claimhte agus uirlisí ciumhsacha. I measc na dtaispeántas a bheas le feiceáil beidh gaibhneacht, suíomh tógála meánaoiseach, stoic adhmaid agus caighean do pháistí. Chun daoine a spreagadh a bheith páirteach san aonach, beidh comórtas cultacha bréige meánaoiseacha ann agus duaiseanna uathúla le buachan.

Geobhaidh buaiteoir na bhfear claíomh fada de luach €400, agus geobhaidh buaiteoir na mban barrbhanda ar dhath an airgid de luach €200. Is í duais na ndéagóirí ná tacar saighdeoireachta ar fiú €250 é agus beidh seans ag páistí faoi 12 bhliain a ghléasann suas claíomh beag darach agus sciath do pháistí a bhuachan. Is féidir roinnt ticéad a cheannach don ócáid roimh ré ar an idirlíon www.eireannedge.ie Tosaíonn an t-aonach ag 11.00r.n. agus leanfaidh sé ar aghaidh go dtí 6.00i.n.



**Beirt cheoltóir cáiliúil Éireannach, Moya Brennan ó Clannad agus Mairéad Ní Mhaonaigh ó Altan, ar stáitse ag 'Leo's Tavern', Mín na Leice, Co. Dhún na nGall. Bhíodar ag tabhairt tacaíochta don phobal áitiúil ag ceolchoirm atá i mbun agóide mar gheall ar phlean an BSL agus Eirgrid chun piolón tarchuir chumhachta agus líne chumhachta ardvoltais a chur trí iarthar Dhún na nGall.**

# Postanna Largo Foods gan socrú

**Le hEoin Mac Garvey**

AGUS muid i dul i gcló (tráthnóna Déardaoin) ní raibh soiléiriú ar bith fá cad é atá in ndán do na hoibrithe sa chomhlacht Largo Foods ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair.

Bhí an fhoireann sa mhonarcha ag caitheamh vótaí le dhá lá faoi phlean na bainistíochta chun tuarastal na n-oibrithe a ghearradh 3.5% le cuidiú chun costais bhreise a ghlanadh.

Roinnt seachtainí ó shin d'fhógair an comhlacht go raibh siad le hinfheistíocht bhreise de €2.2 milliún a dhéanamh i nGaoth Dobhair le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta agus níos mó dá scór post úr a chruthú. Is cosúil anois go raibh an infheistíocht seo ag brath ar an bhfoireann a bheith sásta glacadh leis an ngearradh pá.

Chaith mórchuid den fhoireann vótaí tráthnóna Dé Máirt agus bhíothas ag dréim le toradh tráthnóna Dé Céadaoin ach cuireadh moill air de bharr cuid acu bheith ag obair uaireanta difriúla.Tá sé ráite ag an chomhlacht nach mbeidh na postanna úra ag tarlú i nGaoth Dobhair gan comhaontú ar an ghearradh pá agus go bhfuil seans go mbeadh obair eile atá i nGaoth Dobhair á haistriú go háit éigin eile.Tá cáineadh déanta ag an Seanadóir Pearse Doherty ar sheasamh an chomhlachta agus dúirt go bhfuil na hoibrithe fágtha in san fhaopach.

# Grúpa agóide ar dhroichead Ghaoth Beara

**Le hEoin Mac Garvey**

BEIDH gach gluaisteán a theann thar abhainn Ghaoth Beara in iarthuaisceart Dhún na nGall amárach (Dé Satharn) á chur ar an eolas fá imní an phobal fá na pleananna atá ag Bord Soláthair an Leictreachais agus ag Eirgrid chun líne cumhachta 110kv a thabhairt fríd iarthuaisceart an chontae.

Tá roinnt coistí timpeallachta agus agóideacha ag teacht le chéile ar an droichead aitheanta seo le léiriú a dhéanamh ar an imní atá orthu fan líne cumhachta agus, chomh maith,fán phlean mianadóireachta i gceantar Ghaoth Beara a léiriú. Tá siad ag dréim go mbeidh daoine ag trasnú an droichid as deisceart an chontae, as na sé contae agus fiú lucht tithe saoire nach bhfuil ar an eolas fán fheachtas atá ar bun in éadan an líne a bheith os cionn talaimh agus in éadan na mianadóireachta.

Tá cuireadh tugtha ag na grúpaí d'ionadaithe pobail an cheantair bheith i láthair ar an droichead ach meastar nach mbeidh mórán acu ann. Ag cruinniú poiblí a bhí sa cheantar le gairid le plé a dhéanamh ar an líne cumhachta agus ar an phlean mianadóireachta ní raibh ach an Comhairleoir Contae Frank McBrearty (Lucht Oibre) i láthair cé gur tugadh cuireadh do na hionadaithe poiblí uilig. Thug urlabhraí ón ghrúpa ATP (Alternative to Pylons) le fios chomh maith gur thug an Seanadóir Pearse Doherty (Sinn Féin) tacaíocht dóibh ag ceolchoirm le gairid. Dúirt an Dochartach ag deireadh na seachtaine gur cinneadh é a mbeidh an contae buartha faoi má théann an plean ar aghaidh leis na piolóin móra a thógáil fríd iarthuaisceart an chontae. "Níl sé ró mhall ag Bord Soláthair an Leictreachais athrú a dhéanamh," a dúirt sé.

Bhí dhá cheol-choirm ag an ghrúpa ATP an tseachtain seo caite le hairgead a bhailiú d' fheachtas s' 'acu agus bhí Tábhairne Leo i Mín na Leice lán go doras an dá oíche acu.

# Comórtas Rasaíochta Currach ag Ceann Caslach

**Le Seán Ó Curraighín**

CRUTHÓFAR píosa stáire amárach nuair a chuirfear tús le Comórtas Rasaíochta Currach na hÉireann ag Cé Cheann Caslach, i nDún na nGall. 'Sé an chéad uair riamh go mbeidh an comórtas á chur i láthair sa chontae, faoi cheann Chlub Currach na Rosann.

Beidh breis is tríocha foireann lonnaithe ar chósta thiar na hÉireann, chomh fada ó dheas le Ciarraí, ag tarraingt na gcéaslaí sna Rosann amárach i raon leathan rásaí idir rásaí na bhfear, rásaí na mban, mheasctha agus sóisir.

Mairfidh gach rás timpeall 12 nóiméad. Tá gean mór ag teacht ar an spórt le roinnt blianta anuas agus clubanna á n-athbhunú i gCorcaigh, sa Chlár agus i nGaillimh.

Athbhunaíodh Club Currach na Rosann in 2005 tar éis briseadh dhá scór bliain. Deir Oscar Duffy, ball den Chlub, gur tugadh dhá churrach don Chlub Iomartha áitiúil in 2005 mar bhronntanas. Go dtí sin ní raibh aon rásaíocht currach sa chontae ó na seascaidí.

"Bhí sprioc againn chun an spórt a athbheochan in iarthar Dhún na nGall agus ó shin i leith bunaíodh clubanna currach i nGaoth Dobhair agus sna Dúnaibh," arsa Oscar.

# Imeachtaí den scoth geallta d'Fhéile Mháire an Chlocháin Léith 2010

**Le Judy Ní Ógáin**

TÁ Féile Idirnáisiúnta Mháire an Chlocháin Léith ('The Mary from Dungloe Festival') ag déanamh a bealaigh go Gaoth Dobhair i mbliana do Dhinnéar Mór Bliantúil na Féile.

De bharr go bhfuil Óstán na Rosann dúnta, beidh Dinnéar Mór na Féile anois ar siúl in Óstán Ghaoth Dobhair Dé hAoine an 30 Iúil, le ceol le Gary Gamble.

Seoladh clár oifigiúil na féile ar líne le gairid, áit a dtaispeánann sé na himeachtaí éagsúla ar fad a bheas ar siúl le linn na féile ón 24 Iúil go dtí an 2 Lúnasa. I measc na n-imeachtaí a bheas ar siúl beidh ceol sráide, imeachtaí do pháistí, spóirt uisce, imeachtaí pobalbhunaithe agus neart eile. Tá 10 lá de spórt, craic agus spraoi i gceist leis an bhféile, siamsaíocht agus ceoil don teaghlach ar fad, idir óg agus aosta.

Is í Pearsa Thír Chonaill 2009 Mairéad Ní Mhaonaigh, a dhéanfas an Fhéile a oscailt go hoifigiúil le ceol ó na 'Legends of Vegas' ina dhiaidh ag cur tús le clár an cheoil sráide.

# Moill fhada ar Choinní Comhairleacha d'othair in Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn

**Le Judy Ní Ógáin**

TÁ ar othair ag Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn fanacht ar choinne comhairleach le suas le 10 n-uaire níos faide ná othair ag ospidéil eile ar fud na tíre. Caithfidh othair ag an ospidéal, a bhfuil litir seolta ar aghaidh ag a ndochtúir teaghlaigh ar a son, fanacht 37 seachtain nó 259 lá ar a mheán, ar choinní ginearálta d'othair sheachtracha, agus gan ar othair eile atá ag fanacht ar choinne den saghas céanna in Ospidéal na Trócaire, i gCorcaigh, ach fanacht 25 lá ar a mheán.

Léiríonn na figúirí ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte gur in Ospidéal Réigiúnach an Mheán-Iarthair i Luimneach atá an tréimhse feithimh is faide dá leithéid seo de choinní, le 531 lá ar a mheán, nó níos mó ná 18 mí. In Ospidéal Réigiúnach Shligigh, caithfear fanacht 127 lá ar a mheán do choinní ginearálta comhairleacha leighis.

Is í an mheántréimhse feithimh ar choinne do chluais, srón & scornach (nó ENT) in Ospidéal Leitir Ceanainn ná 228 lá, nó níos mó ná 8 mí. Is féidir é sin a chur i gcomparáid le tréimhse feithimh ar a mheán de 8 seachtaine ag Ospidéal Réigiúnach Shligigh, áit go bhfuil an tréimhse feithimh is ísle sa tír do choinní comhairleacha ENT.

D'othair as Dún na nGall atá ag fanacht le coinní máinliachta comhairleacha, caithfidh siad fanacht ar a laghad suas le 207 lá, níos mó ná 9 n-uaire níos faide ná mar atá ar othair ag Ospidéal Chontae Lú fanacht, áit nach bhfuil ach 22 lá feithimh i gceist.

Tá an tréimhse feithimh is faide sa tír in Ospidéal Ginearálta Phort Laoise, áit go mbíonn ar othair fanacht ar choinní máinliachta ansin ar feadh suas le 1,276 lá, nó ceithre bliana go leith ar a mheán.

Bíonn ar othair a bhíonn ag lorg coinní máinliachta comhairleacha in Ospidéal Réigiúnach Shligigh fanacht 98 lá ar a mheán. Agus is in Ospidéal Réigiúnach an Mheán-Iarthair i Luimneach arís atá an tréimhse feithimh is faide don gcineál seo coinne, ag ceithre bliana go leith.

# 3 TUAIRIMÍ

# KAH agus KAT



Le hEoghan Ó Néill

Bhog mé go tuaisceart Bhéal Feirste le déanaí. Mar sin, ní raibh mé thart, Dé hAoine seo caite, nuair a d'ionsaigh diúlaigh ó Iarthar Bhéal Feirste ceantar Protastúnach agus an PSNI.

Scrios na 'tírghráthóirí' seo bialann agus thug leo dhá scipéad lán airgid - ar son na hÉireann, 'dtuigeann tú.

An oíche faoi dheireadh, péinteáladh KAH (Kill all Huns) ar bhallaí an teampaill Phrotastúnaigh atá in aice liom i dtuaisceart na cathrach.

Agus Dé Luain, caitheadh buamaí artola le Halla Oráisteach Ros Earcáin in Aontroim Thuaidh.

Mar sin, b'amaideach an mhaise ag aon duine a mhaíomh nach bhfuil seicteachas ach ar aon taobh amháin sna Sé Chontae.

Ach mar sin féin, ní fíor don BBC ná don PSNI ná do na tráchtairí nuachtáin sin a mhaíonn go bhfuil 'an dá thaobh' chomh dona lena chéile. Sa chéad dul síos, tarlaíonn i bhfad níos lú d'fhorneart seicteach ar thaobh na gCaitliceach / na náisiúnach. I bhfad i bhfad níos lú.

Agus sa chás is go dtarlaíonn, is gnách le Sinn Féin, an SDLP, sagairt agus oibrithe pobail seasamh leo sin a ionsaíodh agus na hionsaitheoirí a cháineadh - ceannaireacht mhaith a imríonn tionchar ar bhunús na gCaitliceach.

Ach coicís ó shin, i gceantar an Village i mBéal Feirste, chuir buíon de bhiogóidí dílseacha bean Chaitliceach agus roinnt Polannach amach as a dtithe.

I lár an lae ghil.

Seachas muintir na háite a eagrú chun tacú leo sin a díbríodh, d'fhan polaiteoirí aontachtacha ina dtost.

D'fhan siad balbh i mí an Mheithimh, anuraidh, fosta nuair a ruaig biogóidí dílseacha níos mó ná 100 Rómánach as deisceart Bhéal Feirste.

Níor oscail siad a mbéal go dtí go ndeachaigh scéal na Rómánach ar fud na cruinne agus nach raibh an dara rogha acu ach labhairt amach faoi.

I mí an Mhárta seo caite, dhíbir biogóidí dílseacha 45 Polannach as a dtithe sa Village. 'Kristalnacht' beag.

Seachas tabhairt faoi na biogóidí, chaith polaiteoirí aontachtacha amhras ar cé chomh dona is a bhí an díbirt i bhfírinne. Agus chuir siad cuid den locht as ar tharla ar na Polannaigh féin.

Sin ceannaireacht duit!

Bhí an t-am ann nach raibh de thargaid ag biogóidí dheisceart Bhéal Feirste ach Caitlicigh. Ach ó thús na 1990í, tá a sáith targaidí acu. Ina gcéadta a díbríodh Afracaigh, Sínigh, Filipínigh, Úcránaigh, Turcaigh, daoine as oirthear na hEorpa, banaltraí, mic léinn agus Caitlicigh.

Tá 'Niggers Out' agus 'Combat 18' anois le taobh KAT (Kill all Taigs) ar na ballaí.

Ach tá fuath ar Chaitlicigh ag croí aicíd na biogóideachta sa tuaisceart. Fuath atá ina chuid de DNA na Sé Chontae ón am ar bunaíodh an stát.

Agus an deireadh seachtaine seo, déanfaidh na Fir Bhuí agus lucht a dtacaíochta an ceiliúradh bliantúil ar an bhiogóideacht.

Dé Luain, chun a ndímheas ar Chaitlicigh agus ar a gcreideamh a nochtadh os comhair na bhFíníní iad féin, siúlfaidh na Fir Bhuí trí cheantair Chaitliceacha.

Ná bíodh aon mhíthuiscint ann: santaíonn Oráistigh máirseáil thart ar shiopaí Ard Eoin nó síos Bóthar Gharbhachaidh chun an salann a chuimilt sa chneá.







Chun a léiriú do na 'Taigs' go bhfuil siad faoi chois go fóill in 'Our Wee Country'.

Agus faoi mar a rinne an BBC ó am a bhunaithe, ligfidh siad sin orthu féin nach bhfuil san Ord Oráisteach ach cumann pobail a dhéanann 'Orangefest' a cheiliúradh.

Gheobhaimid beochraoladh an Dóú Lá Déag ar an Beeb agus athchraoladh ar ball.

Tá go leor cúiseanna le bheith dearfach faoi chúrsaí ó thuaidh. Tá an chogaíocht thart. Tá briatharchathanna anois ann seachas cathanna de shórt eile.

Ach tagann beagmhisneach orm i gcónaí ag an am seo den bhliain. Nó léiríonn séasúr na máirseála an fhírinne go lom. Taispeánann sé go soiléir go bhfuil fíorbheagán ceannairí maithe ag an phobal Protastúnach. In ainneoin na n-iarrachtaí móra a rinne eaglaisigh Phrotastúnacha agus oibrithe pobail áirithe.

In ainneoin iarrachtaí leithéidí Dawn Purvis.

Agus go dtí go mbeidh ceannairí maithe acu, fágfar cuid mhór den phobal Protastúnach mar a bhí riamh: eaglach, searbh agus lán d'fhuath dá gcomharsana Caitliceacha.

Ar íoróiní an tsaoil, tháinig tógáil croí i mbliana ó áit nach raibh dréim leis. Bhí Brian Robinson ina ghunnadóir UVF. I mí Mheán an Fhómhair 1989, scaoil sé chun báis Cailtíceach, Paddy McKenna, ag siopaí Ard Eoin. Agus é ag éalú ón láthair, mharaigh an SAS é. Gach bliain ó shin, reáchtálann an UVF 'mórshiúl Brian Robinson', mórshiúl a théann thart ar thithe ghaolta Paddy McKenna.

I mbliana, áfach, d'iarr Rab Robinson, deartháir le Brian Robinson, d'iarr sé ar an UVF gan mórshiúl a reáchtáil mar go bhfuil spás de dhíth ar chlann Robinson.

Ach luaigh sé go sonrach fosta ina chaint go mba cheart faoiseamh a ligean le clann Paddy McKenna.

Tá gnáthdhaoine sa phobal Protastúnach ar nós Rab Robinson ar mhaith leo ród eile a shiúl seachas ród na coimhlinte.

Is é an trua é nach bhfuil 'ceannairí' ag an phobal Protastúnach a bhfuil leathoiread sin de mhisneach agus de dhaonnacht iontu is atá i Rab Robinson.

## AR NA BLAGANNA



**An Caomhach : Gilad Shalit**
"Is cuma le lucht na gcearta daonna na daoine a bhfuil fíor-ghá le cabhair acu. Tacaíonn siad fós leis na coirpigh a bhíonn ag briseadh gach dlí. Cén fáth go bhfuil siad chomh dall sin? Fuath agus easpa céille, is dócha. Ach ar an gcaolseans gur as aineolas atá sé, roinnim fíricí anseo ó am go chéile."
http://caomhach.blogspot.com/

**Uathachas in Éirinn : Cobhsaíocht chloch ag dú-bhun loch.**
"De réir an OECD, tá geilleagar na hÉireann ag cobhsú. Cobhsaíocht chloch ag dú-bhun loch atá i gceist acu, an ea? Má's ASG an Ghaeilge ar LOL, cad is cóir a úsáid in áit FFS?"
http://uathachas.blogspot.com/

**Cinn Lae Uí Reachtair : M2010.07.02** "Tugann David Manning de MediaBite.org amharc anchuimsitheach, san alt seo, ar an chaoi ar tuairiscíodh na dúnmharuithe de na naonúr as an Tuirc a bhí ar bhord an Mavi Marmara agus an chaoi, go ginearálta, a dtuairiscíonn na meáin abhus scéalta faoi choimhlint Palaistín-Iosrael…"

**Hilary NY : An Gaeilgeoirín Gleoite**
"Féach, tá aingeal na n-aingeal inár measc! Is í an gaeilegeoirín is óige i NY, (chomh fada agus is eol domsa.) Is í Nora, iníon Mháire Haslam agus Tom Abernathy. Tháinig sí ar an saol ceithre sheachtain ó shin agus forbhfáilte roimpi óna deartháir Liam, a tuismitheoirí agus an domhan mór."
http://hilaryny.blogspot.com/

# Mise mar chaochán Rúiseach



Le Conall Ó Móráin

Tá scéal na spiairí Rúiseacha, más iad, i Meiriceá tar éis greim daingean d'fháil ar na ceannlínte sa tír sin agus trasna an domhain le coicís anuas. Bhí casadh Éireannach ar an scéal céanna mar go ndeirtear gur úsáid duine acu siúd a gabhadh pas Éireannach gur bhain le fear ó Dhún na nGall a thug cuairt tráth ar an Rúis.

I ndáiríre níl sé cinnte an spiairí in aon chor an dosaen a gabhadh mar go bhfuil na scéalta fúthu chomh dochreidte, gnáthdhaoine gur tugadh céannacht nua dóibh mar ghnáthdhaoine ina gcónaí i ngnáthάiteanna i Meiriceá. Deir na húdaráis atá i mbun na n-imscrúduithe faoi na daoine seo, a bhformhór atá saor óna cúisíoch iad, gurb é an obair a bhí le déanamh acu ná dul i bhfeidhm ar an saol Meiriceánach - obair mhór i dtír mhór do dhaoine beaga.

Ar ndóigh tá sé intuigthe go mbeadh mise ag caitheamh anuas ar an scéal seo agus mé ag iarraidh a bheag a dhéanamh de, b'fhéidir, mar gur chaith mise tréimhse san Aontas Sóivéadach tráth mar aoi ag na cumannaigh a bhí i gceannas ag an am. Deich lá a chaith mé ann agus bhuail mé le daoine sinsearacha sa Pháirtí Cumannach, le hardoifigigh sna ceardchumainn, tugadh ar cuairt mé go dtí monarcha chun bualadh leis na hoibrithe Sóivéadacha a bhí breá sásta lena gcuid in ainneoin nach raibh mórán aráin, gan trácht ar aon ní eile, ar fáil dóibh sna siopaí, fiú dá mbeadh dóthain airgid acu de bharr a gcuid oibre.

Agus mé ag trácht ar shiopaí, tugadh go dtí tús na scuainí fada mé nuair a stop muid le haon siopadóireacht a dhéanamh.

Seo sa tír go raibh gach aon duine comhionann ach go raibh mise ar bhealach éigin níos tábhachtaí ná na seanmhná a bhí tar éis uair nó dhó a chaitheamh sa scuaine chéanna. Ó, agus ní raibh mé ach fiche bliain d'aois, fós i mo bhrístí gearra.

Agus an fáth gur tugadh mise, saor in aisce, ar an turas seo? Chun go mbeadh tionchar, am éigin, ag na Rúisigh, nó na cumannaigh go pointeáilte, ar shaol na hÉireann. Dochreidte ach fíor.

Leis na glúine tá tíortha agus rialtais anseo agus thar lear tar éis iarrachtaí a dhéanamh, uaireanta fíneálta agus uaireanta eile gan bheith fíneálta in aon chor, dul i bhfeidhm ar dhaoine.

Má chuirim m'iníon ar scoil sa bhFrainc i gcomhair cúpla mí agus í san idirbhliain tá rialtas na Fraince sásta fóirdheontas a dhíol go mbeadh d'acmhainní agam díol as. Cén fáth go bhfuil cáiníocóirí na Fraince chomh flaithiúil liomsa? Ionas go mb'fhéidir go mbeadh tionchar éigin, am éigin, acu ar m'iníon, go mbeadh sí ábalta Fraincis a labhairt agus dá bharr go mbeadh sí báúil le cúrsaí Francacha.

Beidh mise mór leo freisin má bhíonn siad sásta mo chuid billí a dhíol. 'Vive la France' a deir mé.

Sna 1960í d'fhreastail m'athar, nach maireann, ar chúrsa in ollscoil Harvard agus daoine cosúil le Henry Kissinger sa rang leis. Dar le m'athair b'iad na spiairí Meiriceánacha, an CIA, a d'eagraigh an rud ar fad (chur sé olc glan ar m'athair nuair a fuair sé amach faoi) agus é mar aidhm acu daoine trasna an domhain a roghnú gur cheap siad go mbeadh tionchar acu ina dtíortha féin, am éigin, agus go mbeidís fabhrach do spriocanna polaitíochta domhanda Mheiriceá.

Cheapfainn féin gur crannchur iomlán a bheadh sa mhodh roghnaithe seo mar dá mbeadh tú ag lorg, abraimis, an chéad Taoiseach eile ar an tír d'fhéadfá ceantálaithe, tábhairneoirí agus imreoirí cluichí Gaelacha na tíre a thabhairt go Harvard agus fós is múinteoir bunscoile ó Mhaigh Eo, nár thug aon duine faoi deara agus é ar an gcoláiste, a d'fhéadfadh bheith i gceannas orainn go luath.







**Ar ndóigh tá sé intuigthe go mbeadh mise ag caitheamh anuas ar an scéal seo agus mé ag iarraidh a bheag a dhéanamh de, b'fhéidir, mar gur chaith mise tréimhse san Aontas Sóivéadach tráth mar aoi ag na cumannaigh a bhí i gceannas ag an am. Deich lá a chaith mé ann agus bhuail mé le daoine sinsearacha sa Pháirtí Cumannach**

Ach b'fhéidir gur fiú an iarracht sin a dhéanamh. I dtéarmaí caiteachas idirnáisiúnta ní dóigh go gcosnaíonn sé ach pinginí, agus gur mór an seans go bhfágfaidh sé rian éigin de dhea-mhéin ina dhiaidh.


Maidir liomsa agus mo chuid spiadóireachta, ní dóigh gur oibrigh sé. Fuair mé nimhiú bia agus mé i Moscó agus nimhiú meoin nuair a tháinig mé abhaile.

Ar ndóigh ní mise amháin a tugadh go dtí an tAontas Sóivéadach an turas sin. B'iad Aontas na Mac Léinn in Éirinn a d'eagraigh an turas agus mise mar Uachtarán ar Aontas an Choláiste Ollscoile i mBaile Átha Cliath ag an am. Tromlach na ndaoine a thaistil liom lean siad leo le cúrsaí ceardchumannachais nuair a d'fhág siad an coláiste agus mórán acu anois in uachtar i gComhdháil na gCeardchumann. D'imigh mise leis an bhfiontraíocht.

Bhí an t-ádh liomsa nár chaith mé ach deich lá san áit ag an am. Ach roghnaigh triúr oifigeach sinsearach ó Aontas na Mac Léinn trí seachtaine a chaitheamh leis na Sóivéadaigh ar chúrsa i Siberia más buan mo chuimhne, cé go mb'fhéidir go bhfuil mé míchruinn faoi shuíomh an chúrsa ós rud é gur ritheadh an crannchur sin trí bliana is tríocha ó shin. Tá mé cinnte faoi rud amháin. Eamon Gilmore T.D., an Taoiseach sa todhchaí b'fhéidir, duine den triúr.

Ach más réabhlóidithe a bhí dá lorg ag na Sóivéadaigh ceapaim gur chaill siad an Lotto sin freisin.

# 'Sí do mhamó, 'sí do mhamó ...



Le Bernie Ní Fhlatharta

Os cionn seachtain ó shin bhí páiste ag m'iníon agus buíochas le Dia tá gach uile shórt ceart - ach tá fadhb amháin agam, ceann beag, ach fadhb ina dhiaidh sin féin.

Mothaím i bhfad ró-óg le bheith i mo Mhamó ach caithfidh mé teideal éigin a roghnú seachas sin nó mo chéad ainm a úsáid.

Sa mBéarla tá 'Nanny' agus ní mhothaíonn sé chomh sean le seanmháthair ná Mamó agus níl aon cheo mí-cheart leo ach níl mise réidh chun an teideal sin a thógáil fós.

Bhí mé ag súil go mbeadh mé i bhfad níos ciallmhaire anois ná mar atá mé, cé gur shroich mé an leathchéad os cionn bliain ó shin.

Ach céard é ciall? Ar cheart dom tosú ag sábháil airgid anois? Ar cheart go mbeadh fios agam anois cén uair atá mo dhóthain ólta agam agus cé chomh fada agus is féidir liom fanacht amuigh faoin ngrian gan aon chothú ar mo chraiceann?

Tá fios mo ghnó níos fearr agam anois ach fós féin ní féidir liom a rá go bhfuil mé chomh críonna is a cheap mé a bheadh mé agus mé i mo Mhamó.

Bhí an-chion agam ar mo Mhamó féin, a raibh cónaí uirthi i gcathair na Gaillimhe agus ba thuras mór dhul ar cuairt aici ar an mbus. Is iomaí oíche a chaith mé ina teach ag breathnú anonn ar Ospidéal Réigiúnach na Gaillimhe ón fhuinneog thuas staighre. Ní raibh fáth ar bith gur ar an ospidéal a bhí mé ag breathnú ach go raibh sé lonnaithe amach ar aghaidh an tí agus nach raibh aon rogha agam, mura raibh mé ag iarradh suí thíos staighre léi féin agus mo Dhaideo ag éisteacht leis an raidió agus torann an chloig. . . tic, toc.

Ach bhí sí flaithiúil agus cineálta agus bhí foighid aici le n-éisteacht liom, cé nach raibh mórán le rá ag gasúir sna seascaidí.

Tá cuimhne agam ar an mbeirt againn ag siúl síos go bácús Uí Loideáin, áit a gceannódh sí cácaí milse agus toirtín úll, rudaí nach mbeadh againn go minic sa mbaile i gclann mhór.

Ach i dteach mó Mhamó fuair mé aire mhaith agus grá is dóigh, cé nach raibh póganna ná barróga i gceist. Níor tháinig siad sin nó gur thosaigh muid ag breathnú ar chláracha Meiriceánacha ar an teilifís! Ar mhiste liom agus mé i mo ghasúr gur Mamó a bhí uirthi?

Níor mhiste, mar níor thug mé faoi deara fiú agus is dóigh gur cuma cén t-ainm a bheas orm amach anseo.

Níl ann ach go gcaithfidh mise glacadh leis.

# Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

## Urlabhraí Gaeltachta gan Ghaeilge

TÁ Frank Feighan TD ceaptha ag Enda Kenny, Ceannaire Fhine Gael, mar urlabhraí ar Ghnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta. Mar sin de, is urlabhraí de-facto na Gaeilge é chomh maith. Níl aon Aire Gaeilge ná Urlabhraí Gaeilge ann go hoifigiúil faraor. Dá mbeadh rialtas ar bith nó páirtí polaitiúil dáiríre mar is ceart fá chúrsaí Gaeilge, bheadh a leithéid de phost ann.

Tá gach seans ann go mbeidh an tUasal Feighan ina Aire Gaeltachta amach anseo.

Níl mórán Gaeilge aige ar chor ar bith. Tuigtear go bhfuil sé i mbun fhoghlaim na Gaeilge faoi láthair agus guímid gach rath air agus is cinnte linn go mbeidh pobal na Gaeilge ar fad ag tacú leis sa phróiseas seo. Táthar ag súil go mbeidh sé ábalta líofacht a bhaint amach taobh istigh de thamall gairid.

Is féidir le polaiteoir a bheith ábalta cumasach gan Ghaeilge ar ndóigh, agus déanta na fírinne caithfear a aithint gurbh fhéidir a bheith chomh cumasach céanna gan Bhéarla.

Is doiligh a chreidbheáil áfach gurbh fhéidir leis a bheith éifeachtach mar Aire Gaeltachta amach anseo gan Ghaeilge.

Cén dóigh arbh fhéidir leis teacht ar thuiscint chruinn fá na Gaeltachtaí gan a bheith ábalta Raidió na Gaeltachta, TG4 ná Gaelscéal a thuiscint?

Conas ab fhéidir leis páirt a ghlacadh i ndíospóireachtaí agus i gcruinnithe trí Ghaeilge?

An é go bhfuiltear ag súil go mbeidh na cruinnithe seo i mBéarla amháin?. Ní bheadh sé sin inghlactha in aon chor.

Tá sé ráite go raibh Airí Gaeltachta ann gan Ghaeilge cheana agus is fíor sin. Ba mhasla é ag an am agus ba mhasla é dá dtarlódh sé arís.

## LITREACHA chuig an Eagarthóir

Cuirtear litreacha chuig **litreacha@gaelsceal.ie**.
Iarrtar oraibh a bheith chomh gonta agus is féidir.

### Ainmhithe óga scaoilte saor

A Chara,
An bhfaca sibh scata ainmhithe óga, lúfara a bhí scaoilte amach faoin aer den chéad uair agus iad ag poc-léimnigh anseo is ansiúd le háthas agus mothúcháin na saoirse ag dul i bhfeidhm orthu. Bhuel sin mar atá ag tarlú i measc na scataí daltaí atá tar éis scarúint le brú agus obair dhian, leanúnach na hArdteiste! Chonaic mé grianghraf ar an nuachtán nuair a bhí an scrúdú deireanach críochnaithe (Matamaitic Fheidhmeach ceapaim) i gcoláiste i gCorcaigh agus bhí grúpa daltaí ón rang Ardteiste ag caitheamh na leabhar suas san aer agus iad ag baint spóirt as an tsaoirse nuair a chuimhnigh siad orthu nach raibh staidéar ag bagairt orthu níos faide-ar deireadh thiar thall, bhí siad saor ón bhrú agus imní mar sin.

Tá an scrúdú thart agus is maith an rud e sin agus beidh siad ag ceiliúradh ar feadh cúpla lá -ansin beidh imní eile orthu ag lorg poist - post páirt-aimseartha agus de réir dealraimh, níl mórán dá leithéid le fáil. Tá cuid acu ag imeacht thar lear mar tá gaolta acu ins na tíortha iasachta agus beidh sos acu agus seans chun roinnt taistil a dhéanamh. Ach níl postanna páirtaimseartha, fiú amháin, le fáil róéasca níos faide anseo in Éirinn mar tá gearradh siar ar líon na noibreoirí i ngach ionad agus comhlacht.

Pé scéal é, is léir go bhfuil feabhas ag teacht ar chúrsaí eacnamaíochta agus seans maith go mbeidh postanna lán-aimseartha ar fáil dos na daltaí seo nuair a chríochnóidh siad a gcúrsaí tríú leibhéal sna blianta atá le teacht. Mar a bhíodh á rá ag na seandaoine i laethanta m'óige.. Ní féidir leis bheith ag cur báistí gan sos, i gcónaí...

Mise le meas
Eilís Uí Bhriain
Caisleán Uí Liatháin
Co. Chorcaí

### An Taisce mí-shásta

A Chara,
Teideal maslach do An Taisce a bhí ar an gcéad leathanach de Gaelscéal 25 Meitheamh. B'é ábhar an ailt ná athbhreithniú ar dhrochphleananna atá ordaithe ag an Aire John Gormley, ar 6 cinn d'údaráis áitiúla. Ba mhinic a rinne siad cinneadh i gcoinne a bpleananna áitiúla féin agus polasaí náisiúnta, ag géilleadh do chearta dílsithe. Toisc gur tugadh neamhaird ar threoracha an AE a bhain le Limistéir Chaomhantais Speisialta (SAC), Caomhnú Fiadhúlra agus Ghnáthóga Nádúrtha mar Bhogaigh (Wetlands) agus Portaigh, tá baol fineála ann. Sin fáth a bhuartha. Tá na hordaithe sin anthábhachtach inár bhfeachtas chun tionchar athrú aeráide a mhaolú. San alt i nGaelscéal cuireadh líomhaintí (de réir an Churadh Connachtach) i leith An Taisce ba mhaith liom a fhreagairt, le do thoil.

Bunaíodh An Taisce thart ar 60 bliain ó shin chun oidhreacht agus timpeallacht na tíre a chosaint. Caithfidh na h-údaráis iarratais pleanála áirithe a chur os a chomhair, mar is eagraíocht fhorordaithe (prescribed) é. Deachtóireacht? Samhlaítear gurbh iad na tógálaithe agus forbraitheóirí, le beannacht on Rialtais, a oibrigh mar "dheachtóirí" in ár sochaí. Cén Aire Chomhshaoil a bheadh bródúil as a lorg ar an oifig -- an M3 a bhrú ar Teamhair, i gcoinne tola an gnáth duine agus comhairle ó saineolaithe i mbaile is i gcéin?

Níl tithe aonaracha i gcoitinne nó Forbairt-Ribíneach ar leas daoine no an timpeallachta. Deineann siad deacrachtaí i gcomhair seirbhísí poiblí agus méadaíonn siad úsáid carranna - in aghaidh ár ndualgas chun laghdú suntasach ar Gháis Ceaptha Teasa a chur i gcrích. Gan amhras tuigeann An Taisce ceisteanna sóisialta agus de gnáth tagann réiteach le comhrá.

Tá ionchur ag Cumann na bFeirmeoirí, Bantracht na Tuaithe, agus timpeall 30 eagraíochta eile chomh maith leis An Taisce, sa Bord Pleanála agus tá An Taisce ar an ngearr liosta a roghnaíonn an Cathaoirleach. Is é an tAire Chomhshaoil a dheineann an cinneadh.

Tá ballraíocht oscailte d'éinne gur suim leis cuspóir an eagraíochta agus má tá sé níos láidre í Laighean agus BAC, sin an ceantar le tromlach an daonra sa tír. Níl rúndacht ag baint le obair An Taisce.

Tagann a acmhainn airgid don chuid is mó ó na baill agus téann sciar mór ar oideachas. Sábhálann National Spring Clean agus Green Schools roinnt maith airgid an cháiníocóirí. Thuill an feachtas seo ard-mholadh ó tíortha eile agus tá scéim phíolóta í bhfeidhm le 15,000 scoileanna sa tSín!

Le 10 mbliain anuas dá mbeadh an pobal aireach go leanúnach in a n-áit féin, ag iniúchadh na fógraí le "Tá X ag lorg cead pleanála -----" tá seans nach mbeadh gá leis an athbhreithniú costasach seo ar chriosú, scála agus airde roinnt foirgnimh agus ní bheadh ár dtír scriosta le torthaí de mhí-úsáid chumhachta den tsaghas seo. Cabhraíonn an t-eagraíocht carthanach, uile Éireannach, An Taisce chun a leithéid a sheachaint.

Is mise,
Lena Uí Dhubhghaill,
An Gleanntán,
Corcaigh.

### Tuaisceartach Lagchroíoch

A Eagarthóir a chara,
Nóta gairid atá anseo chun míshástacht a léiriú le polasaí nó easpa polasaí RnaG i leith na sé chontae sin i dtuaisceart na tíre atá go fóill faoi riail Shasana, nó mar is nós le RnaG a thabhairt ar an chuid seo den tír, 'Tuaisceart Éireann'.

Dar ndóigh is le téarmaíocht oifigiúil na Breataine agus an tSaorstáit a bhaineann 'Tuaisceart Éireann', cé nach ionann é seo is a rá go bhfuil aon chirte mhorálta ag baint leis an téarma. Ní féidir le duine ar bith a shéanadh go bhfuil dearcadh agus meon láidir frith-Ghaelach i réim sa dá státchóras chéanna. Is inmholta an dóigh ar chuir bunaitheoirí RnaG in éadan an dearcaidh sin gur éirigh leo an tseoid náisiúnta sin, mar atá Raidió na Gaeltachta, a bhronnadh ar mhuintir na nGaeltachtaí agus ar mhuintir na hÉireann trí chéile.

Nach dtiocfadh le stiúrthóirí reatha an stáisiúin raidió an misneach céanna a léiriú agus diúltú do bhuanú na críochdheighilte sa tír seo. Nó gach uair a thagraíonn siad do na sé contae le téarmaíocht shuarach Shasana, mar a bheadh tír eile ar fad inti, is amhlaidh gurb é sin atá ar bun acu. Gach uair a dhéantar neamhaird ar uimhir theagmhála d'éisteoirí an daorstáit nó gach uair a deirtear linn "go dtig dul i dteagmháil linn ar chostas glao áitiúil ó áit ar bith ar fud na tíre" tríd an uimhir 1-800, cuirtear ina luí ar phobal na 26 contae gurb amhlaidh go bhfuil dhá thír ar leith ar an oileán seo, seachas dhá státchóras mí-éifeachtacha ar leith.

B'fhéidir gur ábhar buartha nó cúis imní é do phobal Thír Chonaill, an Chabháin agus Muineacháin é áfach, ní amháin go bhfuil lucht údárais RnaG sásta na 6 chontae in Ultaibh atá faoi smacht na Sasanach cheana a ligean le sruth - nuair a d'fhógair siad mír nuachta faoi 'Chomhairle Chamógaochta Thuaisceart Éireann' (Dé Céadaoin 7 Iúil) is léir go raibh siad réidh leis an chúige iomlán a dhíbirt. Dochreidte, tá a fhios agam.

Tá go leor daoine agus dreamanna thart na laetha seo a bhíonn breá sásta a chur i gcuimhne dúinn gur faoi scáil Shasana a mhairimid sna 6 chontae. Impímse ar stiúrthóirí RnaG gan cuidiú leo.

Ní gá 'Tuaisceart Éireann' a rá de shíor. Ní ghlacfadh sé mórán de shaothar na huimhreacha teagmhála don tuaisceart a lua ó am go chéile. Agus ní bheadh an oiread sin céille nó cur amach ar an saol de dhíth lena thuiscint nach mbeadh ann dá leithéid d'eagraíocht agus 'Comhairle Chamógaíochta Thuaisceart Éireann'.

Is mise,
Tuaisceartach Lagchroíoch

# Beireann Brobh Beart

## Cúl-bhínseoirí corrthónach agus iriseoirí fiosrach?



Le Páidí Ó Lionáird



Noel O'Flynn TD

An tráth sin den bhliain arís nuair a bhíonn an Dáil ar tí briseadh do shaoire an tsamhraidh agus na TDanna, na hAirí agus go deimhin féin an Taoiseach agus an Tánaiste féin ag dul ar seachrán ar feadh tamaill, éalú ó na meáin agus, níos pointeáilte, ós na comhfhreagraithe polaitíochta éagsúla atá ag lorg beagán sa bhreis a léamh isteach i scéal nach bhfuil ann in aon chor.

Sin mar a bhí an tseachtain seo. An Dáil ar tí briseadh agus na hiriseoirí ag brath go mbeadh an samhradh ró-fhada dóibh féin le láimhseáil gan corr-shaighead a chaitheamh roimh ré faoi leibhéal sástachta na gcúlbhinseoirí lena gceannaire, an Taoiseach Brian Cowen. Agus bíonn cúlbhinseoir nó dhó gur féidir brath i gcónaí air chun an freagra atá ón iriseoir a thabhairt. Duine acu siúd ná an tUasal Noel O'Flynn, TD do Chorcaigh Thuaidh-Lár. Nuair a cuireadh ceist air faoi thoradh na pobalbhreithe IPSOS MRBI an mhí seo caite a léirigh tacaíocht d'Fhianna Fáil ag 17%, dúirt O'Flynn go gcaithfeadh an Taoiseach aghaidh a thabhairt air. Ó shin i leith, tá an t-uafás tarluithe. Bhí sos ó na gearáin ar fad ag an dTaoiseach agus cuireadh aon phlé ar an bpobalbhreith úd ar athló toisc deacrachtaí ceannaireachta Fhine Gael. Ní bheadh ann ach sos áfach.

I ngnó na polaitíochta, beireann brobh beart. Méadaíonn ráfla go scéal, as sin go scéal nuachta, scéal nuachta go snáthscéal seachtaine agus as san go taom scaoill i measc na gcúlbhinseoirí a bhíonn ag iarraidh freastal ar an dá thrá - vótaí na Dála agus obair na gclinicí áitiúla. Is ansin is fearr le treoircheist a chur orthu. Nuair atá siad sa bhaile ag fáil lán-chluaise ó thacaitheoirí agus ó chosmhuintir an pháirtí. Is ábhar iomlán astu féin iad cosmhuintir aon phairtí polaitíochta ach, mar chur síos gonta orthu, is ionann iad agus lucht tacaíochta fhoirne náisiúnta na France; nuair atá na coiligh ag buachaint, bíonn an chosmhuintir thar barr, ach má bhítear ar an gcúlchois, is iad is túisce le hiompú ina n-aghaidh ar fad.

Cuireadh na ceisteanna ar Noel O'Flynn ag am mar sin. Fuarthas an freagra lena raibh céad-údar an scéil ag súil agus as san, níorbh fhada go raibh an bhrobh bheag ina beart agus ag dul i méid. Chuir Mattie McGrath, TD do Thiobraid Árann Theas breosla leis an dtine. D'fhadaigh Máire Hoctor, TD Thiobraid Árann Thuaidh an tine agus phléasc Mary Wallace, TD na Mí, í nuair a staon sí ón vóta ar chearta na n-ainmhithe agus go háirithe nuair a bhí farasbarr an rialtais ídithe an oiread san. Agus an farasbarr céanna maolaithe tuilleadh anois ó baineadh an fhuip di, gníomh nach féidir a chleachtadh mórán eile anois mar go mbeadh an rialtas ina mhionlach dá ndéanfaí, baol mór anois le billí comhpháirtíochta agus pórú madraí fá bhealach.

Tá dhá mhí anois ag an rialtas len iad féin a neartú in aghaidh na n-ionsaithe an athuair sa bhfómhar. Dhá mhí le suí siar agus le teacht ar straitéis éigin inar féidir na géaga gointe a chneasú, bindealáin agus cásálaigh a chur le cnámha briste agus iarracht a dhéanamh leis an líne chríche a ghnóthú ar a laghad costas. Níl mórán amhrais ach gurb iad Fine Gael agus Páirtí an Lucht Oibre a bheidh sa chéad chomhrialtas eile ach caithfear iad a choimeád amach go dtí go mbeidh tréimhse na gcúig bliana caite. Is fada an t-achar ama seachtain i saol polaitíochta agus tá obair luachmhar agus thábhachtach le déanamh fós.

Mar sin, cad a thiocfaidh as seo? Sin í an cheist atá á cur mórthimpeall na tíre, ceist atá ar bharr a mbeola ag cosmhuintir na bpáirtithe comhrialtais. Fianna Fáil gan stiúir. An Comhaontas Glas gan aon chosmhuintir. Beidh samhradh an-fhada acu siúd freisin. Cinnte beidh siad buíoch as an mbriseadh agus deis chun fuinneamh a chur sna cadhnraí. Fuinneamh a bheidh go mór de dhíth orthu sa bhliain go leith romhainn go háirithe ós rud é go mbeidh buiséad cruálach eile á fhógairt ag an Aire Airgeadais roimh Nollaig. Ba leis an todhchaí a cheangail an Taoiseach a uaillmhian ag cruinniú den bpáirtí parlaiminte istoíche Dé Máirt seo caite. Á rá aige leis an mórshlua nach bhféadfadh ceist faoina cheannaireacht a bheith cláraithe gach re mí, chuir sé dúshlán ós a gcomhair siúd atá cáinteach, ar mhaith leo a cheannaireacht a cheistiú, go bhfuil córas ann chuige. Ar ndóigh, bhí fhios aige go raibh talamh slán déanta aige den scéal óir níl fonn ar éinne a bheith i gceannas na loinge pollta seo ar a dtugtar Éire Inc. B'fhéidir go sásóidh sé ceist na ceannasaíochta ón bpáirtí parlaiminte ach ar éigean go n-éireoidh leis an svae a thabhairt leis má bháitear tuilleadh an long úd i ndiaidh na cáinfhaisnéise!

## SÚIL SIAR na Seachtaine

Fáinne an Lae, Meitheamh 1898

### Nuaidheacht Éire

BHÍ cruinniughadh mór daoine ar Shráid Dhroichid Chrólaigh i gContae Dhúna-na-nGall. Is é fáth fár chruinnigh siad i gceann a chéile chum a iarrata ar fheis na Sacsan tosnughadh gan mhoill ar an mbóithrín iarainn idir Leitir Cheanáin 7 Port Bhurtoin. Cuireadh i bhfeidhm roinnt de rúnaibh comhairle ag baint leis an nídh so.

***

Fuair Tomás A. Bláca bás obann i n-a thigh féin i mBaile-Átha-Cliath tráthnóna Dia Domhnaigh. Fear nua-phósta b'eadh é. Bhí a bhean amuigh ag déanamh cuarta, 7 í ag feitheamh leis ann. Nuair nach bhfacaidh sí é ag teacht chuice, chuaidh sí a bhaile arís 7 is amhlaidh fuair sí é 'na luighe ar phlaic a dhroma ar lic an teinteáin 7 éadach cláir anuas air. Cuireadh fios ar an dochtúir 7 tar éis teachta dhó, fuair sé an fear bocht marbh. Ní raibh sé ar foghnamh 'na shláinte le tamall fada 7 bhíodh dochtúir ag teacht d'á fhéachaint anois is arís ó'n lá pósadh é.

***

Tá na prátaoi (no na fataoi) anghann timcheall Chille-Áirne. B' anbheag an méad díobh do bhí ar an margadh ann Dia Sathairn 7 ní raibh siad sain ar fóghnamh. Bhí sgilling san tomhas orra. Anois nuair tá ceannach ar phrátaoibh ag dul i laighead, tá ceannach ar arán ag dul i bhfeabhas, 7 tá sé air ag lucht bruithte aráin, a ndóthain de do dhéanamh do na daonaibh, leis an glaodhach atá air. Ní baoghal a rádh, ó chaithfá raol a thabhairt ar a lán ghalúin de phrátaoibh nár bh'fhiú iad a gcur ar chlár roimh aen neach, go bhfuil glaodhach ar arán ag dul i méid gach aon lá.

***

Tiománaidhe is eadh Seaghán O Broin ar an mbóithrín iarainn idir Bhaile-Átha-Cliath 7 Baile-na-mBeannacht. Tugadh Seaghán do'n chúirt Dia Luain de chionn gortughthe marbhtha do thabhairt ar Shiubháin Stíl an lá fá dheireadh ar Bhóthar an Teampaill Óig. Seanbhean b'eadh Siubhán 7 tamall tar éis dul san spidéal di, fuair sí bás ann. Dubhairt duine de na fearaibh dlighidh go mbadh cheart a chur siar go mbeadh a fhios aca caidé an bhreath bhéaradh coiste an chrónaire ar éag na mná. Fuair Seaghán urradhas 7 cuireadh éisteacht a chúise siar go fóill.

# 4 CÚRSAÍ SAOIL

# An Cúinne Suaimhneach



Le Treasa Bhreathnach



Tá an ghrian ag taitneamh le roinnt míonna anuas agus dúil ag cách a gcuid ama a chaitheamh amuigh faoin spéir. Ag an tráth seo den bhliain táimid uile in éad leis na comharsana béal dorais a bhfuil a gcúinne beag suaimhneach leagtha amach go hálainn acu ina ngairdín. Mura bhfuil tú go hiomlán eagraithe faoin am seo, (agus má tá ní labhróinn leat ar aon nós!) is é seo an t-am do chuid troscáin amuigh faoin spéir a cheannach ós rud é go bhfuil díolachán lár an tséasúir ar siúl sa chuid is mó de na siopaí.

Is agatsa an cinneadh an bhfuil tú chun treochta faisin troscáin a leanúint ó bhliain go bliain. Má tá, ní hamháin go mbeidh do spárán bánaithe, ach beidh do shamhradh uile caite agat ag siopadóireacht agus ag ceannach troscán nua agus ansin ag siopadóireacht do na hoiriúintí a théann leis an troscán sin! Ansin, céard a dhéanfá leis an troscán ar fad a cheannaigh tú anuraidh? Táim tuirseach traochta ag smaoineamh air, fiú! B'fhearr troscán amuigh faoin spéir a cheannach a thaitníonn go mór leat féin, agus ar an mbealach sin ní ghabhfaidh sé as faisean riamh agus ní bheidh le déanamh agat féin ach é a úsáid chun sult agus taitneamh a bhaint as an aimsir bhreá.

Seo é troscán a thaitníonn go mór liom féin - beidh orm an lotto [Crannchur Náisiúnta] a bhuachan le cuid de a cheannach - ach is féidir smaointe a bhunú air agus troscán den chruth céanna a cheannach ar leath an phraghais - agus in amanna ar chaighdeán níos ísle, ach is é sin an praghas a bhíonn le híoc ar mhargadh maith in amanna.

Ní gá moll mór airgid a íoc chun troscán nua a fháil i gcónaí. Smaoinigh ar throscán atá agat cheana féin a phéinteáil, nó b'fhéidir cúisíní nua a dhéanamh nó a cheannach do do chathaoireacha, nó oiriúintí nua a cheannach a chuirfidh cuma níos spraíúla nó níos nua-aimseartha ar do chúinne suaimhneach.





Tá neart áiteanna éagsúla inar féidir leat do chuid troscáin a cheannach, agus neart praghsanna éagsúla gur féidir iad a íoc chomh maith.

Más ag smaoineamh ar do dhinnéar a bheith agat amuigh faoin spéir atá tú, ní féidir ach a bheith ag smaoineamh ar bhia fulachta. Tá éagsúlacht mhór barbeques gur féidir iad a cheannach, idir iad siúd a oibríonn le tine adhmaid, fioghual, leictreachas, cumhacht na gréine nó gás fiú.



Ar ndóigh tá daoine áirithe ann a deir nach mbíonn an blas chomh maith céanna ar bhia déanta le barbeque gáis agus a bhíonn ar bhia sin a dhéantar le fioghual, ach tá argóintí ar gach uile thaobh den scéal. Tá buntáistí ag baint leis an barbeque gáis mar gur féidir leat tosú ag cócaireacht láithreach gan fanacht leis an bhfioghual téamh agus, go ginearálta, bíonn praghas níos saoire ar barbeque gáis.

Níl aon duine cinnte cárbh as ar tháinig an focal barbeque ach ar ndóigh tá an stil chócaireachta ar tine chomh sean linn féin. Cé gurb iad Meiriceá agus an Astráil na tíortha is mó a bhfuil cáil orthu ó thaobh bia fulachta de tá dúil i bhfad níos mó ag Éireannaigh sa chineál seo cócaireachta le blianta beaga anuas. Tá ceithre chineál cócaireachta i gceist leis an barbeque, an ceann is sine acu siúd ná cócaireacht dheataithe nuair a dhéan-





tar an fheoil a chócaireáil ar theocht íseal (240 céim Fahrenheit) agus i gcomhair tamaill fhada, suas le cúig huaire a chloig nó níos mó. Is féidir bia a bhácáil le barbeque, nó galstobhadh (braising) nó gríoscadh (grilling) a dhéanamh ar do chuid bia ar thine atá an-te, agus ar feadh achair an-ghairid.

Caithfear a bheith ag smaoineamh ar an sábháilteacht agus tú ag úsáid barbeque le cócaireacht a dhéanamh. Tá sé tábhachtach, ar ndóigh, nach nimheofar tú féin nó cibé cuairteoir atá agat don barbeque. Déan cinnte de go bhfuil an bia uile cócaráilte go maith, agus go bhfuil an fheoil te bruite an bealach ar fad tríd. Bí cinnte go bhfuil an barbeque glan sa chaoi nach mbíonn an iomarca gréisce ann - mar is féidir léi dul trí thine go héasca - agus sa chaoi nach mbíonn sé lán le baictéir. Le barbeque gáis déan cinnte de go lasann tú é agus an claibín ar oscailt mar, mura ndéanann tú é seo, d'fhéadfadh go mbeadh pléasc ann a chaithfeadh an claibín den barbeque ag déanamh dochair do dhuine éigin. Ní smaoineamh maith é éadaí scaoilte a chaitheamh gur féidir leo dul trí thine.

Níl anseo ach roinnt moltaí sábháilteachta. Léigh treoracha dhéantóir an barbeque go cúramach agus ná lig cead do pháistí a bheith thart ar an barbeque gan duine fásta. Bíodh múchtóir tine i ngar duit i gcónaí agus tú ag úsáid do barbeque.

Mura bhfuil gairdín cúil agat nó mura bhfuil sé suaimhneach go leor tá neart roghanna eile agat agus gan ag teastáil ach ciseán lán le sólaistí áille blasta. Líon suas do chiseán picnice agus téigh chuig an trá, amach faoin tuath nó go gairdín cúil cara leat (go háirithe más ar laethanta saoire atá siad!)












GAELSCÉAL
Dé hAoine, 9 Iúil, 2010

# 5 TEICNEOLAÍOCHT & GNÓ

# Tá an todhchaí feicthe agam!

Pléann **Diarmuid Ó Muirgheasa** 'HDBaseT,' - rud beag den todhchaí



Mar a bhí, tá rudaí tar éis bogadh ar aghaidh rud beag ó shin.




Tá an todhchaí feicthe agam! Cuid bheag di ar aon nós. Tá sé rud beag cosúil leis an domhan ina maireann na Jetsons, agus tugtar HDBaseT ar an mionchuid den todhchaí seo a fógraíodh ar na mallaibh. Ach sula labhróimid faoi sin, beagán buneolais.

Is iomaí caighdeán físe agus fuaime a bhí ann le blianta anuas, agus is iomaí slí a bhí ann i gcónaí na gléasanna go léir i gcúinne do sheomra suite a cheangal lena chéile. Féach ar aon cheann de na boscaí atá taobh le do theilifís agus feicfidh tú cuid acu, agus b'fhéidir go gcuirfeá an cheist, an bhfuil gá i ndáiríre le gach aon cheann acu: Scart, Composite, Component, HDMI, VGA, DVI, DisplayPort...?

B'fhéidir go n-aithníonn tú na hainmneacha sin, ach nuair a cheannaíonn tú gléas nua is dóichí ná a mhalairt go mbrúnn tú na cáblaí isteach in aon pholl a bhfuil an chuma air go bhfuil spás ann, agus go gcuireann tú na méara crosach ar a chéile agus é á chur ar siúl agat. Ach is cuma cén caighdeán a úsáideann tú, ceanglaíonn an seinnteoir DVD leis an teilifís leis an gcábla fada úd, nó ceanglaíonn an bosca Sky leis an teilifís leis an gceann tanaí úd. Oibríonn gach nasc, beag nó mór, díreach mar an gcéanna.

Má tá córas "pictiúrlann sa bhaile" agat beidh cúrsaí rud beag níos casta, ach ar an iomlán beidh sé mórán mar an gcéanna. Ceanglaíonn bosca A le bosca B, agus bosca B le bosca C, agus níl aon rud iontach cliste faoi aon chuid de seachas iarracht a dhéanamh a oibriú amach cén ceann é bosca A agus cén ceann é bosca B, agus cé acu den leathdhosaen nasc féideartha eatarthu an ceann ceart.

Rinneadh neart iarrachtaí fáil réidh leis an bpraiseach seo thar na blianta, ach an fhadhb ná go ndéantar iarracht fáil réidh leo trí chaighdeán nua "níos fearr" a dhearadh. Uaireanta is amhlaidh go mbíonn na caighdeáin nua seo níos fearr, ach ní dhéantar aon rud rónuálach riamh agus go ginearálta ní bhíonn mar thoradh ar an gcaighdeán nua ach go bhfuil caighdeán eile ann, taobh leo siúd a bhí ann cheana.

Ach tá slí chun an timthriall seo a bhriseadh. Dá bhféadfaí caighdeán a dhearadh a bheadh iomlán críochnúil ní bheadh gá le haon chaighdeán eile, agus bheadh síocháin faoi dheireadh i ndomhan na gcaighdeán! Ach cad iad na tréithe a bhainfeadh le caighdeán mar sin? Bheadh air bheith níos saoire ná HDMI, agus deireadh a chur leis an gcleachtas cáblaí cúpla méadar ar fad a dhíol ar €100 nó níos mó. (Dála an scéil, ná híoc riamh níos mó ná €15 ar chábla HDMI. Anois go bhfuilimid i ndomhan digiteach, níl aon difríocht ar chor ar bith idir cábla saor agus cábla le clúdach óir agus bosca iontach deas, seachas sa chás go bhfuil cábla níos mó ná 10m i gceist. Is minic a deir an lucht díolta sna siopaí móra a mhalairt. Ná héist leo!).

Ar ais chuig an gcaighdeán a chuirfeadh deireadh le gach aon chaighdeán eile: bheadh sé ábalta cumhacht a iompar chomh maith, ionas nach mbeadh gá le níos mó ná cábla amháin dul chuig an teilifís. Agus ligfeadh sé d'aon teilifís sa teach féachaint ar phictiúr ó aon seinnteoir DVD, nó bosca Sky, nó aon fhoinse eile atá sa teach. Ligfeadh sé do gach teilifís féachaint ar an bhfoinse céanna ag an am céanna, agus ligfeadh sé don athrú éasca ó fhoinse amháin go ceann eile aon am ar mhian leat é. Agus má tá cáblaí gréasáin sna ballaí i do theach cheana, bhainfeadh sé úsáid astu sin leis an nascadh seo idir seomraí a dhéanamh, seachas cábla nua eile a thabhairt isteach sa scéal.

Chuige sin, tháinig Sony, Samsung, LG agus Valens le chéile agus dhearadar díreach an caighdeán sin. Tugann siad HDBaseT air faoi láthair, ach níl mórán amhrais ann ach go bhfaighfidh na bodaigh sa roinn margaíochta a lámha air sin lá ar bith anois agus rud éigin níos soráite a chur air. Níl sé iomlán foirfe, ach níl sé i bhfad uaidh ach oiread. Ní féidir leis ach 100W cumhachta a iompar, rud a chiallaíonn go mbeidh cáblaí cumhachta fós ag teastáil do theilifís os cionn 37" nó mar sin. Agus beidh gá le cáblaí cat6 d'ábhar 3D, atá beagnach mar an gcéanna le gnáthchábla gréasáin ach atá beagán níos tibhe. Beidh gá le ródaire nua ar an ngréasán chomh maith, ceann ar féidir leis cumhacht a sholáthar, ach lasmuigh de sin is deacair locht a fháil air. Níos fearr fós, ní rud teoiriciúil é seo a fheicfear sa bhliain 2030. Tá an teicneolaíocht seo ullamh chun margaidh inniu, agus feicfear go forleathan é roimh dheireadh na bliana seo! Má tá tú ag lorg teilifís nua, fan go fóill. Agus má tá obair á déanamh ar an teach, caith cúpla cábla cat6 isteach taobh leis na cáblaí eile. Ní fada uainn an todhchaí anois!

## Laghdú ar phraghsanna tithe ó Thuaidh

le hAnton Mac Cába

BHÍ laghdú 5.7% ar phraghsanna tithe ó Thuaidh sa dara ráithe i mbliana, de réir an innéacs is déanaí ar phraghsanna tithe ón chumann foirgníochta Nationwide. D'fhág sé sin an Tuaisceart ar an aon réigiún sa Ríocht Aontaithe inar thit praghsanna.

Tá meánphraghas ar theach anois 5.2% níos lú ná mar a bhí bliain ó shin. B'é an Tuaisceart an t-aon réigiún sa Ríocht Aontaithe inar tharla laghdú le bliain anuas.

Luíonn an fhianaise starógach le breithiúnas Nationwide. Cúrsaí sa Tuaisceart féin is cúis leis an titim, ní fadhbanna an Deiscirt ag leathnú thar an teorainn.

Ar an suíomh Property Snake, tá liosta de 456 teach i gCo Aontroma ar laghdaíodh an praghas atá an díoltóir ag éileamh. Tá bungaló le trí sheomra leapa i Latharna, Co Aontroma, ar an mhargadh le dhá bhliain go leith.

Ag an tús, bhí an díoltóir ag éileamh £195,000 (€235,096); anois, tá £110,000 (€132,614) á éileamh.

# Na Táillí Fánacha sin

Pléann **Conn Ó Muineacháin** na contúirtí a bhaineann le húsáid do ghutháin phóca is tú thar sáile

TÁ an samhradh linn! Tá gruaim agus cúram an gheimhridh caite dínn, agus tá sé in am an obair a fhágáil ar leataobh agus dul ar thóir na gréine!

Coicís cois farraige? Is breá an smaoineamh é! Agus ní ar son na dea-aimsire amháin. Tráth dá raibh b'ionann laethanta saoire agus briseadh ón saol. Cuir an teach faoi ghlas agus prioc leat chun na trá. "Fág teachtaireacht le do thoil. Beidh ort fanacht go bhfillfimid."

Ach i ré seo na bhfón póca agus an idirlín, tá cuid againn a bhfuil deacracht mhór againn bheith incomunicado. Nílimid bródúil as seo. Is díol trua sinn, ach níl neart againn air.

"Tá súil agam go leagfaidh tú an diabhal fóin sin as do láimh nuair a bheimid ar laethanta saoire," arsa bean an tí seo. Ach níl sé chomh héasca agus a shíleann sí. Cá bhfios cad a thitfeadh amach ar Twitter an uair nach mbeinn ag faire air?

Is beag duine a théann ar saoire sa lá atá inniu ann gan an fón póca a bhreith leis. Agus ní hé nach bhfuil costas ag baint leis.

Go deimhin tá taithí ag go leor daoine, go háirithe i gceantar na teorann sa tír seo ar "bhille gan choinne" a fháil óna gcomhlacht fóin phóca. Tarlaíonn sé go minic má bhíonn an socrú roghnaithe ar an bhfón agat chun líonra a roghnú go huathoibríoch. Mura mbraitheann d'fhón aon líonra eachtrannach, cloíonn sé lena "líonra baile" féin, agus ní théann ar fán. Ach is iomaí duine a cheap go raibh sé slán ar thaobh amháin nó ar thaobh eile den teorainn sa tír seo, ach a bhí ceangailte le crann cumarsáide ar an taobh thall. Tá feabhas ar an scéal sin le blianta beaga anuas, agus tá pacáistí curtha ar fáil ag na comhlachtaí éagsúla a thugann réiteach éigin ar na fadhbanna seo. Ach cé nach bhfuil costas sa bhreis ag baint le cuid de na pacáistí seo, bíodh fhios agat go gcaithfear iad a éileamh mar sin féin.

Mar shampla, le O2 Travel, is féidir leat na nóiméid chéanna a úsáid in Éirinn thuaidh agus theas, chomh fada is go gcloíonn tú le O2 UK. Clúdaíonn an pacáiste céanna tú le ráta speisialta sa Bhreatain agus i 78 tír eile: is é sin 79c mar tháille ceangail do gach glaoch isteach nó amach, agus 30c in aghaidh an nóiméid agus tú ag glaoch amach. Níl aon chostas in aghaidh an nóiméid do ghlaonna a fhaigheann tú, ach tá an táille ceangail 79c i bhfeidhm.

Tá pacáistí den saghas céanna ag na comhlachtaí go léir, ach cuimhnigh go gcaithfear iad a éileamh roimh ré agus, freisin, go mbíonn coinníollacha ann uaireanta maidir leis na líonraí eachtrannacha ar féidir iad a úsáid.

Moltar glaoch ar do chomhlacht fóin sula bhfágann tú an tír. Abair leo cá bhfuil tú ag dul agus cén saghas úsáide a theastaíonn uait a bhaint as an bhfón.

Ceist eile ar fad is ea é más gnách leat seirbhísí idirlín agus a leithéid a úsáid ar d'fhón póca. Tá cúrsaí feabhsaithe go mór ó fuaireas bille €500 as comhad 30MB a uaslódáil sa Bhreatain, ach fós féin d'fhéadfá €20 - nó i bhfad níos mó - a chaitheamh go héasca ag breathnú ar do ríomhphost. Fós féin tá pacáistí ann. Má thugann tú do chipín leathanbhanda Vodafone chun na hEorpa is féidir leat pacáiste breise a cheannach ar feadh míosa a thabharfaidh an úsáid chéanna duit agus atá agat sa bhaile ar €20 don mhí. Arís, ní foláir é seo a shocrú roimh ré, agus roimh thús na tréimhse míosúla.

Ní mór a bheith aireach faoi sheirbhísí idirlín. Tá níos mó i gceist ná leathanaigh ghréasán. D'fhág David McCormack ó Chorcaigh Google Maps ar oscailt lá amháin agus e ag tiomáint ó Swansea go Windsor sa Bhreatain. Ba mheasa an bille fóin ná costas an pheitril!

Mura bhfuil tú in ann bainistiú cúramach a dhéanamh ar úsáid sonraí ar do ghléas soghluaiste agus tú thar lear, moltar duit an fheidhm fánaíochta sonraí nó ‘data roaming’ a chur ar ceal ar d’fhón. Arís, beidh foireann seirbhíse do chomhlachta lánsásta cabhrú leat é sin a dhéanamh.

Murar féidir leat maireachtáil gan an t-idirlíon, cuimhnigh go bhfuil bealaí eile chun é a fháil. Is minic seirbhísí WiFi ar fáil in óstáin agus i mionbhailte saoire fiú amháin. Mar shampla cuireann comhlacht darb ainm Ozmosis WiFi ar fáil i mbreis agus 4,000 láthair champála ar fud na Fraince agus na Spáinne.

Is daoire an fhánaíocht ar chuntais réamhíoctha chomh maith, ach tá seirbhís speisialta réamhíoctha ann atá dírithe go speisialta ar fhánaithe idirnáisiúnta. Má tá fón agat nach bhfuil "faoi ghlas" ag comhlacht amháin, sa mhéid is gur féidir leat do rogha cárta SIM a chur isteach ann, is féidir leat cárta SIM a cheannach ón gcomhlacht Maxroam i mBaile Átha Cliath. Oibríonn siad i mórán tíortha, agus is féidir leat uimhreacha áitiúla a fháil ar cíos sna tíortha sin.

Mar sin, más andúileach eolais tú, is féidir leat fanacht ceangailte agus tú ar saoire. Ach cuimhnigh: nárbh fhearr fós an tsaoire a bheadh agat dá ligfeá duit féin an téad a scaoileadh, agus imeacht le sruth?

# Na Gaeltachtaí ar díol

Le Seán Ó Curraighín

TÁ corradh le 1,900 teach ar díol i nGaeltachtaí na hÉireann idir an Breac-Ghaeltacht agus an Fhíor-Ghaeltacht, dar le figiúr atá ar fáil ar shuíomh an chomhlachta réadmhaoine idirlín www.daft.ie . Tá beagnach trian de na tithe seo [os cionn 600] ar díol i nGaeltacht Dhún na nGall.

Ag labhairt le Gaelscéal, dúirt Manus Mac Grodaí, Gníomhaire Eastáit Gaeltachta, gur tithe saoire atá iontu den chuid is mó. “Tá Dún na nGall ar nós an seachtú contae ó thaobh margadh na dtithe de. Bíonn tionchar níos mó ag an gheilleagar sa tuaisceart ar mhargadh na dtithe i nDún na nGall ná margadh na dtithe i mBaile Átha Cliath nó i gCorcaigh.”

Ceapann sé go mbeidh toradh iarmhartach ar na ciorruithe a rinneadh i mbuiséad na sé chontae ar na mallaibh ar mhargadh na tithíochta sa chontae. “Tá cuid mhór d’ár gcustaiméirí ón tuaisceart ag obair sa rannóg phoiblí; dochtúirí, banaltaí, múinteoirí, agus araile,” arsa an tUasal Mac Grodaí. Gearradh cáin €200 ar thithe saoire in Éirinn anuraidh. Dearbhaíodh 14,813 teach saoire i nDún na nGall le linn an phróisis seo. D’éirigh leis an Chomhairle Contae breis is €3 mhilliún a shaothrú ón gcáin nua ar thithe saoire in 2009. Tá méadú tagtha ar mhargaíocht ghearrchíosa tithíochta sa chontae le bliain anuas dá bharr. Tá úinéirí ag ligean na dtithe seo amach ar chíos gearrthéarmach chun dul i ngleic leis an cháin nua, dar le Gníomhairí Eastáit sa chontae.

“Is deacair an gníomh é morgáiste a bhaint amach do theach saoire sa chontae faoi láthair,” arsa Mac Grodaí. Má theastaíonn ó cheannaitheoir teach saoire a cheannach caithfidh siad 30% den airgead a sholáthar i gcomhair morgáiste. Is beagnach méadú faoi cheathair é seo ar dhaoine atá ag ceannach tí den chéad uair. Ní bhíonn orthu sin ach 8% den airgead a sholáthar don teach.

Tá an líon is mó tithe ar díol i nGaeltachtaí in iarthuaisceart an chontae. Tá corradh le 250 teach ar díol idir an Clóchan Liath agus Gaoth Dobhair. Tithe aonaracha den chuid is mó atá ar an mhargadh sa Ghaeltacht, de réir an tsuímh idirlín www.daft.ie. Deir Mac Grodaí go bhfuil sé ag díol tithe sa Ghaeltacht ar €160,000, seo tithe a bhíodh á dhíol ar €240,000.

Níl reachtaíocht phleanála chomh fabhrach le tithe saoire is atá le tithe cónaithe, dar leis an Gníomhaire Eastáit Gaeltachta. De réir Roinn 47 sa reachtaíocht phleanála, caithfear a lua sa phróiseas pleanála go bhfuil teach á thógáil mar theach cónaithe nó mar theach saoire. Bíonn táille sheirbhíse €2,000 ar theach cónaithe sa chontae i gcomparáid le táille sheirbhíse €15,000 ar theach saoire.

Deir an tUasal Mac Grodaí nach bhfuil an chuid is measa buailte linn go fóill.

“Tá ardú tagtha ar líon na ndaoine atá ag dul ar imirce agus iad ag iarraidh a dtithe a dhíol. Tá go leor daoine ó na sé chontae ag lorg tithe ar phraghas idir €100,000 agus €150,000. Níl na bainc sna sé chontae is fiche chomh fabhrach faoi iasachtaí airgead is atá bainc na sé chontae.”

Tá an tUasal Mac Grodaí amhrasach faoi ghníomhaíochtaí a bhí faoi láimh ag an gComhairle Contae in 2006/7 nuair a cheannaigh siad cúpla céad teach i mbailte an chontae agus an margadh tithíochta i mbarr a réime. D’fhág seo luach tithe níos airde sa chontae agus Olltoghchan i mbéal an phobail in 2007, dar leis.

Theip ar an bhorradh tithíochta in 2008. Deir Mac Grodaí, “Ba mhaith liomsa fios a fháil cé a rinne luacháil ar na tithe seo agus cén sprioc a bhí ag an Chomhairle ag an am?”

Aistear
Oiliúint san aistriúchán agus sa Ghaeilge
Translator & Irish language training

**Deiseanna oibre le hAistear**

Comhairleoireacht Ghaeilge atá in Aistear, a chuireann oiliúint agus áiseanna ar fáil san aistriúchán agus san eagarthóireacht. Táthar ag lorg oibrithe páirtaimseartha a chuideoidh i ngnéithe éagsúla den obair.

Riachtanach: PhD nó MA sa Ghaeilge. Ardscileanna teanga.

Inmhianaithe: spéis/cáilíocht sa teangeolaíocht fheidhmeach.

**Cuirfear agallamh ar na hiarrthóirí ar an ngearrliosta. Seol CV reatha go dtí an Dr Antain Mac Lochlainn ag aistear@iol.ie faoin Aoine, 30 Iúil, 2010.**

OÉ Gaillimh
NUI Galway

*Cuirtear fáilte roimh iarratais ar na poist seo a leanas:*

**Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta & an Léinn Cheiltigh**

Léachtóir (Téarma Seasta) le Síceolaíocht Chliniciúil (os cionn/faoi bhun an bhaic)– conradh 3 bliana

**Coláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte**
**Ag Acadamh Leighis Shligigh**

Léachtóir (Téarma Seasta, Leath-am) le Péidiatraic – (Conradh go dtí 30 Meitheamh 2011)

Léachtóir (Téarma Seasta, Leath-am) le Cleachtas Cliniciúil – (Conradh go dtí 30 Meitheamh 2011)

**Sonraí iarratais/cur chuige:**
**Tuarastal:**
- Léachtóir (Faoi bhun an bhaic) Scála: €40,256 - €56,782 sa bhliain
- Léachtóir (Faoi bhun an bhaic) Scála: €62,059 - €81,431 sa bhliain
- Léachtóir (Téarma Seasta, Leath-am): €62,059 - €81,431 sa bhliain (pro rata)

**Spriocdháta: Déardaoin 22 Iúil 2010**
Is féidir tuilleadh eolais a fháil agus iarratas a dhéanamh ach cuairt a thabhairt ar www.publicjobs.ie

*Is fostóir comhionannas deiseanna í Ollscoil na hÉireann, Gaillimh*

publicjobs.ie
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

SUNDAY TIMES OLLSCOIL NA BLIANA 2009-10



www.nuigalway.ie

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 9 Iúil, 2010

# 6 COMHSHAOL

# An Rogha Núicléach?

## Tuairim

Le Diarmuid Ó Muirgheasa

1986, Chernobyl. An t-aon uair riamh ar shroich aon timpist i stáisiún núicléach an leibhéal is airde ar an Scála Idirnáisiúnta Tarluithe Núicléacha, leibhéal 7 - mór-thimpist. Is iliomad na cúiseanna ar theip ar an stáisiún úd, agus muna raibh an tionchar a bhí ag an eachtra chomh huafásach sin, gach seans go mbeadh siad beagnach greannmhar, ar nós sean-scannán ó Laurel & Hardy. Ach ní fhéadfá an focal greannmhar a úsáid nuair a chaill os cionn 4,000 duine a saol.


Ach ag an am céanna, bíonn iontas ar dhaoine uaireanta nuair a luaitear an figiúr úd - sílim go gceaptar go forleathan gur cailleadh i bhfad níos mó ná sin, ach sin iad na figiúirí dar leis an WHO. As an 4,000 sin, ní raibh tionchar "díreach" ag an timpist ach ar 50 nó mar sin.

Tá an tUachtarán Obama i Meiriceá anois ag troid in aghaidh mórán grúpaí éagsúla ar mhórán cúiseanna éagsúla, ach tá dhá ghrúpa ar leith atá iontach suimiúil ó thaobh an scéil seo, sin iad na daoine atá ag gearán agus ag léirsiú mar gheall ar an tubaist BP i Murascail Mheicsiceo, agus iad siúd atá ag déanamh an rud céanna mar gheall ar phleananna chun tionscnamh núicléach Mheiriceá a atosú, i ndiaidh blianta fada nar tógadh stáisiún ar bith nua.

Is suimiúil an dá ghrúpa, ó tá siad chomh cosúil sin lena chéile, go deimhin is iad an grúpa céanna iad uaireanta, agus ó tá a leithéidí i ngach aon tír ar domhan beagnach, agus cinnte in Éirinn. Glaonn siad "comhshaolaithe" orthu féin, go hiondúil, ach uaireanta ní bhím róchinnte, go háirithe nuair a bhíonn siad ag gearán mar gheall ar chumhacht núicléach. Deirim seo toisc go ndeir an pobal i gcoitinne, agus na comhshaolaithe seo ach go háirithe, go bhfuil an locht ar BP mar gheall ar an tubaist a tharla le déanaí, agus cé go bhfuil pointe acu cinnte, caithfear féachaint ní hamháin ar BP agus an milleán á dháileadh againn, ach ar an tsochaí i gcoitinne. An é bunús na faidhbe míchúram BP, nó an amhlaidh nach bhfuil ansin ach toradh ar fhadhb atá i bhfad níos mó ar fad, is é sin go bhfuilimid mar shochaí iomlán tugtha d'ola shaor? Tá fianaise iontach láidir ann gurb é ár n-andúil is bunús leis an tubaiste iomlán.

Tá sé íorónta mar sin go bhfuil gearán chomh láidir sin á dhéanamh ag na "comhshaolaithe" i gcoinne cumhacht núicléach - cén tslí eile, chaithfeá an cheist a chur, ar féidir ár n-andúil ola a bhriseadh? Gual? Grian? Cumhacht hidrealeictreach?





Fiú in Éirinn, agus na Glasaigh sa rialtas againn den chéad uair, níl aon pholasaí againn chun an andúil úd a bhriseadh. An sprioc atá ann faoi láthair ná 20% dár riachtanaisí cumhachta a sholáthar trí fhoinsí in-athnuaite roimh 2020, ach (d'éinne atá gan bua matamaitice) sin fós 80% dár gcumhacht ag teacht ó fhoinsí neamh-in-athnuaite, cosúil le gual, ola, gás agus, níos measa ná sin ar fad, móin.

> **Tá sé íorónta mar sin go bhfuil gearán chomh láidir sin á dhéanamh ag na "comhshaolaithe" i gcoinne cumhacht núicléach – cén tslí eile, chaithfeá an cheist a chur, ar féidir ár n-andúil ola a bhriseadh? Gual? Grian? Cumhacht hidrealeictreach?**

Ach ar chúis éigin, in ainneoin na mbagairtí dáiríre atá ann ó thaobh soláthar ola agus gáis, agus in ainneoin go bhfuil móin uafásach mar fhoinse fuinnimh ar an-chuid slite, is cosúil nach bhfuil sé d'aibíocht againn mar thír an díospóireacht núicléach a bheith againn.

Is trua seo. Ní hamháin gur trua an easpa aibíochta ann féin, ach tá an fuinneamh núicléach ar cheann den dornán beag slite atá ann a d'fhéadfadh áit ola agus gáis a ghlacadh.

Tá leabhar den scoth ann darb ainm Sustainable Energy Without the Hot Air le David J.C. MacKay, ina ndéanann sé cur síos ar na roghanna éagsúla atá ann don Ríocht Aontaithe agus í ag déanamh iarrachta deireadh a chur lena handúil. Ní féidir, dar ndóigh, cur síos iomlán a dhéanamh ar a bhfuil sa leabhar sa chúpla focal anseo, ach mholfainn do chuile dhuine é a léamh (tá sé ar fáil saor in aisce ag http://www.withouthotair.com/). Dá mbeadh sé de chumhacht agam, chuirfinn iachall ar chuile dhuine sa tír é a léamh, ó tá na ceisteanna a phléitear ann chomh lárnach sin don tsochaí agus don stíl beatha atá againn. Tá an dúshlán céanna againn anseo is atá sa Ríocht Aontaithe agus, díreach cosúil leo siúd, tá iliomad slite inar féidir linn deireadh a chur lenar n-andúil. Ach i ndeireadh thiar caithfear praghas éigin a íoc, agus is é an locht is mó atá ar an argóint fhrith-núicléach ná nach bhfuil plean eile á mholadh ag éinne atá indéanta agus nach mbraitheann ar fhuinneamh núicléach.

Níl daoine sásta an tír a chlúdach le tuirbíní gaoithe, agus níl mórán suíomhanna fágtha atá oiriúnach do ghiniúint hidrealeictreach. Cén freagra atá ar an gceist núicléach, mar sin? N'fheadar, ach muna mbíonn an díospóireacht againn go luath, sroichfimid 2020 agus beimid fós ag brath 80% ar fhuinneamh neamh-inathnuaite agus, má tharlaíonn sé sin, beidh gach duine thíos leis.

## Slán le tuilte Chluain Meala

Le Meadhbh Ní Eadhra

D'FHÓGAIR an Dr Martin Mansergh an tseachtain seo go bhfuil an tAire Airgeadais i ndiaidh scéimeanna faoiseamh tuile a fhaomhadh i gCluain Meala (Tuaisceart agus Oirthear). Beifear ag tabhairt faoin dá scéim ag an am céanna. Is é an Dr Martin Mansergh an tAire Stáit sa Roinn Airgeadais le freagracht speisialta d'Oifig na nOibreacha Poiblí. Tuigtear go nglacfaidh an obair thógála thart ar dhá bhliain. Is í seo an dara cuid den scéim iomlán agus nuair a bheidh sí curtha i gcrích, rachaidh sí chun tairbhe 568 áitreamh éagsúil. Tá córas rabhadh tuile á fhorbairt ag an OPW i gceantar na Siúire faoi láthair.

"Nuair a bheidh an scéim seo críochnaithe, beidh tuilte mar iad siúd a tharla in 1995, 1996, 1997, 2000, 2004, 2008 agus faoi dhó in 2009 mar chuid stairiúil den cheantar seo, agus níor cheart go dtarlódh a leithéid arís. Le cosaint in aghaidh na dtuilte a chur ar fáil, ní bheidh ach seans amháin as gach céad go dtarlóidh tuilte," a deir an Dr Mansergh. "Tá dearadh ar leith ar na cosaintí seo agus is féidir cur leo ar chostas íseal má bhíonn gá leis, mar gheall ar athrú aeráide nó ar chúiseanna eile. Ar ndóigh, tá mé ag súil nach mbeidh tuilte ar bith ann go gearrthéarmach. Déanfaidh na cosaintí seo an-difríocht do Chluain Meala, agus cuirfidh sé deiseanna nua forbartha agus acmhainní ar fáil do mhuintir na háite."

## Doirteadh ola imithe chomh fada le Texas

TÁ doirteadh ola na Murascaille i ndiaidh dul chomh fada le Texas. Shroich dhá mheall tarra (tar balls) trá Texas, rud a chiallaíonn go bhfuil ola ó Mhurascaill Mheicsiceo i ndiaidh gach stát de chuid na murascaille a bhualadh. Ní léir go fóill ar iompraíodh na meallta ar bhád nó ar tháinig siad ón doirteadh go nádúrtha. Tá os cionn 60,000 bairille d'ola i ndiaidh teacht ón Mhurascaill ón 22 Aibreán.

# Saol an mhadaidh bháin?

## An Bille um Bunachais Pórúcháin Madraí os comhair na Dála inné



Le Treasa Bhreathnach

Tá sé curtha i leith an Chomhaontais Ghlais le tamall anuas go bhfuil siad ag iarraidh deireadh a chur le himeachtaí tuaithe agus go bhfuil a bhfeachtas féin acu agus iad ag druidim i dtreo shaoire na Dála an tseachtain seo.

An tseachtain seo caite d'easaontaigh TD amháin as Fianna Fáil agus beirt neamhspleách a thacaíonn leis an rialtas leis na leasuithe ar an Bhille Fiadhúlra.Níor aontaigh siad leis na leasuithe ar an bhille ná le seasamh an Rialtais gur cheart glacadh leis na leasuithe seo.

Is é an An Bille um Bunachais Pórúcháin Madraí an dara bille taobh istigh de choicís atá ag tarraingt conspóide don Chomhaontas Glas. Bhí an bille seo á phlé sa Dáil inné agus tar éis na conspóide uile, bhí an chuma ar an scéal go n-éireodh le bille an Aire Gormley go héasca agus Gaelscéal ag dul i gcló.

Ba é aidhm an bhille seo ná rialáil reachtaíochta a chur i bhfeidhm i leith 'feirmeoireacht coileán' in Éirinn. Tá Éire aitheanta mar an lárionad feirmeoireacht coileán san Eoraip le 90,000 coileán á bpórú in Éirinn gach bliain agus 45,000 acu siúd á n-easpórtáil gach bliain. Ní raibh aon fhadhb ag an chuid is mó den Rialtas go gcuirfí rialáil i bhfeidhm sa tionscal áirithe seo. Is é an fhadhb is mó a bhí ag easaontóirí an bhille ná go raibh cúnna agus gadhair shionnaigh san áireamh sa bhille céanna agus shíl a lán go raibh dóthain reachtaíochta i bhfeidhm do na gadhair seo cheana féin. Ar an Aoine seo caite rinne an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, John Gormley, cinneadh chun póraithe cúnna a shásamh nuair a shocraigh sé leasú a dhéanamh ar Acht Tionscail na gCon 1958 in áit póraithe cúnna a bheith san áireamh sa bhille a pléadh sa Dáil inné. Dheimhnigh an tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Brendan Smith, go mbeadh reachtaíocht á tabhairt isteach chun aire na gcon a chinntiú trí leasuithe a dhéanamh ar Acht Tionscail na gCon sa bhFómhar.

Bhí easaontú agus conspóid ann chomh maith maidir le micrishlis a chur i ngach gadhar a thagann as ionad póraithe. Bhí sé i gceist ag an Aire Gormley i dtosach báire go mbeadh micrishlis i ngach gadhar roimh 12 sheachtain lena chinntiú go mbeadh inbhuanaitheacht ann do gach gadhar a phóraítear in Éirinn. Tá an tAire Gormley tar éis leasuithe a dhéanamh ar an bhille a chiallaíonn nach mbeidh na micrishliseanna seo i gceist do ghadhair shionnaigh ná do chúnna, i láthair na huaire ar aon nós.









Is iad an eagraíocht Rural Ireland Says Enough! (RISE!) atá chun tosaigh san easaontú leis an Aire Gormley agus leis na leasaithe ar an bhille seo, mar a bhí leis na leasuithe ar an Bhille um Fhiadhúlra an tseachtain seo caite. I gcomhrá le Gaelscéal an tseachtain seo caite dúirt urlabhraí ón eagraíocht RISE!, Liam Ó Cathail, "dá ndéanfaí leasú ar líne amháin sa bhille sin, is é sin na cúnna agus na gadhair shionnaigh a bhaint as, ghlacfaí leis d'aon ghuth." Beidh le feiceáil an bhfuil an dóthain de leasú déanta ag an Aire don eagraíocht áirithe sin. Chas an Taoiseach le baill RISE! ar an gCéadaoin seo caite mar gheall ar na leasuithe ar an bhille seo agus dá bharr níor lean siad ar aghaidh le hagóid a bhí beartaithe acu taobh amuigh den Dáil inné. Tháinig an cruinniú seo leis an Taoiseach tar éis don Aire Gormley diúltú casadh leis an eagraíocht. Síleann urlabhraí na heagraíochta Gaelcomhairle in aghaidh Fuilsport nach bhfuil aire na gcon mar bhunphrionsabal ag lucht póraithe agus rásaíochta na gcon. "Is gnó atá i gceist anseo, agus síleann muid gur cheart go mbeadh iniúchadh neamhpleách i gceist," a deir Aideen Yourell.

Tá an-chuid leasuithe déanta ag an Aire John Gormley ar an bhille seo le seachtain anuas, ach is í an cheist a bheidh á cur le linn an tsamhraidh agus go mór mór má ghlaoitear olltoghchán eile ná: ar ghéill sé an iomarca dá easaontóirí agus an é nár chloígh sé lena phrionsabail féin ná le bunphrionsabail an Chomhaontais Ghlais?

# 7 BEATHA

# An bhfuil leigheas sa nádúr?



Le Treasa Bhreathnach







Ar léigh tú liosta na gcomhábhar i do ghallúnach riamh, nó i do chuid seampú nó do ghlóthach chithfholctha (shower gel) Má léigh, an raibh tú in ann na comhábhair a fhoghrú, nó a thuiscint céard iad féin? "Tá an ghallúnach, an seampú agus an ghlóthach chithfholctha atá ar fáil ar sheilfeanna an tsiopa pacáistithe go hálainn ach taobh leis sin tá siad lán le ceimicí gur féidir leo dochar a dhéanamh do do shláinte," a deir Pádraig Ó Murchú ón gcomhlacht Eco Galway. Tá Baitsiléir Eolaíochta ag Pádraig chomh maith le dochtúireacht sa leigheas malartach ó Choláiste na Tríonóide agus thosaigh sé a ghnó teaghlaigh scór bliain ó shin.

Tá easaontú leanúnach idir cleachtóirí an leighis mhalartaigh agus dochtúirí, ní hamháin in Éirinn ach ar fud an domhain, leis na blianta. Níl aon chomhlacht rialála ag cleachtóirí leighis mhalartaigh in Éirinn, rud a deir Pádraig a chabhródh go mór le cleachtóirí leighis mhalartaigh, ach deir sé chomh maith "tá sé beartaithe ag an Aontas Eorpach reachtaíocht nua a thabhairt isteach taobh istigh de 3 bliana agus mar thoradh uirthi sin beidh athruithe móra ar liosta chomhábhair gnáthghallúnaí agus gnáthsheampú." "I láthair na huaire tá cead ag aon déantóir gallúnaí an t-ainm 'gallúnach Aloe Vera' a ghlaoch ar a tháirgí fiú mura bhfuil Aloe Vera mar cheann de na comhábhair," arsa Pádraig. Dar le Pádraig bíonn Parabin sa ghallúnach a cheannaíonn tú sa siopa agus tá sé cruthaithe ag eolaithe go bhfuil baint ag Parabin leis na galair Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde, Parkinson agus Scléaróis Iolrach agus go bhfuil siad ina gcarcanaiginí chomh maith.



Is éard is Aloe Vera ann ná planda atá coitianta i dtíortha teo mar an Mheánmhuir, tuaisceart na hAfraice, agus na hOileáin Chanáracha i measc tíortha eile. Tá an planda Aloe Vera in úsáid dá gcuid buntáistí sláinte ón 16ú haois déag ar a laghad agus maítear gur féidir leis cabhrú leo siúd atá ag fulaingt ó Soiriáis (Psoriasis), Diabéiteas (Diabetes), agus Eachma (Eczema) chomh maith le galair eile. Tá an barr plandála (plantation) Aloe Vera a úsáideann an comhlacht Eco Galway lonnaithe i Murcia in oirdheisceart na Spáinne.

Síleann Pádraig Ó Murchú "Tá sé tábhachtach dúinne agus dár gcustaiméirí go bhfuil inrianaitheacht (traceability) ag baint lenár gcomhábhair agus dá bhrí sin beidh muid ag tosú turas ar ár mbarr plandála an samhradh seo chugainn." Beidh deis ag daoine cuairt a thabhairt ar an bharr plandála agus breathnú ar dhéantús na dtáirgí chomh maith le coinníollacha oibre agus eile an bharr plandála a fheiceáil, i gceantar stairiúil Murcia.

Is é Pádraig a cheapann na hoidis do na gallúnacha agus is é an rud is tábhachtaí dar leis ná go bhfeileann an ghallúnach nó seampú an méid is mó daoine agus is féidir. Cé gur féidir tagairtí a fháil do ghallúnach i dtéacsanna ár sinsear ní raibh déantús gallúnaí tráchtála i bhfeidhm go dtí deireadh an 18ú haois déag agus tús an 19ú haois déag. Is ag an am seo a fuair eolaithe amach go rabhadar in ann sóid loiscneach (caustic soda) a dhéanamh as gnáthshalann agus rinne sé seo an córas déantúsaíochta gallúnaí i bhfad níos saoire ná mar a bhí, trí phróiseas imoibrithe a fhorbairt idir saill agus ola nádúrtha agus sóid loiscneach. Tá difríocht ollmhór idir déantús gallúnaí tráchtála agus tionscail tinteáin Eco Galway. Úsáideann Eco Galway próiseas fuar déantúsaíocht gallúnaí le comhábhair nádúrtha agus fágann siad an ghallúnach chun cruachan ar feadh tréimhse 8 seachtaine.

Is é an craiceann an t-orgán is mó sa chorp agus creideann Eco Galway gur féidir lena lán ceimicí dainséaracha tú a ionsaí trí do chraiceann, idir chaolaitheoir péinte, dhí-oighreoir, laicir, agus luaidheanna a fhaightear inár ngnáthghallúnach, inár ngnáthsheampú, inár ngnáthghlóthach chithfholctha agus inár ngnáthchosmaidí.

Is fear é Pádraig a bhfuil an-chion aige ar an nGaeilge agus a d'fhoghlaim a chuid Gaeilge an chéad lá riamh óna mhúinteoir scoile Tom Sailí Ó Flaithearta atá anois le feiceáil go minic ar Ros na Rún ar TG4. Bíonn laethanta oscailte á reáchtáil ag Eco Galway go mion minic ar fud Chonamara agus is i dTigh Mhichael Jeaic / An Hooker Bar a bheidh an chéad lá oscailte eile á reáchtáil amárach idir 10.30r.n. agus 5.30i.n. Ní hamháin gur féidir leat eolas a fháil ag na laethanta oscailte maidir le táirgí Eco Galway ach is féidir na gallúnacha agus seampúnna éagsúla a cheannach ann chomh maith. Mura bhfuil tú i gceantar Chonamara amárach agus tú ag iarraidh tuilleadh eolais a fháil ar na táirgí féin nó iad a cheannach, is féidir é sin a dhéanamh ar an suíomh idirlín www.ecogalway.com


Eco Galway.com

Tá sí go hiomlán nádúrtha . . .
Lámhdhéanta ar an gcaighdeán is airde

Táirgí Aloe Vera

Handmade and 100% natural



Eco Galway, 46 The New Glebe, Tuam, Co. Galway. Tel: 093–27033, Mobile: 087 7422807, Email: pat @ ecogalway.com

# NUACHT Litríochta



Le Meadhbh Ní Eadhra

## Dán Nollag faoin Samhradh

*Gréagóir Ó Dúill, Coiscéim, €7.50*




SEO é an naoú cnuasach bunfhilíochta Gaeilge le Gréagóir Ó Dúill. Tá ceithre rannóg éagsúla sa leabhar, 'Istigh', 'Amuigh', 'An Mhuintir' agus 'An Cheird', agus téamaí difriúla ag baint leo go léir. Tá go leor saorvéarsaíochta le feiceáil sna dánta seo agus iad scríofa ar bhealach nádúrtha. Tá dánta eile ann a bhfuil struchtúr níos righne le mothú iontu agus tá sé go maith go bhfuil an éagsúlacht sin le feiceáil sa chnuasach. Rud atá suimiúil faoi dhánta Uí Dhúill ná go bhfuil formhór acu scríofa sa chéad phearsa agus an file féin lárnach ina chuid dánta. Tá teideal aisteach ar an leabhar, a chuireann spraoi agus clisteacht in iúl, ach gan a bheith páistiúil ar bhealach ar bith.

## Raiftearaí i gCeartlár a Dhaoine san Aonú hAois is Fiche

*Colette Nic Aodha, Coiscéim, €7.00*




IS leabhar faoin bhfile Antaine Raiftearaí é seo, agus is léir go ndearna an t-údar, Colette Nic Aodha, an-chuid taighde ar mhaithe leis an leabhar a scríobh. Cé gur chuala formhór againn trácht ar Raiftearaí an File, ní mórán eolais eile atá againn faoin bhfear é féin agus tugann an leabhar seo léargas maith dúinn air féin agus ar an tréimhse ina raibh sé ag scríobh. Ní togra taighde atá anseo ach insint Nic Aodha féin ar thábhacht Raiftearaí ina saol agus tá gné phearsanta ag baint leis an leabhar ar fad, rud a chuireann go mór leis. Dá mbeadh an t-údar ag scríobh ar bhealach oibiachtúil, fuarchúiseach, ní bheadh an leabhar seo chomh héifeachtach agus atá sé. Leabhar suimiúil é seo agus bheadh sé úsáideach do lucht na hollscoile go háirithe, nó dóibh siúd a bhfuil spéis acu i bhfilíocht na Gaeilge agus i stair na filíochta.

# Tuar Mhic Éadaigh: Stair agus Seanchas

Beidh leabhar nua Phádraig Standún, Tuar Mhic Éadaigh: Stair agus Seanchas, foilsithe ag Cló Iar-Chonnacht, á sheoladh Dé Domhnaigh ag a 7 a chlog i.n. i Halla an Phobail i dTuar Mhic Éadaigh. Labhair **Meadhbh Ní Eadhra** leis faoina leabhar, faoina chuid scríbhneoireachta agus faoina shaol mar shagart.

TÁ leabhar nua Phádraig Standún bunaithe ar stair agus seanchas an cheantair a bhfuil sé ina shéiplíneach ann ó 1995, Tuar Mhic Éadaigh. "Ghlac sé thart ar chúig bliana orm an leabhar a scríobh ach bhí cúpla úrscéal á scríobh agam ag an am céanna, chomh maith le m'obair pharóiste," arsa Pádraig. "Theastaigh uaim an leabhar a scríobh mar go mbíodh daoine ag rá nuair a fuair seanduine bás go raibh go leor scéalta imithe san uaigh leis nó léi. Shíl mé go raibh sé tábhachtach freisin go mbeadh amhráin agus filíocht Ghaeilge an cheantair le fáil idir chlúdaigh aon leabhair amháin."

Le seoladh an leabhair ag teacht aníos, an bhfuil Pádraig ag súil leis an ócáid?

"Táim ag súil leis an seoladh mar go bhfuil sé eagraithe ag an gCoiste Oidhreachta agus eile, an Coiste Pobail, Coiste an Halla chomh maith leis na foilsitheoirí, Cló Iar-Chonnacht," a deir sé. "Is mé a phós an fear seolta, Mick Lally, agus a bhean Peigí (Ní Chonghaile) ó Inis Meáin aon bhliain déag is fiche ó shin, agus táim buíoch de as teacht ar ais lena aghaidh seo."

I réamhrá an leabhair seo, maíonn Pádraig nach 'saothar trom acadúil' é seo, ach mar sin féin, tá sé acadúil go leor, agus tá tagairtí ann do go leor foinsí éagsúla. Cá bhfuair sé a chuid scileanna taighde?

"Níl scil ar bith den sórt sin agam, ach iarracht a dhéanamh na blianta a chur i ndiaidh a chéile," ar sé. "Chuidigh an iris dhátheangach "Waterfall", atá foilsithe ag muintir na háite gach bliain ó 1987 i leith, go mór liom, mar is ann is mó atá an stair agus seanchas ar fáil."

Tá cúig bliana déag caite ag Pádraig i dTuar Mhic Éadaigh. Deir sé go bhfuil go leor de na seanfhondúirí imithe ar shlí na fírinne.

"Carachtair mhóra a bhí iontu," ar sé. "D'fhan formhór na ndaoine óga sa bhaile agus thóg siad tithe bréatha, ach is cosúil go bhfuil ré na ndeoraithe tosaithe arís, faraor. Tá cúpla monarcha dúnta agus cinn nua oscailte lena mbaineann i bhfad níos lú deiseanna fostaíochta."

Tá Pádraig ag fágáil Thuar Mhic Éadaigh anois agus ag dul go paróiste nua.

"Táim ar mo bhealach go Carna, ceantar mór cultúrtha, ceoil agus amhrán. Tá an obair agus an t-uaigneas atá ag baint le hathrú chomh mór sin go bhfuil súil agam gur chuig na Flaithis a bheas mo chéad athrú eile - má ghlactar liom," ar sé. Maidir lena shaol mar shagart, deir Pádraig gurb é an rud is fearr faoi ná na daoine iontacha a casadh air in Inis Oírr, Inis Meáin, An Cheathrú Rua agus Tuar Mhic Éadaigh.




"Ba mhór an phribhléid dom aithne a chur orthu," ar sé.

An measann Pádraig go bhfuil sé níos deacra a bheith i do shagart anois ná mar a bhí sé blianta ó shin?

"Tá agus níl," ar sé. "Goilleann a bhfuil tagtha chun solais faoi ionsaithe gnéis ar ghasúir go mór orainn, agus táimid in ísle brí dá bharr.

Ar an taobh eile den scéal, tugann muintir na bparóistí i bhfad níos mó cúnaimh anois leis an obair a dhéanamh." Tá Pádraig ag obair ar úrscéal suite i Musaem Van Gogh in Amsterdam faoi láthair. Tá sé de nós aige a bheith ag scríobh gan stad beagnach ar feadh cúpla mí ag an am agus scíth a ligean ansin. "Scríobh mé an t-úrscéal 'Díbirt Dé' le linn do Ellen McArthur a bheith ag seoladh timpeall an domhain," ar sé. "Míle focail in aghaidh an lae a bhí ann, le 62 lá." An rud is fearr le Pádraig faoin scríbhneoireacht ná leabhar a chríochnú. "Tá an-sasamh go deo le fáil as an gcuid is deacra den obair a chur i gcrích," ar sé. An bhfuil aon rud eile gur mhaith le Pádraig triail a bhaint as sa todhchaí? "Ba mhaith liom go ndéanfaí scannáin de chuid de m' úrscéalta," ar sé. Úrscéalaí, drámadóir, sagart agus anois fear na scannáin? Cá bhfios céard eile a bheidh ar bun ag an bhfear ildánach seo sa todhchaí.

**Cló Iar-Chonnacht**
Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Teil: 091 593307 cic@iol.ie www.cic.ie





**TUAR MHIC ÉADAIGH: STAIR AGUS SEANCHAS**
**Pádraig Standún**
€15 (bog)

Tá trácht sa leabhar seo ar chúrsaí bíoblóireachta sa naoú haois déag, cur síos ar an saol a chaith na gnáthdhaoine sa seanreacht agus cuntas ar Chogadh na Saoirse sa cheantar, chomh maith le stair na bhfoirgneamh, na n-institiúidí agus na ndaoine atá ar marthain go fóill. Gheobhaidh muintir Thuar Mhic Éadaigh in Éirinn agus níos faide ó bhaile lón machnaimh agus cuimhne sa leabhar seo.

**DAOINE A ITHEANN DAOINE**
**Mícheál Ó Ruairc**
*Gearrscéalta* €12 (bog)

"Stíl dheas, é greannmhar, aclú teanga agus macallaí tráthúla ón traidisiún. Mar bharr, tríd an ngreann go léir is an ríra, tá na fíricí loma crua."
– An tOireachtas

Bhain an cnuasach seo an chéad duais amach i gComórtais an Oireachtais do chnuasach gearrscéalta i 2009.




**Tá catalóg iomlán ar www.cic.ie**

# TEILIFÍS agus RAIDIÓ

## Breathnaíonn tusa díreach cosúil le...

**Le Treasa Bhreathnach**

AN ndúirt aon duine leat riamh go mbreathnaíonn tú díreach cosúil le haisteoir cáiliúil éigin? Bhuel, má tá sé de chumas agat gluaisrothar ‘Harley Davidson’ a thiomáint, b’fhéidir gurb é seo do sheans sochar a bhaint as an gcosúlacht sin. Tá Sons of Anarchy, a bhíonn á chraoladh ar FX, ar thóir leathchúplaí do roinnt dá gcuid aisteoirí.

I gceann d’imlínte na sraithe i séasúr 3, beidh clár á thaifead i mBéal Feirste. Má tá suim agat a bheith i do leathchúpla caithfidh tú a bheith ar fáil don taifead idir an 15ú agus an 23ú Iúil, ach tá gach seans ann nach mbeidh tú ag teastáil don taifead ceithre lá nó níos mó le linn na tréimhse sin. Is iad na carachtair a bhfuil leathchúplaí ag teastáil dóibh ná: Jax (Charlie Hunnam), Clay (Ron Perlman), Billy, Opie, Chibs agus Happy. Tá leathchúpla ag teastáil don charachtar Gemma (Katy Sagal) chomh maith, ach ní gá go mbeadh tiomáint gluaisrothair ar a dtoil ag na daoine a roghnófar do na róil seo. Is iad an airde agus cruth an choirp na tréithe is tábhachtaí ag an gcomhlacht léiriúcháin agus iad ag roghnú na leathchúplaí. Tá tréithe eile cosúlachta tábhachtach chomh maith, m.sh. fad gruaige nó dath craicinn ach is féidir le smideadh cabhrú go mór leis na tréithe seo a athrú.

## Féach ar:


**TG4: ‘Cowboys** – The Alamo’. Sa chéad chlár den tsraith seo, fiosraíonn Páidí Ó Lionáird cad a tharla ag an Alamo agus an fáth ar bhásaigh an oiread de mhuintir na hÉireann ag cosaint Texas. I measc an 200 fear a bhásaigh bhí dhá dhuine dhéag as Éirinn. Déardaoin 9.30i.n.

**RTÉ: ‘Bombings’.** Seo an tríú clár sa tsraith ina mbreathnaítear ar bhuamaí i mBaile Átha Cliath i 1974 a phléasc gan rabhadh agus a mharaigh 28 duine. Dé Máirt 9.35i.n.

**NVTV: ‘Stop an Phreas’.** Clár 25 nóiméad ar fhad ag leanacht scéal an nuachtáin Lá Nua ón uair a thosaigh sé i 1984 go dtí Nollaig 2008. Tá roinnt agallamh mar chuid den chlár le Dónall Mac Giolla Choill, Máirtín Ó Muilleoir, Eoghan Ó Néill agus Gearóid Ó Cairealláin.







# Fleadh Scannánaíochta na Gaillimhe

**Le Treasa Bhreathnach**

DÓIBH siúd nach raibh deis acu dul chuig an Galway Film Fleadh go dtí seo, ná bíodh imní ar bith oraibh mar tá deireadh seachtaine fada amach romhaibh. Ag a ceathair a chloig inniu beidh deis agaibh breathnú ar an scannán anamúlachta “Anam an Amhráin” ina gcuireann amhránaithe beocht nua i sean-amhráin do pháistí atá ar eolas againn ar fad. Casann Muireann Nic Amhlaoibh ‘An Gréasaí Bróg’, casann Declan O’Rourke ‘An Damhán Alla,’ agus is é Damien Dempsey a chasann ‘Cailleach an Airgid’. Tá an triúr seo i measc neart ceoltóirí agus amhránaithe eile a bhfuil a rian suntasach ceoil le cloisteáil sa scannán seo a mhaireann 35 nóiméad ar fad.

Ar an Satharn taispeánfar scannán darb ainm “Jack Taylor” le comhlacht léiriúcháin as Gaillimh, Magma Productions. B’fhéidir go mbeadh cuimhne ag muintir na Gaillimhe ar an scannán seo a bheith á thaifead le linn an tsamhraidh seo caite timpeall ar chathair na Gaillimhe. Tá an scéal féin bunaithe ar iarbhall de chuid na nGardaí atá anois ina ‘chuardaitheoir’. Beidh an scannán le feiceáil san oíche amárach sa Cinemobile ag 7i.n.

Is é ‘The Messenger’ an scannán deireanach a bheidh á thaispeáint mar chuid den 22ú Galway Film Fleadh, na haisteoirí Ben Foster, Jena Malone agus Woody Harrelson páirteach ann. Tá an scannán seo bunaithe ar bhall d’arm Mheiriceá a chaith tréimhse ama san Iaráic agus an saol atá amach roimhe agus é sa bhaile arís. Is sa Town Hall Theatre [in Amharclann an Town Hall] a bheidh an scannán seo á thaispeáint ar an Domhnach ag 8i.n. Taobh amuigh de na scannáin uile atá á dtaispeáint tá máistir-ranganna ar siúl, chomh maith le deiseanna pitseála agus gach ní eile a bhaineann leis an tionscal scannánaíochta. Téigh chuig www.galwayfilmfleadh.com chun tuilleadh eolais a fháil.

DRÁMAÍ GAEILGE
Ceardlanna • Léirithe • Leabharlann ar Líne
www.drama-gaeilge.com
An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta
Camas, Conamara
091-574146

## Éist le:

**RTÉ Raidió na Gaeltachta:** ‘Mar a chaithimse an Domhnach’, sraith ina n-insíonn daoine faoin chaoi a gcaitheann siad a Dhomhnach. Ar an Domhnach beag seo is é Donnchadh Ó Baoil ó Rann na Feirst a bheidh ag caint.
**Raidió Fáilte 107.1 fm:** ‘Pat agus Martita’, clár dátheangach Spáinnise agus Gaeilge ina dtugann Pat Ó Maoilchraoibhe as Ard Mhacha Theas agus a bhean Martita, amhránaí as Eacuadór, léargas ar thraidisiúin saibhir amhránaíochta Mheiriceá Laidinigh.
Raidió Pobail Chaisleán an Bharraigh **102.9 fm:** ‘An Seó’, clár le Seán Ó hÉalaí, Déardaoin @ 4i.n.

# Spotsolas ar Ghnó na Teilifíse

**Le Treasa Bhreathnach**

IS ar an Fhál Carrach, Co Dhún na nGall atá Soilsiú Films lonnaithe agus is iad Neasa Ní Chianáin agus David Rane stiúrthóirí an chomhlachta. I láthair na huaire tá “Mangairí Leabhar” á léiriú acu, a bheidh le feiceáil ar TG4 agus ar BBC TÉ mar chuid de sceideal an Fhómhair.

Is clár faisnéise uair a chloig é seo atá bunaithe ar mhangairí leabhar ón Liotuáin agus an iarracht a rinne siad an Liotuáinis a chosaint ar na Rúisigh a bhí ag iarraidh deireadh a chur leis an teanga labhartha agus liteartha sa naoú haois déag.

Is é an file clúiteach, Gearóid Mac Lochlainn as Béal Feirste, a thabharfaidh faoi lorg na mangairí a leanúint agus comparáid a dhéanamh idir scéal na Liotuáinise agus scéal na Gaeilge. Is comhléiriú é seo idir Soilsiú Films agus comhlacht léiriúcháin an stiúrthóra Jeremiah Cullinane, Planet Korda Pictures.

Tá infheistiú idirnáisiúnta i gceist leis an togra seo ó 5 thír éagsúla: Éire, Thuaidh agus Theas, an Liotuáin, an Laitvia, an Eastóin agus Poblacht na Seice, chomh maith le maoiniú ón Chiste Craoltóireachta Gaeilge, ó Údarás Craolacháin na hÉireann agus ó chlár maoinithe Eorpach ‘Media’.

Is sa Liotuáin atá taifead á dhéanamh ar an chlár seo agus is i dTuaisceart Éireann a bheidh iar-léiriú á dhéanamh.

Ní hamháin go bhfuil an comhlacht gnóthach leis an léiriúchán áirithe seo ach tá réamhléiriú ar bun acu ar dhá chlár faisnéise eile agus ar scannán.

# Albam nua seolta le ceol bheirt Shliabh Luachra

**Le Sean Ó Loingsigh**

SEOLADH albam nua ceoil leis na Corcaígh Matt Cranitch agus Jackie Daly ag tús Scoil Shamhraidh Willie Clancy i Sráid na Cathrach Dé Domhnaigh seo caite.

B'é an Gaillimheach agus cartlannaí le Taisce Ceol Dúchais Éireann, an ceoltóir Jackie Small, a sheol an dlúthdhiosca dar teideal The Living Stream.

Is as Ceann Tuirc i gceantar ceoil Shliabh Luachra ó dhúchas don mboscadóir Jackie Daly, atá anois ina chónaí i Sráid na Cathrach, agus tá ceol agus Gaeilge ó dhúchas ag an veidhleadóir Matt Cranitch a tógadh i Ráth Dubh idir Mala agus Corcaigh, an chathair ina bhfuil cónaí anois air. Is iomaí albam atá déanta ag Jackie Daly agus Matt Cranitch le 40 bliain anuas - an Dálach mar bhall des na grúpaí De Dannan, Buttons and Bows, Arcady agus Patrick Street, agus a chara Cranitch ag seinnt leis na tríréid Na Filí, Any Old Time agus Sliabh Notes, an roth ag casadh i gcónaí i dtreo an cheantair cheolmhair úd ar theorainn Chorcaí-Chiarraí.

Tá cáil ar an gceirnín LP a dhein an Dálach i 1977 leis an veidhleadóir Séamus Creagh (a d'imigh ar shlí na fírinne anuraidh), agus ar an gceann a dhein sé le Kevin Burke i 1981. Is céim eile i gceol bheirt an chairdín agus an veidhlín é an dlúthdhiosca The Living Stream atá déanta anois ag buaiteoir Ghradam Ceoil TG4 2005 (Jackie Daly) agus comhairleoir ceoil an chláir Geantraí (Matt Cranitch).

Níl an boscadóir a bhuaigh comórtas Fhledh Cheoil na hÉireann i 1974 agus an céimí PhD i veidhleadóireacht ó Shliabh Luachra ina n-aonar go hiomlán ar an albam, mar go bhfuil tionalcan ar roinnt des na traiceanna curtha ar fáil ag deirfiúr le Matt, an pianadóir Bríd Cranitch (riarthóir Ionad Cultúrtha Bhaile Bhúirne), agus ag an ngiotáraí ó Thrá Lí, Paul De Grae.

Agus tar éis dóibh seachtain cheoil a chur díobh i Sráid na Cathrach, beidh Matt Cranitch agus Jackie Daly ag tabhairt aghaidh ar Mheirceá, mar a mbeidh siad ag seinnt ag Seachtain Ealaíon Éireannach Catskills an tseachtain seo chugainn, chomh maith le ceolchoirm i Nua-Eabhrac ar an 18 Iúil. Beidh siad beirt i dteannta an amhránaí John Faulkner ar thuras timpeall na tíre seo i gceann dhá mhí faoi choimirce ghréasán ceoil an Music Network, ceolchoirm san Ionad Cultúrtha i mBaile Bhúirne san áireamh ar an 18 Meán Fómhair.



Na ceoltóirí Matt Cranitch agus Jackie Daly gur seoladh albam nua leo - The Living Stream - ag Scoil Samhraidh Willie Clancy. PIC LE CON KELLEHER

# Draoi na bhFriotal fós i mBun Draíochta

**Le Caitríona Ní Chadhain**

TÁ aois 69 bliain slánaithe ag Bob Dylan agus fós níl an rud céanna déanta faoi dhó aige. D'fhéadfá an meas a mhothú i measc na sluaite i bPáirc Thuamhain Dé Domhnaigh seo caite, don fhear a chuir i bhfocail smaointe na mílte agus glór a ghlúine.



Is minic a deirtear go bhfuil an bheocht caillte i gcur i láthair Bob, i ndiaidh na mblianta fada atá caite aige ag seinm agus ag taisteal. Tá sé de nós aige gléas na n-amhrán agus a stíl amhránaíochta a athrú mar is mian leis, rud a chuireann as do go leor dá lucht féachana. Nuair a sheinn sé 'Like a Rolling Stone' ar an Domhnach, ní raibh mórán den bhunleagan le cloisteáil ann. Cé gur fearr le go leor an t-amhrán mar a bhíodh, tá moladh mór tuillte ag ealaíontóir ceoil ar féidir leis saol nua a análú isteach in amhrán atá 45 bliain ar an bhfód. Shlog an ghaoth agus na huirlisí glór Dylan in amanna, ach bhí tréimhsí eile ann áfach nuair a líonadh an staid le guth láidir suaithinseach an fhile, agus na mílte dá lucht leanúna, go háirithe i rith 'Lay, Lady, Lay'. Le cúnamh mór óna bhanna a bhí lán le fuinneamh, d'fhág Dylan slua sásta ina dhiaidh, a bhlais cuid mhór de na mhóramhráin, agus a chonaic Bob níos bríomhara ná mar a bhí tuartha. Dar le roinnt den lucht leanúna dílis Dylan, ba é seo an 'gig' is fearr a chonaic siad leis riamh.

106·4FM RAIDIÓ NA LIFE
Cuisle na Cathrach

Clár Reachtaire (Sealadach)
**- Conradh 5 mhí ag tosnú 26/07/2010 -**

Fáilteofar roimh iarratais don phost thuasluaite. Tá Raidió na Life ag iarraidh duine fuinniúil a cheapadh mar Chlár Reachtaire sealadach don tréimhse 26/07/2010 – 24/12/2010.

Beidh dualgaisí taighde, léiriúcháin agus láithreoireachta mar aon le dualgaisí riaracháin agus cléireachais ar an té a cheapfar. Beidh taithí craoltacháin de dhíth agus beifear ag súil le hardchumas teicniúil freisin. Beidh ardchaighdeán Gaeilge, idir scríofa agus labhartha, ag an té a cheapfar. Beidh an Clár Reachtaire freagrach do Bhainisteoir Raidió na Life.

**Cáilíochtaí/Taithí:** Beidh bunchéim onóracha tríú leibhéil, ar a laghad, ag an té a cheapfar i réimse a bhaineann go sonrach leis an bpost (i.e. na Dána (leis an Ghaeilge mar ábhar); na Meáin Chumarsáide srl.)
Tuarastal de réir taithí agus cáilíochtaí.
Seoltar iarratais agus CV marcáilte "Príomháideach" chuig:

Muiris Ó Fiannachta, Bainisteoir, Raidió na Life,
7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

Roimh 12/07/2010 Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh an dáta sin.

Is fostóir comhionannas deiseanna é
Comharchumann Raidió Átha Cliath Teo. ag trádáil mar Raidió na Life.

Urraithe ag
Foras na Gaeilge

near90³fm
"AR MUIN NA MUICE"
Clár Gaeilge de chuid Near 90fm



Ag craoladh ag 5.30 gach lá i rith na seachtaine
A athchraoladh ag 9:00 ar maidin
Ábhair: polaitíocht, cúrsaí reatha, spóirt, taisteal, na healaíona
Agallaimh le daoine áitiúla ó Bhaile Átha Cliath
Thoir-Thuaidh agus ó thimpeall na tíre
Podcraoladh: www.nearfm.ie/podcast
fón: 01 8671190 r-phost: gaeilge@nearfm.ie

# 8 OIDEACHAS

## 'An Gaelchampas is mó sa tír' le hoscailt i gCarraig Uí Laighin



LE Meadhbh Ní Eadhra

TÁ sé fógartha go bhfuil aitheantas sealadach bronnta ar Ghaelcholáiste nua i gCarraig Uí Laighin, i gCorcaigh, a bheidh ag oscailt i 2012. Tagann an scéal seo i ndiaidh dhá bhliain d'fheachtasaíocht. Beidh an scoil seo ar an 'Gaelchampas' is mó sa tír, dar leis an eagraíocht Gaelscoileanna Teo.

Beidh bunscoil agus iarbhunscoil lán-Ghaeilge chomh maith le scoil do pháistí le riachtanais speisialta ar aon suíomh amháin. Tá cinneadh déanta ag an Roinn Oideachais suíomh 21 acra a cheannach i mBaile an Riabhaigh don scoil. Ba é an Teachta Dála áitiúil i gCarraig Uí Laighin a chuir an dea-scéal in iúl do choiste bunaithe na scoile, seachtain ó shin.

"Cinneadh an-dearfach é seo a chinntíonn go mbeidh an ghaelscolaíocht mar rogha do thuismitheoirí agus do dhaltaí Charraig Uí Laighin agus tuismitheoirí an cheantair máguaird," a deir Bláthnaid Ní Ghréacháin, Ardfheidhmeannach Gaelscoileanna Teo. "Gabhann muid comhghairdeas mór leis an gcoiste as an éacht atá bainte amach acu agus leis an Roinn Oideachais agus Scileanna as aitheantas a thabhairt don éileamh ó thuismitheoirí agus don riachtanas a bhaineann le soláthar na gaelscolaíochta."

Beidh an Coiste Gairmoideachais mar phátrún ar an nGaelcholáiste agus tá sé i gceist an suíomh a fhorbairt le go mbeidh áiseanna ann le freastal ar suas 700 dalta. Tá breis agus 460 dalta cláraithe ag a dtuismitheoirí leis an scoil nua, a chuir cathaoirleach an choiste bunaithe, Noel O'Regan in iúl, rud a léironn gur rogha an-láidir í an Ghaelscolaíocht mar chóras oideachais i measc an phobail. Cuireann an scoil fáilte roimh iarratais ar áiteanna scoile ó thuismitheoirí a bhfuil a bpáistí ag freastal ar bhunscoileanna lán-Ghaeilge nó Béarla.

Tabharfar cabhair bhreise do pháistí ag teacht ó scoileanna Béarla ag tús na scoilbhliana má tá gá acu leis.

"Déanfaimid ár ndícheall le cinntiú go mbeidh an Gaelcholáiste ar fáil do gach páiste sa cheantar ar fhágáil na bunscoile dóibh," a deir an tUasal O'Regan. Thar ceann an choiste bunaithe, ghabh sé buíochas le gach éinne a bhí bainteach leis an bhfeachtas, ina measc siúd an an t-iar-Theachta Dála Batt O'Keeffe (le linn a ré mar Aire Oideachais), iar Theachta Dála Barry Cogan agus cathaoirleach Choiste Gairmoideachais Chontae Chorcaí, Barra Ó Briain. Tá tuilleadh eolais maidir le forbairt na scoile ar fáil ar an suíomh www.gaelcholaistecarrigaline.net.




Páistí ó Scoil na Fuiseoige i mBéal Feirste i láthair ag an agóid a eagraíodh lasmuigh de Stormont coicís ó shin.

## Scoil na Fuiseoige ar liosta Ruane

Le Meadhbh Ní Eadhra

TÁ an Roinn Oideachais ó thuaidh i ndiaidh an liosta iomlán de scoileanna atá faofa nó diúltaithe maidir le pleananna tógála, i dTuaisceart na hÉireann, a scaoileadh amach. Tá faomhadh tugtha do Scoil na Fuiseoige i mBéal Feirste in ainneoin gur cuireadh in iúl do lucht na scoile nach mbeadh siad ar an liosta.

Tá faomhadh tugtha do 34 scoil as 67. Deir an tAire Oideachais, Caitríona Ruane, áfach, nach bhfuil airgead ar fáil faoi láthair le tabhairt do na scoileanna, mura bhfaigheann sí maoiniú breise. Níl aon chinnteacht ann, mar sin, go mbeidh foirgnimh nua á dtógáil go luath do Scoil na Fuiseoige nó na scoileanna eile ar an liosta.

"Tá imní orm go bhfuil sé dosheachanta go mbeidh moill ar thógáil na scoileanna seo go ceann roinnt míonna eile. Go bunúsach, ní féidir scoileanna a thógáil gan an t-airgead," a deir an tAire Ruane.

"Beidh díomá ar go leor múinteoirí, tuismitheoirí, daltaí agus gobharnóirí mar gheall ar an mhoill seo. Beidh díomá orm féin freisin. Is ríléir go mbíonn an ráta ag ar féidir leis an Roinn scoileanna nua a thógáil ag brath go hiomlán ar na hacmhainní atá ar fáil. Ach bhí laghdú suntasach ar bhuiséad mo Roinne. Tá dualgas iontach dúshlánach orm anois maidir le hinfheistiú san eastát scoile."

Bhí agóid ar siúl ag Scoil na Fuiseoige lasmuigh de Stormont coicís ó shin. Tá siad ag fanacht trí bliana déag ar fhoirgneamh scoile.




Lucht Scoil na Fuiseoige lasmuigh de Stormont.

Coláistí Chorca Dhuibhne Teo.

Baile an Fheirtéaraigh, Trá Lí, Co. Chiarraí. Fón: 066-9156100, Facs: 066-9156348 R-Phost: cfcd@cfcd.ie

Coláistí Samhraidh

Áiteanna ar fáil sna Coláistí Samhraidh do dhaltaí 10 - 18 mbliana


30 Meitheamh - 22 Iúil
23 Iúil - 14 Lúnasa

### Óró mo Mhadra Beag



Ag seoladh an 'Allianz Pet Expo 2010' tá Nikita Fay (11) agus Kirsty Quinn (11) as Tamhlacht lena madraí Penny agus Dolly. GRIANGHRAF: SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND

## Crosfhocal 09.07.2010



### NODANNA

**TRASNA**

1 Gan an aird ná cúram cuí a thabhairt do ghnó éigin (6)
7 An duine atá i gceannas na hoibre (7)
8 An chéad chéim - leath na hoibre, deirtear (3)
10 An taobh eile ó chlé (4)
11 Tóg gan cead (4)
13 Bog siar - gluais i dtreo do dhroma (4)
14 Girseach, páiste baineann (5)
15 Fear draíochta, saghas sagart in Éirinn fadó (5)
18 An chuid atá fágtha ag an deireadh (6)
20 Baile, láthair uirbeach (7)
21 Bíonn sé san aer ag éirí as tine (7)
25 Gruaige (4)
27 Caoineadh (3)
28 An 'scór' a dhéanamh leibhéal, ach é a dhéanamh go mailíseach (7)
29 Duine gar duit, gur féidir leat a bhraith air nó uirthi (4)
30 Bréag, scéal nach bhfuil fíor (2)
32 Tharla sé seo in Éirinn idir 1845 go 1847 (5)

**SÍOS**

1 Seal, spás ama, an t-am a mhaireann rudaí (5)
2 Barúil, an tuairim nó smaoineamh atá agat (6)
3 Cuir rí thine, nó cuir solas ag obair (3)
4 Dóigh, bealach (4)
5 Rudolf, Bambi, Prancer mar shampla (3)
6 Treas, feall (5)
9 Brabús a chnuasaítear as airgead sa bhanc (2)
11 Gléas as a scaoiltear piléir (5)
12 Ó phointe amháin go pointe eile gan aon chasadh ná chlaonadh (7)
13 Píosa carraige, ábhar as a ndéantaí tithe fadó (5)
16 Foghlaim, teagasc, saíocht (5)
17 Suíonn marcach ar seo agus é ar dhroim capaill (8)
19 Ní, ábhar (3)
22 Cuir in ord (5)
23 Suíochán compordach gur féidir beirt nó triúr suí air (4)
24 Cen, céard (3)
25 Léisciúil, gan mórán fuinneamh (5)
26 Constaic, stop; cuir isteach air (3)
31 Gan a bheith aosta; aois ghasúir nó cailín (2)

**Crosfhocal**
02.07.2010



**Buaiteoir na Seachtaine seo:**
Anna Uí Chnáimhsí,.
An Ghlaisigh, Doire beaga,
Leitir Ceannainn.
Dún na nGall.

### Duais na seachtaine

Bronnfar rogha leabhar Gaeilge ar bhuaiteoir na seachtaine.
Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 14 Iúil, 2010 chuig:
Crosfhocal, Gaelscéal, An Chuasnóg, An Spidéal, Co na Gaillimhe.

Ainm ..........................................

Seoladh ..........................................

Uimhir Fóin..........................................

## Aire don Ailtireacht

GRIANGHRAF: MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND



**An tAire Máire Ní Ainiféin ag seoladh rannpháirtíocht na hÉireann sa taispeántas idirnáisiúnta ailtireachta ' La Biennale di Venezia'. Ina cuideachta tá Nathalie Weadick, Stiúrthóir Fhondúireacht Ailtireachta na hÉireann agus Eugene Downes, Príomhfheidhmeannach 'Culture Ireland'.**

# Ardú ar iarratais in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

**Le Meadhbh Ní Eadhra**

DE réir figiúirí a d'eisigh an Lár-Oifig Iontrála (CAO) i ndiaidh an spriocdháta d'athrú intinne ar an gcéad lá de mhí Iúil, tá ardú ollmhór tagtha ar an éileamh d'áiteanna in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tá méadú de 18% tagtha ar an mhéid iarratais céad rogha a rinneadh d'fhochéimeanna i nGaillimh le dhá bhliain anuas. Ag labhairt faoi na hiarratais ar fad atá á ndéanamh, deir an Dr. James Browne go bhfuil "éileamh dochreidte" ann faoi láthair.

"An fiche fochéim nua a chuir muid ar fáil le trí bliana anuas is cúis le cuid den éileamh seo," ar sé. "Chomh maith leis sin, tá réimse nua d'áiseanna spóirt, ealaíon agus léinn againn ar an gcampas. Déanann muid cinnte go bhfoghlaimíonn ár gcuid mic léinn ar bhealach atá bainteach leis an domhan mórthimpeall orthu."

Ar cheann de chúrsaí nua na hOllscoile tá Innealtóireacht Fuinnimh, cúrsa ar a bhfuil an-éileamh ar fad. Forbraíodh an cúrsa seo mar gheall gur iarr earnáil an fhuinnimh go gcuirfí níos mó innealtóirí fuinnimh ar fáil leis na scileanna cuí. Beidh Foirgneamh nua Innealtóireachta á oscailt an bhliain seo chugainn. Chosain an foirgneamh €40 milliún agus beidh sé ar an Scoil Innealtóireachta is mó sa tír.

Maidir le cúrsaí traidisiúnta na hollscoile, tá méadú de 25% tagtha ar iarratais ar an gcéim thráchtála le cúpla mí anuas. Tá ocht gcéim BA Connect san ollscoil faoi láthair. Is céimeanna sna Dána atá iontu seo ach amháin go bhfuil siad athraithe ionas gur cúrsaí ceithre bliana atá iontu, in ionad trí bliana.

Tugann sé sin deis do mhic léinn scileanna ar leith a fhorbairt agus nascanna a chothú leis an saol lasmuigh den champas.

Tá céim BA connect le Cearta Daonna, Scannánaíocht, Scríbhneoireacht Chruthaitheach agus go leor eile ar fáil anois. Faoi láthair, is í Ollscoil na hÉireann, Gaillimh an t-aon ollscoil in Éirinn atá ag cur céim ainmnithe ar fáil san eolaíocht mhuirí.

Dublin City University
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
DCU

**Scoláireachtaí €2,000 ar fáil!**
**MSc i nGnó agus i dTeicneolaíocht an Eolais**

Cúrsa suimiúil solúbtha ar bhonn páirtaimseartha.
Léachtaí 8 deireadh seachtaine sa bhliain.
Deiseanna gairme den scoth do chéimithe.

**Déan d'iarratas ar líne ag www.pac.ie roimh 31 Iúil 2010**
**Breis eolais: www.dcu.ie/fiontar fiontar@dcu.ie 01 700 5614**

*Táillí laghdaithe, agus scoláireachtaí ar fáil don MSc.*

Fiontar - *i lár an aonaigh i bhforbairt na Gaeilge*

# 9 I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa i Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **nuacht@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta ins na pictiúir agus cead faighte agat chun iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**



**Iar-iománaí na Gaillimhe, Gerry McInerney, ag seoladh shuíomh idirlín iomána CLG Bhéal an Mhuirthead**




**An tEalaíontóir Maurice Galway lena bhean Catherine, agus a gclann, Gabriel, Ri, Archie agus Lila Grace ag seoladh thaispeántas Maurice, 'Drying in the Rain' ag An Gailearaí, ar an bhFál Carrach, mar chuid d'Fhéile Ealaíne an Earagail.** GRIANGHRAF: EOIN MCGARVEY



**An Fidléir, Aoife O' Connor, Baile Átha Cliath ag casadh ag coirm-cheoil an Luain ag Scoil Samhraidh Willie Clancy.**
GRIANGHRAF: PETER LABAN



**Buachaill óg ag baint sult as Féile Chumas Óige i nGort a'Choirce ag an deireadh seach-**



**An Fidléir Antóin Mac Gabhann ag casadh ceol sráide ag Scoil Samhraidh Willie Clancy an tseachtain seo.** GRIANGHRAF: PETER LABAN



**An fliúiteadóir, Eibhlín De Paor, ag seinm ag an gcoirm cheoil fliúit agus feadóige ag Scoil Samhraidh Willie Clancy oíche Mháirt.**
GRIANGHRAF: PETER LABAN



**An Dr Margaret Bennett as Albain, le linn di léacht a thabhairt ag Scoil Samhraidh Willie Clancy faoi cheol agus amhránaíocht Thalamh an Éisc.** GRIANGHRAF: PETER LABAN.

# Ciall le haois: Pettachi i mbarr a réime!

Le Páidí Ó Lionáird

BA deacair a shamhlú go mbeadh seanfhondúir ar nós Allessandro Pettachi chun cinn i measc ráibirí an Tour de France i mbliana. Ní hé nach mbeadh muinín ag duine as an Iodálach láidir seo. Ní hé nach bhfuil go leor buaite ina shaol gairmiúil cheana aige ach anois agus fómhar a shaoil rothaíochta sroichte aige, é sé bliana is tríocha d'aois, ní rabhas ag súil go mbeadh sé in acmhainn an ceann is fearr a fháil ar mhór-uaisle na ráibe le blianta beaga anuas. Bheadh sé agus ina measc siúd a d'fhág sé ina dhiaidh bhí fear na toirní, Thor Hushovd na hIoruaidh agus an fhoireann Cervélo, Robbie McEwan ón fhoireann Katusha, Julian Dean ó Sky agus an té is mó acu ar fad, an Manannach Mark Cavandish, HTC Columbia, a bhuaigh sé staid anuraidh.

Seo a chéad Tour De France ag Pettachi le seacht mbliana anuas agus bíodh is gur bhuaigh sé staid sa Tour de Suisse, ceann sa Tour du Sardaigne agus dhá staid sa Tour de Reggio Calabria níos túisce i mbliana, seo a shéasúr is rathúla agus is léir go bhfuil rud éigin ag réiteach thar barr leis. Tá bóithre agus cosáin dhuirleogacha na gcéad trí staid tar éis cúpla íobartach a tharrac chucu féin.I measc na rothaithe mór le rá atá imithe as an imirt tá Christian Vandevelde, ceannasaí na foirne Garmin Transitions agus Frank Shleck, deartháir mór agus cúntóir do-sháraithe Andy ón fhoireann Saxo Bank.

Tá na hainmneacha móra eile fós ann áfach agus sinn ag díriú ar shliabhraon na nAlp. Tá Basso (Liquigas) agus Sastre (Cervélo) ar comh-chéim, tá Armstrong ag léiriú sár-theacht aniar. Tá Bradley Wiggins (Sky) agus Denis Menchov cothrom ach tá Nioclás De Róiste chun cinn orthu san ar fad agus é sa chéad dosaen gan aon stró ró-mhór air agus, toisc go bhfuil sé ina cheannaire foirne, beidh lántacaíocht aige chun é féin a chur chun cinn tuilleadh. Tá Contador (Astana) láidir, Andy Shleck (Saxo-Bank) tagtha chuige féin ach tá Cadel Evans ar fheabhas ar fad. Beidh sé deacair iad a scarúint óna chéile sna hAlpa gan ach an Col de la Madeleine ina shliabh HC (Haute Categorie - gan rangú) le caitheamh acu. D'fhéadfadh sé gur ins na Piréin a réiteofar Tour na bliana seo ós rud é go mbeidh an Col du Tourmalet le dreapadh faoi dhó acu.

Bhí go leor cainte agus cáineadh faoi chuid de na roghanna dar ghlac Christian Prudhomme, Stiúrthóir an Tour agus é ag leagan amach na staideanna éagsúla. Cáineadh é toisc gur chuir sé codanna den rás clasaiceach Liege-Baston-Liege san áireamh. Cáineadh é toisc gur bheannaigh sé do Eddie Merckx ar chéiliúradh a 65ú lá breithe sa Bhruiséil (in ainneoin nach raibh an dáta ceart acu) agus tá go leor cáineadh déanta ar a chinneadh an Tourmalet a dhreapadh faoi dhó, dhá lá as a chéile. Sílim go bhfuil formhór mór lucht a cháinte ciúnaithe aige anois áfach. Tá an Tour de France ar ais ag barr ardáin rásaí rothaíochta an domhain, mar is cóir.

Is féidir breith suas lena bhfuil ag tarlú gach lá den Tour beo, ar TG4.



Sky Ride Étape Hibernia" ag teacht go Co. an Chláir

## Rás rothaíochta dúnta in Éirinn

REÁCHTÁlfar an chéad rás rothaíochta dúnta in Éirinn i gContae an Chláir ag deireadh an tSamhraidh, " Sky Ride Étape Hibernia". Beidh lúthchleasaí na Breataine, Denise Lewis, a bhuaigh bonn óir sna cluichí Oilimpeacha i Sydney sa bhliain 2000, ag glacadh páirte sa heaptatlan chomh maith leis an fhear grinn PJ Gallagher.

Tá go leor poiblíochta déanta ar an rás anseo agus thar lear agus fógraíodh le déanaí go mbeidh na rothaithe proifisiúnta Iodálacha, Dario Cionin agus Davide Vigano ann. Tá sé i gceist go mbeidh suas le 2000 rothaí ag glacadh páirte sa rás a bheidh ar siúl ar an 22ú Lúnasa.

82 míle a bheidh orthu a dhéanamh, ag tosnú agus ag críochnú in Inis. Rachaidh an rás trí bhailte an Chláir, ina measc an Ruán, Cora Finne agus An Leacht.

Baileofar airgead ar mhaithe le carthanais a bhaineann le cúrsaí timpeallachta agus le faraoiseacha báistí na hAmasóine a chaomhnú.

Má tá dúil agat ann, tá tuilleadh eolais ar www.etapehibernia.com.




Beidh Neiptiún ag cur fáilte roimh Na Panters

## Na "Panthers" ag teacht go Corcaigh

LEANFAR leis na hullmhúcháin an deireadh seachtaine seo do chomórtas cispheile na hEorpa do chailíní faoi sé bliana déag nuair a bheidh foirne idirnáisiúnta agus forbartha na tíre seo ag imirt in aghaidh Shasana i gcluichí dúshláin i dTamhlacht, Baile Átha Cliath. Is i Skopje na Macadóine a bheidh Comórtas na hEorpa á reáchtáil i mbliana agus imreoidh cáilíní na hÉireann in aghaidh na Gearmáine ina gcéad chluiche, agus in aghaidh na hÚcráine agus Iosrael ina dhiaidh sin. Beidh an comórtas ar siúl ón 12ú-22ú Lúnasa.

Ina theannta sin, fograíodh go mbeidh foireann chispheile ó Ollscoil Phittsburg i Méiriceá ag teacht go Neiptiún i gCorcaigh ar an 30ú Iúil. Beidh na "Panthers" i gCorcaigh ar feadh dhá lá sula rachaidh siad ar aghaidh go Baile Átha Cliath agus Béal Feirste. Imreoidh siad in aghaidh fhoireann sinsir na hÉireann Dé Sathairn an 31 Iúil.

Tá cáil ar Ollscoil Phittsburg mar go bhfuil réaltaí móra ón ollscoil tar éis imirt san NBA, go dtí seo sé imreoir is fiche ar fad.

## Silverstone chun a bheith suimiúil

TAbharfaidh Jenson Button agus Lewis Hamilton, beirt atá ag foireann Formula 1 McLaren, aghaidh ar a chéile arís an deireadh seachtaine seo, ach is i Silverstone i Sasana a bheidh an Grand Prix. Dhá rás an duine atá buaite acu ach tá Hamilton sé phointe chun cinn ar Button agus muid leathbhealach tríd an séasúr. Taobh amuigh de Button agus Hamilton, tá triúr eile a bhfuil seans ceart fós acu ar an Chraobhchomórtas: Sebastian Vettel, Mark Webber agus Fernando Alonso. Bhuaigh Lewis Hamilton an comórtas seo in 2008 agus b'é Jenson Button a bhuaigh anuraidh é. Beidh na babhtaí cáilithe ar siúl Dé Sathairn agus an rás mór ar an Domhnach ag tosnú ag a 12.00i.n.

# Domhnach Chraobh Iomána na Mumhan buailte linn



Le John Allen

An deireadh seachtaine seo táimid tagtha chuig ceann d'ócáidí móra spóirt na tíre. Sea tá Domhnach Chraobh Iomána na Mumhan buailte linn. I mo thuairim seo é an dara lá is mó i bhféilire iomána na bliana. Agus cad é mar choimhlint atá romhainn. Le deich mbliana anuas tá Corcaigh agus Port Láirge i ndiaidh raidhse mhór sárchluichí a imirt.

Cé a dhéanfaidh dearmad ar John Mullane ag fágáil na páirce tar éis cárta dearg a fháil i gcraobh '04. Cé a thabharfadh seans do na Déisigh agus an chuid is mó den dara leath fágtha? Ach bhí an lá leo le cabhair ollmhór an laoich Ken McGrath.

An bhliain ina dhiaidh sin chasadar ar a chéile dhá uair. Bhuaigh Corcaigh an chéad cluiche. Is cuimhin liom bheith ag ithe dinnéir sa bhaile nuair a deineadh an tarraingt do chluichí ceathrú ceannais na hÉireann. Is beag nár chuaigh an bia le m'anáil nuair a cuireadh Corcaigh agus Port Láirge le chéile uair amháin eile. Ba é sin mo chéad bhliain mar bhainisteoir ar leaids cois Laoi agus ní raibh na Déise ag teastáil an dara huair, geallaimse duit. Ach bhuaigh Corcaigh an ceann sin arís agus arís eile an bhliain dár gcionn. Ach ó shin i leith tá an lámh in uachtar ag na Déisigh.

Tagann na foirne le chéile arís an Domhnach beag seo agus iad cothrom go leor ó thaobh caighdeán agus meascán imreoirí de. Ó thaobh aois na foirne de tá chuid maith taithí ag an dá thaobh.

Tagann Corcaigh isteach sa chluiche agus dhá chluiche imeartha acu. Bhíodar go hiontach i gcoinne Thiobraid Árann sa chéad cheann ach tá sé deacair iad a mheas i ndiaidh a mbua éasca ar fhoireann lag Luimnigh i bPáirc Uí Chaoimh.

Chuir An Clár chuid maith ceisteanna ar na Déise cúpla seachtain ó shin. I ndiaidh dhroch-thaispeántas na craoibhe sraithe ní rabhamar ag súil le mórán ó fhoireann Ger O'Loughlin. Ach bhíodar chomh maith le Port Láirge do thrí cheathrú den leathchraobh. Is iad na seanfhondúirí a rinne an difríocht i ndeireadh na dála, go háirithe Declan agus Seamus Prendergast . Ach is dóigh liom nár cheap muintir na Déise go mbeadh an Clár chomh maith san. Tá sé an-deacair ullmhú i gceart do chluiche nuair atá gach duine ag rá go bhfuil tú chun é a bhuachan pé rud a tharlaíonn. Is dóigh liom go raibh an locht sin ag cur isteach ar fhoireann Davy Fitz an lá sin agus go mbeidh siad i bhfad níos fearr ar an Domhnach.

**Braitheann a lán ar conas a láimhseálann siad Aisake Ó hAilpín. Cé go bhfuil an-fhoireann ag na Déise le deich mbliana anuas ní raibh lánchúlaí údarásach acu riamh. Bhí tionchar mór ag an fhathach Ó hAilpín ar chéad chluiche Chorcaí agus má éiríonn leis an fhoireann cois Laoi an sliotar a sheoladh isteach chuige go luath agus go minic, tá níos mó ná seans ann go Port Láirge i dtrioblóid.**

Braitheann a lán ar conas a láimhseálann siad Aisake Ó hAilpín. Cé go bhfuil an- fhoireann ag na Déise le deich mbliana anuas ní raibh lánchúlaí údarásach acu riamh. Bhí tionchar mór ag an fhathach Ó hAilpín ar chéad chluiche Chorcaí agus má éiríonn leis an fhoireann cois Laoi an sliotar a sheoladh isteach chuige go luath agus go minic, tá níos mó ná seans ann go mbeidh Port Láirge i dtrioblóid. Smaoinigh freisin go bhfuil fathach eile, Michael Cussen, i measc na bhfear ionaid ag Corcaigh .

Ta ráflaí ann nach bhfuil "form" John Mullane ar fheabhas ag traenáil le déanaí ag na Déise. Caithfidh go mbeidh Mullane agus Eoin Kelly ar bharr a maitheasa chun go mbeidh seans réasúnta acu.

Ceapaim féin go bhfuil Corcaigh níos láidre ar fud na páirce agus go mbeidh sé deacair ar na Déise an lámh in uachtar a fháil orthu. Má éiríonn leis na Déise cosc a chur ar Ó hAilpín, Ben O'Connor agus Partick Horgan beidh seans acu. Ach má ligtear do Chorcaigh greim a fháil ar an gcluiche, mar a rinneadar i gcoinne Thiobraid Árann, ní bheidh ach toradh amháin ann .

Ach tá mé ag súil le dian-choimhlint idir dhá fhoireann a bhfuil súil acu ar an tslí is gaire do Chraobh na hÉireann a bhaint amach níos déanaí sa bhliain.

Thug Tiobraid Árann comhartha dúinn nach bhfuil siad críochnaithe fós. Tosach maith déanta acu i gcoinne lagiarracht Loch Garman agus ní bheidh aon fhoireann ag súil le himirt ina gcoinne sa chéad chluiche eile. Is maith a fheiceáil go bhfuil súil Lar Corbett géar arís agus dhá chúl aige sa chluiche.

Ach an cheist mhór iomána fós ná an mbeidh aon fhoireann ábalta stop a chur le Cill Chainnigh i mbliana? Ar fhianaise an Domhnaigh seo caite beidh sé deacair .

Beir Bua

## SÚIL ar an liathróid

**Dé Sathairn 10ú Iúil**
**Peil- Babhtaí Cáilithe a dó**

**Gaillimh v Loch Garman**
Staid an Phiarsaigh @ 2.00i.n.

Gaillimh ag iarraidh an díomá in aghaidh Shligigh a chur taobh thiar díobh. Dabht mór faoi Michael Meehan ach seans go mbeidh Nicky Joyce ag imirt. Seo an chéad uair ó 1925 a bheidh an dá fhoireann seo ag imirt in aghaidh a chéile sa chraobh.
Bua: Gaillimh

**Corcaigh v An Cabhán**
Páirc Uí Chaoimh @ 3.00i.n.
Cluiche deacair don Chabhán anseo as baile. Tá dabht mór ag Corcaigh faoi Dhonncha O'Connor agus Paul Kerrigan ach seans go mbeidh John Miskella ag imirt am éigin sa chluiche den chéad uair an séasúr seo. Ní bheidh Eoin Cadogan leo mar gheall ar Chluiche Ceannais Iomána na Mumhan an lá dár gcionn. Níl mórán muiníne ag na geallghlacadóirí as an Chabhán le geall 8/1 le fáil ina n-aghaidh. Beidh an Cabhán gan David Givney, Mark McKeever agus Lorcan Mulvey ach seans maith go mbeidh Seánie Johnston ábalta tosnú agus tá Paul Brady ar ais ó Mheiriceá.
Bua: Corcaigh

**Uíbh Fhailí v Port Láirge**
Páirc Uí Chonchúir @ 5.00i.n.
Ní raibh séasúr iontach ag Uíbh Fhailí ach thaispeáin siad carachtar chun teacht ar ais in aghaidh an Chláir coicís ó shin. Chaill Port Láirge in aghaidh Luimnigh sa Chraobh ach ba chóir go mbeidh Uíbh Fhailí ró-láidir do Phort Láirge.
Bua: Uíbh Fhailí

**An Iarmhí v Doire**
Páirc Uí Chíosóig @ 5.00i.n.
Ní bheidh Fergal Doherty ar fáil do Dhoire mar gheall ar ghortú gualainne ach tháinig Patsy Bradley ar ais chuig traenáil le linn na


Davy Fitzgearld ag smaoineamh faoi Chorcaigh

seachtaine. Tá Derek Heavin fós san ospidéal mar gheall ar dhrochghortú glúine.
Bua: Doire

**Baile Átha Cliath v Tiobraid Árann**
Páirc an Chrócaigh @ 6.00i.n.
Seo an chéad uair ó 2004 atá Baile Átha Cliath sna babhtaí cáilithe. Ní raibh éinne ag súil leis an slad a fuair siad in aghaidh na Mí agus beidh go leor oibre le déanamh ag Pat Gilroy chun muinín na foirne a ardú. Beidh sé spéisiúil a fheiceáil an dtiocfaidh lucht tacaíochta Átha Cliath amach fosta. Go leor le déanamh acu ach ba chóir go mbeadh siad róláidir sa bhaile do Thiobraid Árann.
Bua: Baile Átha Cliath

**Cill Dara v Liatroim**
Droichead Nua @ 7.00i.n.
Thaispeáin Cill Dara clisteacht, neart agus gluaiseachtaí maithe in aghaidh Aontoma sa chluiche athimeartha. D'aimsigh Johnny Doyle 1-6 sa chluiche sin agus fuair Kieran McGeeney an-taispeántas óna fhoireann. Seo cluiche an-deacair ag Liatroim agus iad ag taisteal as baile. Níl cluiche ón bhabhta cáilithe buaite ag Liatroim ó thosaigh foirne ag dul isteach tríd an chúldoras in 2001. Ní dóigh liom go dtarlóidh sé amárach ach an oiread.
Bua: Cill Dara

**An Dún v An Longfort**
Páirc Esler @ 7.00i.n.
Seans go mbeidh an cluiche seo cothrom go leor. Chuir an Longfort go leor iontais ar dhaoine nuair a bhuaigh siad ar Mhaigh Eo le pointe amháin sa chéad bhabhta cáilithe. D'imir an Dún thar barr don chéad fiche bomaite in aghaidh Thír Eoghain ach stop siad ag imirt ansin. Is cúis imní é sin do James McCartan. Beidh Damian Rafferty in ann imirt ach tá dabht faoin chosantóir Brendan McArdle (teannán na hioscaide).
Bua: An Dún

**Iomáint**
**Babhtaí Cáilithe a dó**
**Baile Átha Cliath v An Clár**
Páirc an Chrócaigh @ 4.00i.n.
Níor imir Baile Átha Cliath go maith in



Alan McCrabbe in aicsin

aghaidh Chill Chainnigh agus beidh Anthony Daly ag iarraidh taispeántas níos fearr agus níos fisiciúla óna fhoireann.
Tá foireann óg ag an Chlár le cuid den fhoireann f-21 a bhuaigh Craobh na hÉireann anuraidh ag imirt. Tá dabht mór faoi cheann de na himreoirí sin Nicky O'Connell mar gheall ar ghortú droma.
Bhí an-taispeántas ag an Chlár in aghaidh Phort Láirge i gCraobh na Mumhan agus seasfaidh sin dóibh amárach.
Bua: An Clár

**Uíbh Fhailí v Luimneach**
Páirc Uí Chonchúir @ 7.00i.n.
Tá feabhas thar cuimse tagtha ar Uíbh Fhailí i mbliana. Sheachain siad dícháiliú ó roinn a haon agus bhí dhá chluiche den scoth acu in aghaidh na Gaillimhe. Gan dabht, beidh ardmhuiníin sa champa. Cé gur chaill Luimneach in aghaidh Chorcaí, d'imir siad níos fearr ná mar a bhí daoine ag ceapadh. Ach seo dúshlán mór eile dóibh agus seans maith gurbh é seo an cluiche deireanach a bheidh ag Justin McCarthy.
Bua: Uíbh Fhailí

**Dé Domhnaigh 11ú Iúil**
**Cluiche Ceannais Peile Chúige Laighean**
**Páirc an Chrócaigh @ 2.00i.n.**
**An Mhí v Lú**
Bhí captaen na foirne Nigel Crawford ar an fhoireann a bhuaigh Craobh Laighean in 2001, an bhliain dheireanach gur bhuaigh an Mhí an chraobh seo. Caithfidh Lú dul níos faide siar go 1957, nuair a bhuaigh siad Corn Delaney.

Níl aon ghortú ag cur isteach ar Chontae Lú ach braitheann go leor ar an dóigh a gcuirfidh an lá mór isteach orthu. Beidh siad ag súil le hardtaispeántas ó Colm Judge, Paddy Keenan agus JP Rooney. Tá tosaithe den scoth ag an Mhí le Cian Ward, Joe Sheridan agus Stephen Bray ach bheinn buartha faoi chosaint Lú. Seans maith go dtosnóidh Crawford atá ar ais tar éis gortú.
Bua: An Mhí (Go drogallach)


Stevie McDonnell, Ard Mhacha

**Cluiche Ceannais Iomána na Mumhan**
**Staid Semple @ 4.00i.n.**
**Corcaigh v Port Láirge**
Níor cheap mórán daoine ag tús na bliana go mbeadh Corcaigh i gCluiche Ceannais na Mumhan. Níl mórán cainte déanta ag na foirne roimh an chluiche seo agus an bheirt bhainisteoir ag iarraidh rudaí a choinneáil ciúin. Tá roinnt gortuithe ag cur isteach ar Phort Láirge ach b'fhearr le Davy Fitzgearld gan faic a rá fúthu ag an phointe seo. Má bhíonn Corcaigh in ann imirt chomh maith is a d'imir siad in aghaidh Thiobraid Árann, seans go mbeidh an lá leo ach ní bheidh mórán idir na foirne.
Bua: Corcaigh

**Peil: Babhtaí Cáilithe- Babhta 2**
**Fear Manach v Ard Mhacha**
Páirc Brewster @ 4.00i.n.
Ní bhíonn riamh mórán idir na foirne i gCúige Uladh ach le Gareth Swift agus Jamie Clarke ag tógáil cuid den bhrú ó Stevie McDonnell ba chóir go mbeadh siad níos láidre ná Fear Manach.
Bua: Ard Mhacha.

# Corn an Domhain beagnach thart

Le Gráinne McElwain

SULAR thosaigh an comórtas, bhí an chaint uilig ar thíortha Mheiriceá Theas ach anois tá siad uilig imithe abhaile agus tá an bhéim ar stíl peile na hEorpa. Tabharfaidh an Spáinn agus an Ísiltír aghaidh ar a chéile chun an duais is mó peile ar domhan a bhaint agus ar ndóigh stair a chruthú dóibh féin. Seo an chéad uair ag an Spáinn a bheith san iomaíocht i gCluiche Ceannais Chorn an Domhain agus cé go raibh an Isiltír ann i 1974 agus 1978, ní raibh an lá leo. Beidh ainm nua mar sin ar an Chorn nuair a thiocfaidh deireadh leis an chomórtas mór seo tar éis míosa ar an Domhnach i Johannesberg.

Ag féachaint siar ar an chomórtas, bhí cluichí idir mhaith agus olc againn agus mar is gnách bhí áibhéil mhór ag gabháil le cuid de na foirne agus imreorí móra. Ba chúis mhór díomá Sasana agus níor las Wayne Rooney, Ronaldo, Kaka, Messi ná Torres suas ar an ardán peile is mó ar domhan. Ach mar sin féin tá an dá fhoireann is fearr fríd go dtí an Cluiche Ceannais. Bhuail an Isiltír an Bhrasaíl ar a mbealach agus fuair siad an lámh in uachtar ar Uragua Dé Máirt le bua 3-2 sa gCluiche Leathcheannais. D'aimsigh captaen na foirne Giovanni Van Bronckhorst an chéad chúl agus tá sé ar intinn aige éirí as i ndiaidh an chomórtais seo. Fuair Wesley Sneijder agus Arjen Robben na cúil eile don Isiltír.

Caithfear a rá go bhfuil an-fhoireann ag an Spáinn. Tá siad cumasach ag dul ar ruathair, ag pasáil na liathróide agus go háirithe ag coinneáil seilbh ar an liathróid. B'fhéidir gur locht é seo fosta nach dtógann siad a gcuid seansanna agus chonacthas é sin seo go géar in aghaidh na Gearmáine nuair nár phasáil Pedro an liathróid chuig Torres a bhí os comhair cúil. Ba é fathach Bharcelona Carles Puyol laoch na himeartha dóibh sa Chluiche Leathcheannais le cúl den scoth aige ó chic cúinne agus é ag úsáid a chloiginn. Bhí go leor daoine á mhaoimh go raibh seampíní na hEorpa chun Corn an Domhain a bhaint agus tá an-seans acu ar an Domhnach.

Maidir leis an Isiltír, tá sé tuillte acu go bhfuil áit bainte amach acu sa Chluiche Ceannais. Níl aon chluiche caillte acu sa chomórtas go dtí seo agus tá 12 chúl scóráilte acu. Is tír reasúnta beag í an Isiltír agus cé go ndeirtear nach bhfuil an fhoireann seo chomh maith leis na foirne a bhí ann i 1974 agus 1978, táim cinnte nach bhfuil an chomparáid ag cur isteach ar na himreoirí seo. B'fhéidir nach bhfuil imreoir cosúil le Johann Cruyff acu ach tá imreoirí ar nós Arjen Robben, Van Persie agus Sneijder acu atá ag tarraingt le chéile agus atá ag iarraidh na taibhsí ó na blianta a chuaigh thart a chur ina luí faoi dheireadh. Rud spéisiúil chomh maith ná go bhfuil David Villa agus Wesley Sneijder ar chúig chúl an duine. Tá na geallghlacadóirí ag rá go gcríochnóidh David Villa le níos mó cúl ná éinne eile ach mar a tharlaíonn go minic sa chomóras seo ní mar a shíltear a bhítear!



Sergio Ramos na Spáinne

## Comórtas Gailf JP McManus

GRIANGHRAF: MATT BROWNE / SPORTSFILE



Darren Clarke, buaiteoir Chomórtas Gailf Pro-Am JP McManus in Áth Dara i rith na seachtaine.

## Cúnna Chrois Araild ar fud na Cruinne!

Le Roisín Ní Ealaí

CRAOLFAR don chéad uair riamh rásaí con Éireannacha ar an ngréasán domhanda ó Pháirc na gCon i gCrois Araild tráthnóna Dé hAoine, 16ú Iúil.

Craolfar an chraobh cheannais i gCorn Gain Chú Chulainn ar fud an domhain ón bpáirc stairiúil ar shuíomh RTÉ ó 9.00i.n.-10.00.i.n.

Faoi láthair, tá suíomh gréasáin Bhord na gCon, ag dul ó neart go neart. Idir lucht leanúna náisiúnta agus idirnáisiúnta, bíonn go leor éilimh ar an nuachtán ar líne 'Talking Dogs' agus ar na físeáin sa chartlann atá acu. Bíonn daoine ó chian agus ó chóngar ag leanúint Bhord na gCon ar an líonra sóisialta 'Facebook' agus ar an suíomh www.igb.ie. "Sheol duine teachtaireacht chugainn ó Mheiriceá Theas a rá go mbíonn siad ag éisteacht leis na rásaí ar an idirlíon," a deir Orla Strumble, Ceannasaí Margaíochta, Bord na gCon.

Tá Bord na gCon ag déanamh taighde ar cé chomh mór agus atá an lucht leanúna idirnáisiúnta do rásaíocht chon na hÉireann chomh maith. "Bhí an-éileamh ar líne ar Dhearbaí na gCon, atá ar fáil ar an 'Realplayer' ar shuíomh RTÉ. Mar sin, shocraíomar le RTÉ na himeachtaí i gCrois Araild a chraoladh beo," a deir Orla Strumble.

# Willie Joe mar bhainisteoir ar pheileadóirí Mhaigh Eo?

Le Piaras Ó Raghallaigh

TÁ suim léirithe ag iar-pheileadóir Mhaigh Eo Willie Joe Padden i bpost an bhainisteora ar pheileaodóirí Mhaigh Eo. Dúirt sé an tseachtain seo nach raibh an t-am aige roimhe seo le tabhairt faoi ach gur bhreathnaigh sé air anois mar dhúshlán nua.

Dúirt sé gur chreid sé go bhfuil an mianach fós i bpeileadóirí Mhaigh Eo le Craobh na hÉireann a thabhairt go dtí an chontae agus go raibh suim aige cabhru leo. "Tá an-suim agam sa pheil agus bím ag cluiche gach deireadh seachtaine.

Ní raibh an t-am agam roimhe seo m'ainm a ligint chun cinn agus bheadh an-suim agam i bpost bainstíochta leis an chontae" a dúirt sé.

D'imir Willie Joe le Maigh Eo ó 1977 go dtí 1993. Bhuaigh sé 5 Chraobh Chonnachta sa tréimhse sin, chomh maith le dhá réalta All-Star i 1985 agus 1989.

D'imir sé i gCluiche Ceannais na hÉireann i gcoinne Chorcaí i 1989, an chéad uair a bhí Maigh Eo i gcluiche ceannais na hÉireann ó 1951. Tá mac Willie Joe, Billy Joe Mac Pháidín, ag imirt le foireann Mhaigh Eo faoi láthair.

D'éirigh John O'Mahony as a phost mar bhainisteoir ar pheileadoirí Mhaigh Eo tar éis dóibh cailleadh i gcoinne an Longfoirt coicís ó shin. I measc na ndaoine eile atá luaite le post an bhainisteora tá Mick O'Dwyer, Noel Connelly, Liam McHale agus Ray Dempsey.

Tá sé tugtha le fios ag Coiste Bainistíochta Mhaigh Eo nach mbeidh aon chinneadh á dhéanamh acu go mbeidh athbhreithniú iomlán déanta acu ar chúrsaí peile sa chontae.




Willie Joe Padden agus John O'Mahony

# SPÓRT

Déan teagmháil linn ag **sport@gaelsceal.ie**

Gaelscéal
● 09.07.2010




**Paul Hession ag súil le bonn óir eile**

# Seantrabh ag cur fáilte roimh lúthchleasaíocht



**Le Gráinne McElwain**

Feicfear David Gillick, Derval O'Rourke agus Paul Hession ag rith an deireadh seachtaine seo i gComórtas Náisiúnta Lúthchleasaíochta na hÉireann atá urraithe ag Woodies DIY.

Seo an seans deireanach a bheidh ag iomaitheoirí nach bhfuil na hamanna cáilithe bainte amach acu chun cáiliú do Chraobhchomórtas na hEorpa a bheidh ar siúl ag deireadh na míosa seo.

Ainmneofar na luthchleasaithe a bheidh ag dul go Barcelona tar éis an deireadh seachtaine seo.

"Beidh suas le 500 duine ag glacadh páirte sa Chraobhchomórtas an deireadh seachtaine seo" a deir Aoife Hoey ó Chumann Luthchleasaíochta na hÉireann "agus tá líon na ndaoine ardaithe le roinnt bliana. Léiríonn sé an t-ardchaighdeán atá sa chomórtas seo".

"Chomh maith leis sin, tugann sé seans iontach do na luthchleasaithe feabhas a chur ar a gcuid amanna féin".

Ár ndóigh le Crobhchomórtas na hEorpa ag teacht aníos, an bhfuil mórán luthchleasaithe ann nach bhfuil na hamanna a theastaíonn faighte acu go fóill?

" Tá cúpla luthchleasaí a bheidh faoi bhrú an deireadh seachtaine seo ach ní bheadh sé féaráilte ainmneacha na ndaoine sin a lua ag an bpointe seo" a deir Aoife.

Faoi láthair, is é Paul Hession an dara duine is tapúla san Eoraip sa 200m agus is comhartha maith é sin dó agus Craobh na hEorpa ar siúl i gceann coicíse.

Tháinig Hession sa chéad áit le Brendan Christian as Antiguan i gCorcaigh an deireadh seachtaine seo caite agus fiú le teicneolaíocht, ní raibh na hoifigí in ann iad a scarúint óna chéile. Mar sin tháinig an bheirt acu sa chéad áit i 20.17 soicind.

Beidh Derval O'Rourke ag rith i mBarcelona an Aoine bheag seo agus ansin ag teacht abhaile dá comórtas féin sa chliathrás 100m.

Beidh Craobhchomórtas na hEorpa ar siúl i mBarcelona idir an 26ú Iúil agus an 1ú Lúnasa agus beidh suas le 33 duine as Éirinn idir luthchleasaithe agus fhoireann tacaíochta ag dul ann.